# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017




Comhairle Contae Chill Chainnigh, Halla an Chontae,
Sráid Eoin,
Cill Chainnigh
R95 A39T

(T) +353 (0) 56 7794000
(F) +353 (0) 56 7794004
info@kilkennycoco.ie
www.kilkennycoco.ie

# CLÁR


Ráiteas an Chathaoirligh ..... 1
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh ..... 2
Éachtaí Suntasacha sa bhliain 2017 ..... 4
Uiríll Toghcháin ..... 7
Cruinnithe na Comhairle ..... 8
Ócáidí & Imeachtaí Cathartha 2017 ..... 15

Seirbhísí Corparáideacha ..... 17
Cumarsáid & Meáin Shóisialta 2017 ..... 20
Sceideal na nImeachtaí Oiliúna - Comhaltaí ..... 22
Acmhainní Daonna ..... 25
Iniúchadh Inmheánach ..... 26
Bóithre & Iompar ..... 27
Seirbhísí Uisce ..... 32

Tithíocht ..... 36
Pobal ..... 39
Seirbhísí Leabharlainne ..... 43
Ealaíona ..... 46
Oidhreacht ..... 47
Seirbhísí Dóiteáin & Mór-Éigeandálaí ..... 51
Cosaint Shibhialta ..... 54

Pleanáil & Forbairt ..... 55
Comhshaol ..... 57
Cáilíocht Uisce & Rialú ar Thruailliú ..... 60
Éifeachtúlacht Fuinnimh, Caomhantas & Athrú Aeráide ..... 62
Páirceanna & Taitneamhachtaí ..... 64
Forbairt Eacnamaíochta ..... 67
An Oifig Fiontair Áitiúil ..... 70
Turasóireacht, lena n-áirítear Tacaíocht d'Fhéilte ..... 73
Seirbhísí Tréidliachta ..... 74
LAWCO ..... 76

Airgeadas ..... 78
Tábla Airgeadais ..... 79
Tionscadail Speisialta ..... 80

## RÁITEAS MISIN

***"Tá sé mar chuspóir ag Comhairle Contae Chill Chainnigh oibriú i gcomhpháirtíocht le Muintir Chill Chainnigh agus leis na gníomhaireachtaí ábhartha chun seirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh agus chun forbairt inmharthana gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha a chur chun cinn le***

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



Is mór an phribhléid dom an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2017 a chur i láthair. Sa tuarascáil seo, tugtar mionsonraí faoin raon fairsing seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Contae Chill Chainnigh do mhuintir Chathair agus Chontae Chill Chainnigh. Tá ról tábhachtach againne sa Chomhairle maidir le croísheirbhísí riachtanacha a sholáthar, amhail seirbhísí tithíochta, bóithre, uisce, dóiteáin agus éigeandála agus maidir le tacaíocht a thabhairt do phobail áitiúla trí na feidhmeanna ealaíon, oidhreachta, caomhantais, leabharlainne, agus pobail agus fiontaraíochta.

Mar fhreagairt ar an ngéarchéim mhéadaitheach i réimse na tithíochta, chuir mé Tascfhórsa Teaghaisí ar bun i rith na bliana agus cuimsíonn an grúpa sin comhaltaí tofa agus daoine den fhoireann tithíochta. D'oibríomar le chéile chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le cóiríocht bhreise a bhfuil géar ghá leis a chur ar fáil ar bhonn práinne.

I mí Bhealtaine 2017, d'óstáil Cill Chainnigh cuairt ó dhaoine de chuid rítheaghlach na Breataine. A Mhórgacht Ríoga, an Prionsa Charles, agus a Mórgacht Ríoga, Bandiúc Chorn na Breataine, Camilla Parker Bowles. Bhí fáiltiú cathartha ann i gCaisleán Chill Chainnigh dá Mórgachtaí Ríoga. Chaith siad lá ar cuairt i gCathair Chill Chainnigh agus i mBaile Mhic Andáin.

I rith na bliana rinneadh Músaem nua na Míle Órga, atá lonnaithe in Eaglais athchóirithe Mhuire, a oscailt go hoifigiúil. Beidh an músaem sin ina thaitneamhacht bhreise do thurarsóirí a thagann ar cuairt go Cill Chainnigh.

Tá sé de rún ag an gComhairle seo tarraingteacht Chill Chainnigh mar ionad sármhaith ó thaobh na thurasóireachta a uasmhéadú agus tá sí meáite ar gach deis a thapú chun Cill Chainnigh a chur chun cinn mar áit chun cónaí nó obair a dhéanamh ann nó chun cuairt a thabhairt air. Rinneadh cuid mhór dul chun cinn ar Cheathrú Chruthaitheachta na Mainistreach Rinneadh an obair ar dhearadh mionsonraithe le haghaidh athfhorbairt Fhoirgnimh Mayfair agus na Grúdlainne agus, chomh maith leis sin, le haghaidh na Páirce Líní, a chur ar aghaidh sa bhliain 2017. Tá mé ag tnúth le críochnú na dtionscadal sin agus le Ceathrú Chruthaitheachta na Mainistreach a bheith ina mol i gcomhair gníomhaíocht eacnamaíochta, ina ionad fostaíochta do chuid mhór daoine, ina heispéireas breise dár gcuid cuairteoirí agus ina háit a dtugtar áit dúchais air.

Mar thoradh ar mhaoiniúchán atá leithroinnt faoi roinnt scéimeanna, amhail Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte, CLÁR etc, tá spreagadh a bhfuil géarghá leis tugtha dá bpobail bheaga.

Gabhaim buíochas leis na Comhaltaí tofa go léir a fhónann ar na coistí agus ar na fochoistí éagsúla de chuid na Comhairle. Oibríonn siad go dúthrachtach ar mhaithe le gnó na Comhairle agus ar mhaithe le hionchur a chur ar fáil i leith nithe is díol spéise ar leith agus is díol spéise ginearálta dóibh ar na coistí. Déantar an raon forleathan gnó a phléitear agus a chinntear a leagan amach sa tuarascáil agus is teist an méid sin ar a ndúthracht agus ar an tseirbhís a sholáthraíonn siad.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine d'fhoireann na Comhairle as a gcuid oibre do mhuintir Chill Chainnigh. Molaim a dtiomantas agus a ndúthracht agus táimid ag tnúth le dul chun cinn leanúnach, agus sinn ag obair i gcomhar le gach duine de mhuintir Chill Chainnigh chun áit níos fearr le cónaí ann, le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt air a dhéanamh de Chill Chainnigh.

Cé go raibh tréimhse an-deacair ann le tamall anuas agus go bhfuil tionchar á imirt ag an gcúlú

eacnamaíochta ar go leor daoine i gcónaí, tá méadú beag ann i dtaca le gníomhaíocht eacnamaíochta. Is féidir le Cill Chainnigh a bheith ag súil leis an mbliain 2018 mar bhliain ina gcuirfear cuid mhór tionscadal tábhachtach i gcrích agus ina gcuirfear tús le tionscadail nua.

**An Comhairleoir**
**David Fitzgerald,**
**Cathaoirleach**.

# RÁITEAS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH



Is cúis sásaimh dom a bheith luaite leis an Tuarascáil Bhliantúil seo don bhliain 2017 ina dtugtar tuairisc faoin raon forleathan seirbhísí atá á gcur ar fáil go díreach nó go neamhdhíreach ag an gComhairle seo. I gcorp na tuarascála, leagtar amach na gníomhaíochtaí éagsúla agus na seirbhísí agus na tionscadail bhonneagair a raibh baint ag Comhairle Contae Chill Chainnigh leo.

Is mian liom aird a tharraingt ar na buaicphointí seo a leanas a bhaineann leis an mbliain 2017:

- Oscailt Mhúsaem na Míle Órga in Eaglais Mhuire.
- Oscailt na Scéime Lárnaí Rochtana agus Dhroichead Naomh Proinsias.
- Athfhorbairt láithreán gréasáin *Invest Kilkenny* agus ábhar poiblíochta.
- Seoladh láithreán gréasáin *Taste Kilkenny,* físeán agus íomhánna.
- An dara féile Yulefest ar éirigh go maith leis.
- Cuireadh dearadh mionsonraithe chun cinn le haghaidh fhoirgnimh Mayfair agus na Grúdlainne agus le haghaidh na Pairce Líní. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an obair ar na tionscadail sin sa bhliain 2018.
- Rinneadh dul chun cinn maidir leis na pleananna le haghaidh athfhorbairt Theach Evans mar ionad le haghaidh Ghailearaí na mBuitléireach agus tá an obair le tosú sa bhliain 2018.
- Chuir Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Comhlachtaí Deonacha 80 aonad breise ar fáil.
- Íocadh 264 dheontas tithíochta ina raibh luach €1.86m chun tithe a oiriúnú
- Bunaíodh Grúpa Oibre Athlonnaíochta i leith Chlár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe.
- Rinneadh an Gairdín Geimhridh i gCluain Dúin a athbhunú go páirteach trí mhaoiniúchán REDZ a úsáid.
- Cuireadh tús le hobair thógála i ndáil le stáisiún dóiteáin nua i nGráig na Manach.
- Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis na hoibreacha ar Athailíniú Bhóthar Challainn.
- Cuireadh tús le tionscadal píolótach ar iarfheistiú soilse poiblí trí úsáid a bhaint as maoiniúchán le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh.
- Soláthraíodh maoiniúchán €1.1m do Choistí faoi thionscnaimh éagsúla amhail an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, RAPID, Éire Shláintiúil etc.
- Leithroinneadh €115,160 le haghaidh 3 thionscadal faoi Chlár CLÁR 2017 (CLÁR - Ceantair Laga Ard-Riachtanais)
- Fuarthas maoiniúchán deontais €129,000 le haghaidh teicneolaíocht féinseirbhíse sna Leabharlanna.
- Dámhadh maoiniúchán deontais €5.4m faoi LIHAF le haghaidh 2 thionscadal in Iarthar Chathair Chill Chainnigh agus i bPort an Chalaidh.
- Soláthraíodh €105,000 d'fhéilte sa Chathair agus sa Chontae.
- Soláthraíodh €300,000 do ghrúpaí faoi Scéim na nDeontas Pobail agus Cultúir.
- Glacadh Plean Ceantair Áitiúil Phort an Chalaidh.
- Glacadh an Straitéis Turasóireachta 2017 - 2022.
- Cuireadh tús le hobair ar Phlean Baile Aoisbhá Bhaile Mhic Andáin.
- Seoladh 98 n-imeacht le linn Sheachtain na hOidhreachta.
- Freagairt inniúil i leith Stoirm Ophelia.
- Méadú ar úsáid ardán meán sóisialta agus cumarsáid fheabhsaithe.
- Béim leanúnach ar fheabhas a chur ar an ráta bailithe maidir lenár bhfoinsí ioncaim go léir agus ar laghdú riaráistí.
- Bailíodh luach €1.9m de thobhaigh forbartha.
- Bhí barrachas beag ann sa Bhuiséad Ioncaim sa bhliain 2017.

Bhí ardleibhéal tiomantais ann i ngach Roinn i leith an Phlean maidir le Soláthar Seirbhísí 2017 a chur i bhfeidhm agus i leith Cuspóirí an Phlean Chorparáidigh a bhaint amach. Bhain formhór na réimsí a gcuid cuspóirí sonraithe amach agus in aon chás ina raibh an leibhéal feidhmíochta níos lú ná 100% ní bheidh aon tionchar aige sin ar chumas na Comhairle ó thaobh chuspóirí a Plean Chorparáidigh a bhaint amach. Táim sásta mar sin

gur éirigh leis an gComhairle na cuspóirí a leagadh amach ag tús na bliana 2017 sa Phlean maidir le Soláthar Seirbhísí a bhaint amach den chuid is mó agus go ndearna sí amhlaidh de réir na bparaiméadar leagadh amach i mbuiséad 2017.

Is mian liom ardmholadh a thabhairt don obair atá á déanamh ar leibhéal na gCeantar Bardasach agus ar leibhéal na gCoistí Beartais Straitéisigh (SPC). Cabhraíonn na coistí sin go mór leis an gComhairle maidir lena cuspóirí a bhaint amach agus maidir lena gnó a dhéanamh. Tá tiomantas na gComhairleoirí agus na gcomhaltaí seachtracha le feiceáil sna gníomhaíochtaí a ndéantar cur síos orthu sa tuarascáil. Gabhaim buíochas leis na Comhaltaí Tofa, le mo chomhghleacaithe ar an Meitheal Bhainistíochta agus le foireann na Comhairle as a ndúthracht agus a ndianobair. I bhfianaise an chumais agus an mheoin i leith comhoibriú a léiríonn na comhaltaí tofa agus an fhoireann i gcónaí, táim cinnte go mbeimid ullamh chun déileáil leis na dúshláin atá romhainn amach. Is féidir linn a bheith ag tnúth le bliain dhearfach sa bhliain 2015.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an gComhairleoir David Fitzgerald agus lena réamhtheachtaí, an Comhairleoir Matt Doran, le Cathaoirligh na gCeantar Bardasach, is é sin le rá, an Comhairleoir John Brennan agus a réamhtheachtaí, an Comhairleoir Pat Fitzpatrick, an Comhairleoir Fidelis Doherty agus a réamhtheachtaí, an Comhairleoir Ger Frisby, agus leis an Méara, Michael Doyle, agus lena réamhtheachta, an Méara Pat O'Neill, a bhfuil clú bainte amach dóibh féin sna róil a bhí acu faoi seach.

Molaim an Tuarascáil Bhliantúil seo lena glacadh ag na Comhaltaí Tofa.

Táim cinnte go dtabharfaidh sé forléargas do mhuintir Chill Chainnigh, agus do dhaoine lasmuigh de Chill Chainnigh, faoin raon leathan gníomhaíochtaí a ndeachthas ina mbun, agus faoi éachtaí na Comhairle, sa bhliain 2017.

**Colette Byrne,**
**Príomhfheidhm**
**eannach**

# ÉACHTAÍ SUNTASACHA SA BHLIAIN 2017

**Aoisbhá**

- Cuireadh tús le hobair ar Phlean Baile Aoisbhá Bhaile Mhic Andáin.

**Ealaíona**

- Dámhadh 38 Sparánacht agus deiseanna meantóireachta sa bhliain 2017.
- Ghlac 10,278 dhuine páirt in imeachtaí ealaíon a d'eagraigh an Chomhairle.

**Cosaint Shibhialta**

- Tugadh cúnamh le linn teagmhais drochaimsire agus i ndáil le cuardach agus tarrtháil abhann.
- Tugadh cúnamh do 20 eagraíocht i gcomhair imeachtaí pobail.

**Forbairt Phobail**

- Seoladh an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
- Eisíodh 4 nuachtlitir pobail
- Dámhadh €300,000 do ghrúpaí faoi Scéim na nDeontas Pobail agus Cultúir
- Soláthraíodh maoiniúchán €1.1m do phobail faoin Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte, faoi RAPID, faoi Éire Shláintiúil, agus faoi Shúgradh & Áineas.
- Bunaíodh Grúpa Oibre Athlonnaíochta i leith chlár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe.

**Cúrsaí Corparáideacha/Acmhainní Daonna**

- 637 nduine ar fostú ag an gComhairle agus 520.41 post lánaimseartha atá i gceist leis an bhfigiúr sin
- Méadú 8.9% ar an ngníomhaíocht ar gach láithreán gréasáin de chuid na Comhairle. Tháinig méadú 44.7% ar an líon leantóirí ar Facebook agus bhí méadú 14% ann i gcas Twitter.

**Forbairt Eacnamaíochta**

- Athfhorbairt láithreán gréasáin *Invest Kilkenny* agus ábhar poiblíochta.
- Cuireadh ar aghaidh an dearadh mionsonraithe le haghaidh na Páirce Líní agus fhoirgnimh na Grúdlainne agus Mayfair i gCeathrú na Mainistreach.
- Ceadaíodh 38 n-iarratas ar chúnamh airgeadais ón Oifig Fiontair Áitiúil, ar iarratais iad lenar ghabh cumas chun 149 bpost nua a chruthú thar thréimhse 3 bliana.
- Ghlac 594 fhiontraí páirt i 49 gcróchlár fiontraíochta agus oiliúna
- Chríochnaigh 129 nduine clár 'Tosaigh do Ghnó Féin'.
- Bhain 381 fhiontraí leas as tacaíocht mheantóireachta.
- Ghlac 539 mac léinn ó 12 scoil dara leibhéal páirt i gClár Fiontraíochta na Mac Léinn.
- Ceadaíodh 28 nDearbhán Trádála Ar Líne breise.
- Tugadh cúnamh do *Cartoon Saloon* le haghaidh a lae oscailte earcaíochta i leith 140 post i gCill Chainnigh.

**Freagairt Dóiteáin & Éigeandála**

- Seoladh líon mór imeachtaí Sábháilteachta Dóireáin Pobail, lena n-áirítear Laethanta Oscailte i Stáisiúin Dóiteáin, cainteanna os comhair Grúpaí Pobail, agus cuairteanna ar Scoileanna.
- 60 cuairt maidir le Sábháilteacht Dóiteáin sa bhaile.
- Cuireadh clár na mBunscoileanna ar fáil do 1300 leanbh bunscoile.
- Rinneadh 108 nIniúchadh Sábháilteachta Dóiteáin.
- Rinneadh athbhreithniú ar an bPlean maidir le Mór-Éigeandálaí agus ar an bPlean maidir le Drochaimsir

**Oidhreacht**

- Sheol an Taoiseach plean Cultúir & Cruthaitheachta Chill Chainnigh mar chuid de chlár Éire Ildánach.
- Tionscadal Ainmneacha Páirce Chill Chainnigh - Seoladh scannán i mí na Nollag.
- *Moments with Monuments* - Sraith clár raidió a craoladh ar KCLR.
- Seoladh 98 n-imeacht le linn Sheachtain na hOidhreachta.

**Comhshaol**

- Bronnadh bonn ór ar Chathair Chill Chainnigh i gcomórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Choinnigh Inis Tíog & Tulchacht a stádas boinn airgid. Fuair an Droichead Nua Gradam Iarrachta.
- Measúnaíodh Cathair Chill Chainnigh mar chathair ina bhfuil leibhéal glaineachta níos glaine ná gnáthleibhéal na hEorpa - sa 6ú háit de réir rangú IBAL.
- Bhain 120 grúpa pobail páirt i nGlantachán Earraigh Naisiúnta.
- Choinnigh 71 scoil a mbratach ghlas i leith an chláir oideachais comhshaoil.
- Bhain 54,000 custaiméir úsáid as Ionad Athchúrsála & Diúscartha Dramhaíola an Dúin Mhóir.
- Osclaíodh Ionad nua Athchúrsála & Diúscartha Dramhaíola sa Ghreanach i mí na Samhna.
- Fuarthas 1,055 ghearán comhshaoil sa bhliain 2017.
- Plean RMCEI - fuair Cill Chainnigh grád foriomlán sármhaitheasa i leith faireachán agus forfheidhmiú éifeachtach maidir le reachtaíocht chomhshaoil.
- Sheol Oifig Uiscí agus Pobal na nÚdarás Áitiúil (LAWCO) comhairliúchán poiblí maidir leis an bPlean Bainistíochta Abhantrach.
- Soláthar leanúnach maoirseachta ag an tseirbhís ghardaí tarrthála i limistéir shnámha phoiblí sa Chontae i mí an Mheithimh, i mí Iúil agus i mí Lúnasa.
- Rinneadh uasghrádú ar ionad dídine do mhadraí i mBaile Phóil agus soláthraíodh saoráidí nua ann.

**Tithíocht & Bainistíocht Eastáit**

- Tugadh tacaíocht do 67 gCumann Cónaitheoirí - íocadh €100,000 ar mhodh deontas.
- Eisíodh 4 ríomh-iris idirghníomhacha i gcomhair grúpaí pobail.
- Athbhreithníodh agus scaipeadh Lámhleabhar na dTionóntaí.
- Chuathas i mbun 4 thioncsadal maidir le Feabhsúcháin Mhórscála Phobail.
- Aontaíodh 41 díolachán faoi Chlár um Infheistíocht i dTithíocht Shóisialta.
- Soláthróidh 18 n-aonad nua-thógtha agus 21 teach saorálach.
- Tá 548 n-áitreabh ann sa Scéim Cóiríochta Cíosa anois.
- Rinneadh 901 iniúchadh ar áitribh phríobháideacha ar cíos.
- Tá 4 aonad á dtógáil i Scéim Grúpthithíochta N Caitríona.
- Fuarthas 5,649 glao cothabhála.
- Oiriúnaíodh 29 dteach de chuid na Comhairle chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas agus chun aghaidh a thabhairt ar phlódú.
- Íocadh 74 Dheontas Oiriúnúcháin arbh fhiú €858,635 iad.
- Íocadh 162 dheontas i leith Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, is é sin le rá, suim iomlán €869,021.
- Íocadh 28 ndeontas i leith Cúnamh Soghluaisteachta, is é sin le rá, suim iomlán €134,837.

**Seirbhísí Leabharlainne**

- Tá 12,111 bhall ann sa Leabharlann.
- Tháinig méadú 4% ar an líon cuairteanna ar leabharlanna.
- Cláraíodh leis an gcóras nua náisiúnta leabharlainne - rochtain ar stoc in aon áit in Éirinn.
- Fuarthas deontas €129,000 le haghaidh teicneolaíocht féinseirbhíse.
- Ghlac 1,017 leanbh páirt i nDúshlán Litearthachta Léitheoireacht an tSamhraidh.
- Rinneadh clár cuimsitheach imeachtaí sóisialta, cultúrtha, oideachasúla, litearthachta, folláine agus digiteacha a chur ar fáil i mBrainsí uile na Leabharlainne.

**Páirceanna & Taitneamhachtaí**

- Cothabháil agus tacaíocht i leith 26 chlós súgartha sa Chathair agus sa Chontae
- Ceadaíodh Pleanáil Chuid 8 agus tá maoiniúchán ann (LIHAF) le haghaidh Páirc Chomharsanachta i bPort an Chalaidh agus tá an obair le tosú sa bhliain 2018.
- Bhain 130 grúpa leas as Deontais Taitneamhachta.
- Suiteáladh trealamh aclaíochta i 3 pháirc de chuid na cathrach faoin gClár Caipitiúil Spóirt.
- Rinneadh an Gairdín Geimhridh i nGairdíní Chluain Dúin a athbhunú go páirteach trí mhaoiniúchán REDZ a úsáid.

**Pleanáil & Forbairt**

- Glacadh Plean Ceantair Áitiúil Phort an Chalaidh/Belview.
- Fuarthas 827 Iarratas Pleanála.
- Bailíodh luach €1.9m de thobhaigh forbartha.
- Ghacadh 18 nEastát Tithíochta faoi chúram.
- Tiomsaíodh Clár na Láithreán Folamh.
- Íocadh suim €160,620 mar dheontais ó Chiste na hOidhreachta Foirgnithe agus na nDéanmhas i mBaol.

**Bóithre & Iompar**

- Tá obair ar siúl i gcónaí ar Sheachród Ros Mhic Thriúin.
- Chuathas i mbun Oibreacha Feabhsaithe Pábhála ar an N24 - An Ghreanach & New Aglish agus Baile an Chomaigh go Caisleán an Chomair.
- Oscailt Scéim Lárnach Rochtana Chill Chainnigh agus Dhroichead Naomh Proinsias
- Oibreacha Sábháilteachta ar chostas íseal - Ceansú Tráchta ag Ospidéal N Lúcás/Bóthar Achadh Úr.
- Cuireadh oibreacha suntasacha i gcrích ar Athailíniú Bhóthar Challainn.

**Turasóireacht**

- Seoladh dara Féile Nollag rathúil - Yule Fest.
- Oscailt Mhúsaem na Míle Órga i sean-Eaglais Mhuire i mí Aibreáin.
- Glacadh an Straitéis Turasóireachta 2017 - 2022.
- Seoladh láithreán gréasáin *Taste Kilkenny*, físeán agus íomhánna.
- D’ainmnigh RAI Cill Chainnigh mar cheann de na 3 cheann scríbe is fearr do bheadaithe.
- Soláthraíodh €105,000 i bhfoirm Deontas le haghaidh Féilte agus Imeachtaí.

**Seirbhísí Uisce**

- Rinneadh bainistíocht agus cothabháil ar 24 sholáthar uisce óil phoiblí agus ar 35 scéim cóireála dramhuisce thar ceann Uisce Éireann.
- Soláthraíodh 9.7 billiún lítear uisce.
- Comhlíonadh 100% maidir le cúrsaí micribhitheolaíochta (Torthaí 2016).
- Comhlíonadh 99.7% maidir le paraiméadair cheimiceacha (Torthaí 2016).
- Cuireadh tús le hoibreacha feabhsaithe ar Scéim Soláthair Uisce Inis Tíog.
- Rinneadh uasghrádú ar ghléasraí cóireála dramhuisce i gCaisleán an Chomair, in Áth Stúin agus in Áth na nUrlainn a chur i gcrích.
- Seirbhísí cúlchlóis a athsholáthar in Achadh Úr.
- Athshlánú Príomhphíopaí Uisce i mBaile Mhic Grifín, in Ónainn, i mBaile Uí Fhinn, i nDún Fhionnáin, i Mainistir Sheireapúin.
- Cuireadh oibreacha feabhsaithe ionraoin i ngléasraí cóireála dramhuisce Challainn & Bhaile an Phoill.
- Tugadh maoiniúchán €341,690 do Ghrúpscéimeanna Uisce le haghaidh oibreacha feabsaithe.
- Íocadh €242,464 le grúpaí mar fhóirdheontas i gcomhair costais oibríochta a bhain le grúpscéimeanna.
- Íocadh 99 ndeontas le haghaidh toibreacha - bhain luach €160,083 leo.

# UIRÍLL TOGHCHÁIN

## COMHALTAÍ TOFA

Cuimsíonn comhaltas Chomhairle Contae Chill Chainnigh ceithre chomhalta is fiche a thoghtar ar feadh théarma oifige cúig bliana. Toghadh an Chomhairle reatha i mí Bhealtaine 2014 agus is mar a leanas a bhí an comhaltas ar an 31 Nollaig 2017:

**Toghlimistéar Chaisleán an Chomhair**
Mary Hilda Cavanagh (FG), *Baile an Fhaoitigh, Crois Phádraig, Trí Dhurlas, Co. Chill Chainnigh*
Patrick Millea (FF), *Baile an Ghaill, Tulach Ruáin, Co. Chill Chainnigh*
Maurice Shortall (Lab), *42 Maryville, Caisleán an Chomair, Co. Chill Chainnigh.*
John Brennan (FG), *An Chruit, an Chloch, Caisleán an Chomair*
Michael McCarthy (FF), *Sráid Buncrusha, Achadh Úr, Co. Chill Chainnigh.*
Pat Fitzpatrick (FF), *Cloch an Phúcaigh, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh.*

**Cathair Chill Chainnigh Thoir**
Andrew McGuinness (FF), *Oifig an Dáilcheantair, Bóthar Uí Lachnáin, Co. Chill Chainnigh.*
Peter Cleere (FF), *Achadh Choillteáin, Sceach an Mhaistín, Co. Chill Chainnigh.*
Michael Doyle (FG), *Baile na Bearna, an Robhar, Co. Chill Chainnigh.*
Patrick O'Neill (FG), *2, Hillview Crest, Droichead Binéid, Co. Chill Chainnigh.*
Breda Gardner (Neamhpháirtí), *Cloch an Bhródaigh, Baile Mhic Andáin, Co. Chill Chainnigh.*
David Kennedy (SF), *Baile an Bhúlaigh, Inis Tíog, Co. Chill Chainnigh.*

**Cathair Chill Chainnigh Thiar**
Matt Doran ( FF), *Sruth an Mhaide, Cill Mogeanna, Co. Chill Chainnigh.*
Joe Malone (FF), *11 Cnoc Mhairidin, Bóthar Cheanannais, Co. Chill Chainnigh.*
Malcolm Noonan (GP), *38 Céide Choill an Chéadrais, an Loch Buí, Cill Chainnigh*
Patrick McKee (Neamhpháirtí), *48 Plás Naomh Fiachra, Cill Chainnigh.*
David Fitzgerald (FG), *24 Sráid Phádraig, Cill Chainnigh.*
Sean Tyrrell (SF), *31 Garrán na Cufróige, an Loch Buí, Cill Chainnigh*

**Toghlimistéar Bhaile an Phoill**
Melissa O'Neill (Neamhpháirtí), *40 Fearann na Mainistreach, Port an Chalaidh, Co. Chill Chainnigh.*
Pat Dunphy (FG), *Baile Uí Ghuara, Móin Choinn, Co. Chill Chainnigh*
Fidelis Doherty(FG), *Ballyfacey, An Gleann Mór, Co Chill Chainnigh.*
Eamon Aylward (FF), *Ballynooney, Muileann an Bhata, Co. Chill Chainnigh.*
Breathnach, Tomás (Lab), *Bóthar na Ceárta, Narabane, Cill Mhic Bhúith, Co. Chill Chainnigh.*
Ger Frisby (FF), *Trian an Fhraoigh, Sliabh Rua, Co. Chill Chainnigh.*

## STRUCHTÚR BAINISTÍOCHTA

Is mar a leanas atá Struchtúr Bainistíochta na Comhairle:

**Colette Byrne**
*Príomhfheidhmea*

**Mary J. Mulholland**
*Stiúrthóir Seirbhísí*

**Tim Butler**
*Stiúrthóir Seirbhísí*

**Sean McKeown**
*Stiúrthóir Seirbhísí*

**Martin Prendiville**
*Ceann Airgeadais*

**Coistí & Fochomhlachtaí**
Tá dualgas dlíthiúil ar Údaráis Áitiúla Coistí áirithe a bhunú, amhail Coistí Beartais Straitéisigh. Tá údarás lánroghach ag Údaráis Áitiúla Coistí eile a bhunú chun cabhrú leo le linn dóibh a róil mar Chomhaltaí Tofa a chur i bhfeidhm.

**Coistí Beartais Straitéisigh**
Tá Scéim Coistí Beartais Straitéisigh ag Comhairle Contae Chill Chainnigh a mhairfidh an fad céanna le téarma oifige na Comhairle nua-thofa, is é sin le rá, ó 2014 go 2019. Is é ról na gCoistí Beartais Straitéisigh (SPC-anna) cabhrú leis an gComhairle beartas a fhoirmliú, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Léiríonn comhdhéanamh na gcoistí príomhfheidhmeanna na Comhairle laistigh de chomhthéacs níos fairsinge, déantar iad a cheapadh i gcomhréir le méid, comhaltas agus acmhainní riaracháin na Comhairle agus bíonn an tríú cuid dá gcomhaltaí ionadaitheach d'earnálacha a bhaineann le hobair na gcoistí.

Tugann na SPC-anna Comhaltaí Tofa agus daoine atá ag obair go gníomhach le comhlachtaí sóisialta, eacnamaíochta, cultúrtha agus comhshaoil le chéile chun beartais a bhaineann le seirbhísí na Comhairle a fhorbairt agus a athbhreithniú. Cuireann na SPC-anna tuairimí seachtracha ar fáil do na Comhaltaí Tofa nuair a bhíonn a ról straitéiseach a chur i bhfeidhm acu maidir le forbairt an údaráis áitiúil, lena n-áirítear a róil maidir le forbairt beartais agus formhaoirseacht laistigh den údarás áitiúil.

Is mar a leanas a bhí comhdhéanamh agus comhaltas foriomlán Choistí Beartais Straitéisigh Chomhairle Contae Chill Chainnigh sa bhliain 2017:

**SPC 1: Forbairt Eacnamaíochta, Tacaíocht Fiontraíochta & Turasóireacht**

| **Comhaltaí Tofa [7]** | **Comhaltaí ó Earnálacha Seachtracha [6]** | |
|---|---|---|
| Pat Millea | Talmhaíocht/Feirmeoireacht: | John Bambrick *[IFA]* |
| Pat Fitzpatrick | Forbairt/Tógáil: | Mark Kennedy *[Comhlachais* |
| Peter Cleere | *Tráchtála Éireann]* Gnó/Tráchtáil: | Deirdre Shine *[Comhlachais* |
| Patrick McKee | *Tráchtála Éireann]* Ceardchumann: | Phil Funchion *[ICTU]* |
| Patrick O'Neill | Uilechuimsitheacht Shóisialta: | Charles Wani *[PPN]* |
| Michael Doyle | Comhshaol/Caomhantas | Theresa Delahunty *[PPN]* |
| John Brennan | | |

**SPC 2: Beartas Bonneagair, Seirbhísí Iompair, Dóiteáin & Éigeandála**

| **Comhaltaí Tofa [7]** | **Comhaltaí ó Earnálacha Seachtracha [6]** | |
|---|---|---|
| Matt Doran | Talmhaíocht/Feirmeoireacht: | Michael Rice *[IFA]* Gnó/Tráchtáil |
| Eamon Aylward | | Gary Graham *[Comhlachais* |
| Michael McCarthy | *Tráchtála Éireann]* Forbairt/Tógáil | Barry Lynch *[Comhlachais* |
| Fidelis Doherty | *Tráchtála Éireann]* Ceardchumann | Patrick Kavanagh *[ICTU]* |
| Michael Doyle | Pobal/Deonach | Anton Mazer *[PPN]* |
| Sean Tyrrell | Uilechuimsitheacht SHóisialta | Mairead Phelan *[PPN]* |
| Tomás Breathnach | | |

**SPC 3: Beartas Pleanála & Forbartha, Oidhreacht, Pobal, Ealaíona & Cultúr**

| **Comhaltaí Tofa [7]** | **Comhaltaí ó Earnálacha Seachtracha [6]** | |
|---|---|---|
| Patrick McKee | Talmhaíocht/Feirmeoireacht: | Paul O' Brien *[IFA]* |
| Pat Fitzpatrick | Gnó/Tráchtáil | John Hurley *[Comhlachais* |
| Pat Dunphy | *Tráchtála Éireann]* Forbairt/Tógáil: | Denis Carroll |
| David Kennedy | *[Comhlachais Tráchtála Éireann]* Comhshaol/Caomhantas | Mary T. |
| Malcolm Noonan | Brennan *[PPN]* Pobal/Deonach | John Bourke *[PPN]* |
| John Brennan | Uilechuimsitheacht Shóisialta: | Martin Brennan *[PPN]* |
| Andrew McGuinness | | |

**SPC 4: Tithíocht**

| **Comhaltaí Tofa [6]** | **Comhaltaí ó Earnálacha Seachtracha [5]** | |
|---|---|---|
| Andrew McGuinness | Forbairt/Tógáil | Brian Dunlop *[Comhlachais* |
| Joe Malone | *Tráchtála Éireann]* Comhshaol/Caomhnú: | Declan Murphy *[An* |
| Michael McCarthy | *Taisce]* Ceardchumann | Yvonne Moriarty *[ICTU]* |
| Melissa O' Neill | Pobal/Deonach: | Mary Egan *[PPN]* |
| Fidelis Doherty | Uilechuimsitheacht Shóisialta: | Linda Tierney *[PPN]* |
| Maurice Shortall | | |

**SPC 5: Cosaint Comhshaoil, Seirbhísí Uisce & Fuinneamh**

| **Comhaltaí Tofa [6]** | **Comhaltaí ó Earnálacha Seachtracha [5]** |
|---|---|
| Ger Frisby | Talmhaíocht/Feirmeoireacht: James Murphy *[IFA]* |
| Joe Malone | Forbairt/Tógáil: Clare Murray *[Comhlachais* |
| Pat Dunphy | *Tráchtála Éireann]* Gnó/Tráchtáil: Owen Sweeney *[Comhlachais* |
| Tomás Breathnach | *Tráchtála Éireann]* Comhshaol/Caomhantas: Sadhbh O' Neill |
| Breda Gardner | *[PPN]* Pobal/Deonach: Shem Caulfield *[PPN]* |
| Maurice Shortall | |

# CRUINNITHE NA COMHAIRLE

Bíonn Gnáthchruinnithe ag an gComhairle ar bhonn míosúil. Eagraítear cruinnithe speisialta freisin chun buiséad bliantúil na Comhairle a phlé agus a ghlacadh. Is féidir leis an gComhairle an oiread cruinnithe a thionól agus a mheasann sí a bheith riachtanach chun a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

## CRUINNITHE IOMLÁNACHA CHOMHAIRLE CONTAE CHILL CHAINNIGH

***An líon cruinnithe a tionóladh sa bhliain 2017: 18***

- An Cathaoirleach agus an Leas-Cathaoirleach a thoghadh.
- Comhaltaí a cheapadh do SPC-anna, do Choistí agus do Bhoird eile
- An Buiséad a ghlacadh.
- Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2016.
- Clár Caipitiúil 3 Bliana.
- Cáin Mhaoine Áitiúil.
- Ceadú na saoráide rótharraingthe agus iasachta.
- Tuarascáil bhliantúil ón gCoiste Iniúchta.
- Tuarascáil maidir le hIniúchadh Reachtúil an Údaráis Áitiúil 2016.
- Tuarascáil Bhliantúil 2016.
- Pleananna maidir le Soláthar Seirbhísí 2017.
- Tuarascáil Mhíosúil/Ráithiúil ón bPríomhfheidhmeannach.
- Faisnéis Uasdátaithe faoi Theorainn Phort Láirge.
- Faisnéis Uasdátaithe faoin gClár Tithíochta/faoi Scéimeanna Tithíochta.
- Tithíocht agus Diúscairtí eile Talún/Maoine.
- Leithroinntí i leith Deontais Bhóthair agus Clár na nOibreacha Bóthair
- Fodhlíthe maidir le Trácht ar Bhóithre/Luasteorainneacha/Locadh/Deochanna Meisciúla.
- An Plean Cothabhála Geimhridh 2017/2018.
- An Clár Píolótach maidir le Soilsiú Sráide.
- Faisnéis uasdátaithe faoi Scéim Lárnach Rochtana Chill Chainnigh.
- Tionscadail maidir le hAthléimneacht Pobal i leith Tuilte.
- Tionscadail CLAR, REDZ agus Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte.
- Tuarascálacha Chuid 8 maidir le tionscadail éagsúla.
- Comhaontuithe Alt 85 le hÚdaráis Áitiúla eile
- An Creat Náisiúnta Pleanála.
- Plean Ceantair Áitiúil Phort an Chalaidh/Straitéis maidir le Dearadh Uirbeach do Bhóthar Hebron.
- Athruithe/Sáruithe Ábhartha ar Phleananna Contae agus Cathrach.
- An Tobhach Láithreán Folamh.
- Eastáit Tithíochta a Ghlacadh faoi Chúram.
- Dearbhú á rá gur bóithre poiblí iad bóithre áirithe.
- An Straitéis Turasóireachta.
- Faisnéis Uasdátaithe faoi Cheathrú na Mainistreach.
- *Invest Kilkenny*.
- Tionscadal Skate Park.
- Plean Gníomhaíochta Fuinnimh Inbhuanaithe 2016-2020.
- Glasbhealach ó Phort Láirge go Ros Mhic Thriúin.
- Leithroinnt maidir le Reiligí, Deontais Ealaíon agus Féile, Deontais Taitneamhachta, Deontais Tacaíochta Cultúir, Cuimhneachán an Chogaidh Mhóir.
- An Scéim Deontas Caipitiúil i leith Saoráidí Pobail agus Cultúir 2015-2017.
- Plean Straitéiseach - Leabharlanna/Oidhreacht/Bithéagsúlacht/Ealaíona.
- Leabharlann nua na Cathrach.
- Clár Éire Ildánach 2017-2022.
- Music Generation 2016-2021.
- Imeacht Cathartha Lá Fhéile Pádraig.
- Sábháilteacht Dóiteáin.

**Cur i Láthair ó Ghrúpaí Seachtracha**

- Watershed Sports & Leisure Complex.
- Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (PACE).

# CRUINNITHE DE CHUID COISTÍ, FOCHOISTÍ

## CRUINNITHE DE CHUID CHEANTAR BARDASACH CHILL CHAINNIGH

***An Líon Gnáthchruinnithe/Cruinnithe Míosúla a tionóladh sa bhliain 2017: 13***

- An Cathaoirleach & an Leas-Cathaoirleach a thoghadh.
- Leithroinnt Ginearálta Bardasach agus Leithroinnt Ilbhliantúil.
- Dréacht-Sceideal na nOibreacha Bardasach a Ghlacadh lena n-áirítear Dréacht-Scéim na nOibreacha Bóthair.
- Plean Buiséid don bhliain 2017 do Cheantar Bardasach Chill Chainnigh.
- Sceideal na nOibreacha Bardasacha a Ghlacadh.
- Socruithe maidir Nascadh le Malbork sa Pholainn agus le Formigine san Iodáil
- Scéim na nOibreacha Bóthair 201
- Togra ón Údarás Náisiúnta Iompair maidir le Seirbhís Busanna Chathair Chill Chainnigh.
- Athbhreithniú ar an gClár maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil 2014-2018.
- Saincheisteanna maidir le bóithre sa i Limistéar an Cheantair Bhardasaigh.
- Comóradh ar Chothrom 100 Bliain "Corrthoghchán Chill Chainnigh 1917".
- Tuarascálacha Ráithiúla ar Thithíocht agus ar Phleanáil.
- Athailíniú Bhóthar Challainn (N76).
- Athbhreithniú ar na Fodhlíthe Loctha,
- Saincheisteanna maidir le bóithre faoin mír athfhillteach "Bóithre".
- Marcóir faisnéise oidhreachta de chuid Chumann Chuimhneacháin James Hoban, Co. Chill Chainnigh.
- Straitéis Turasóireachta Chill Chainnigh - Bunú Mol Fochontae.
- Fodhlíthe maidir le Rialú Scipí ar Bhóithre Poiblí.
- Nascadh Bailte.
- Plean Bainistíochta Soghluaisteachta.
- Athbhreithniú ar Scéim na nDeontas Saoráidí Pobail agus Cultúir.
- Tuarascáil ar Bhailte Slachtmhara sa Cheantar Bardasach.
- Leithroinnt Ginearálta Bardasach - Leithroinnt Maoiniúcháin.
- Clár na gCuimhneachán Náisiúnta 2018 go 2023.
- Comharthaí i gCathair Chill Chainnigh.
- Cothabháil an Túir Cloig ag Halla na Cathrach.

**Thug na grúpaí seo a leanas cur i láthair os comhair cruinnithe i rith na bliana:**

- Thug ionadaithe ó SIRO cur i láthair maidir le snáth-leathanbhanda 100% SIRO ar comhfhiontar é idir BSL agus Vodafone agus atá á chur ar fáil i mórionaid uirbeacha lena n-áirítear Cathair Chill Chainnigh.
- Céadfhreagróirí Pobail na hÉireann agus an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna.
- Míniú ó Líonra Busanna Chathair Chill Chainnigh maidir le ról an Údaráis Náisiúnta Iompair, Pleanáil Líonra, Caidreamh leis an bPobal, Earraí agus Seirbhísí a Fháil, Bonneagar agus Seoladh na Seirbhíse.

**CRUINNITHE DE CHUID CHEANTAR BARDASACH CHAISLEÁN AN CHOMAIR**

***An líon cruinnithe a tionóladh sa bhliain 2017: 16 An Líon Toscaireachtaí a bhí ann: 3***

- An Cathaoirleach & an Leas-Cathaoirleach a thoghadh.
- Leithroinnt Ginearálta Bardasach agus Leithroinnt Ilbhliantúil.
- Dréacht-Sceideal na nOibreacha Bardasach a Ghlacadh lena n-áirítear Dréacht-Scéim na nOibreacha Bóthair.
- Plean Buiséid don bhliain 2017 do Cheantar Bardasach Chaisleán an Chomair.
- Clár na nOibreacha Bóthair - Tuarascálacha ar dhul chun cinn agus saincheisteanna maidir le bóithre.
- An Clár Cothabhála Geimhridh.
- Plean Ceantair Áitiúil Chaisleán an Chomair.
- Saincheisteanna maidir le Trácht agus Locadh i gCaisleán an Chomair.
- Bearradh Fáil agus crainn ar thaobh an bhóthair.
- Scéim faoisimh tuile - Garrán na Páirce, Béal Átha Ragad.
- Soilsiúchán poiblí.
- Rialú fiailí, lena n-áirítear an ghlúineach bhiorach - i gceantair uirbeacha agus i gceantair thuaithe.
- Scéimeanna Deontas Pobail - tugadh faisnéis agus uasdátú ar fhaisnéis.
- Stádas maidir le forbairtí tithíochta a ghlacadh faoi chúram.
- Eolas faoi sheirbhísí leabharlainne.
- An Clár Caipitiúil Tithíochta.
- Éileamh agus soláthar i dtaca le cúrsaí tithíochta.
- Tithíocht phríobháideach - deontais, iasachtaí agus cóiríocht ar cíos.
- Cóiríocht don Lucht Siúl agus Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean.
- Bainistíocht Phobail agus Eastát.
- Ionaid 'Fág Anseo' agus dumpáil neamhdhleathach.
- Carrchlós a sholáthar - reilig Achadh Úr.
- Mianaigh Ghabhalmhaí agus forbairt ar an láithreán amach anseo.
- Scéim Soláthair Uisce Tuaithe Ghabhalmhaí.
- Turasóireacht.
- Tionscadail Oidhreachta agus Cultúir.

**CRUINNITHE DE CHUID CHEANTAR BARDASACH BHAILE ÁN PHOILL**

***An líon cruinnithe a tionóladh sa bhliain 2017: 18 An Líon Toscaireachtaí a bhí ann: 2***

- An Cathaoirleach & an Leas-Cathaoirleach a thoghadh.
- Clár na nOibreacha Bóthair, Cothabháil Gheimhridh & Saincheisteanna maidir le Bóithre.
- Tuiliú - Oibreacha Imscrúdaithe Tuile.
- Leithroinnt an Chiste Áitiúil Lánroghnaigh.
- Sceideal Oibreacha an Cheantair Bhardasaigh 2017 agus glacadh an Sceidil sin.
- Feabhsú na mbóithre isteach go Cathair Phort Láirge.
- Comharthaí maidir le hAiseolas ó Thiománaithe.
- Seachród Bhaile an Phoill N24 - Feabhsuithe ar Acomhal Bhóthar an Túir.
- Scéim Feabhsaithe Pábhála na Greanaí N24
- Seachród Ros Mhic Thriúin N25.
- Sábháilteacht ag Acomhail N25.
- Seirbhís Chairdiach 24/7 do Phort Láirge.
- An Plean Náisiúnta Leathanbhanda.
- An Creat Náisiúnta Pleanála.
- Scéim na nDeontas Saoráidí Pobail & Cultúir.
- Athnuachan Bailte & Sráidbhailte.
- Dreasachtaí na hOifige Fiontair Áitiúla.
- Seirbhísí Leabharlainne
- Saoráidí do Choisithe ag Timpeallán Shliabh Rua.
- Forbairtí Tithíochta / Eastáit Neamhchríochnaithe / Glacadh faoi Chúram.
- Daoine Gan Dídean & Nithe Eile a bhaineann le Tithíocht.
- Athbhreithniú ar an gClár maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil.
- Athbhreithniú ar Theorainn Phort Láirge.
- Glasbhealach ó Phort Láirge go Ros Mhic Thriúin.
- An Straitéis Turasóireachta.
- Ionad Cheantar Phort an Chalaidh.
- Plean Ceantair Áitiúil Phort an Chalaidh/Belview.
- Crios Forbartha Straitéisí na gCéanna Thuaidh.
- Tionscadal Pháirc Chomharsanachta Phort an Chalaidh.
- Ainmniú Bonneagair - Droichead Sheachród Ros Mhic Thriúin.
- Soilsiúchán Poiblí a Sholáthar.
- Príomhphíopaí Uisce & Scéimeanna Uisce.
- Ionad Athchúrsála Chill Chainnigh Theas - An Ráth Nua.
- An Straitéis maidir le Taisteal Gníomhach.
- Cruinnithe le TII.
- Maoiniúchán CLÁR.
- Saincheisteanna Póilíneachta (Gardaí i láthair).
- Tiomáint Róthapa i Móin Choinn & i sráidbhailte eile.
- Suirbhéanna Tráchta / Luais
- Stadanna Bus - An Gleann Mór & Baile an Phoill.
- Rannpháirtíocht an Phobail i Scéimeanna Oibreacha Bóthair & i Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúla.
- Clós Súgartha & Limistéar Taitneamhachta Mhuileann an Bhata
- Glacadh faoi chúram - Lána Uí Chonchúir / Lána Chluain Connaidh / Owning Hill.
- Sean-Oifigí na Comhairle sa Ráth Nua.
- Eas Pholl an Easa.
- Baoithe Tarrthála a sholáthar.

**SEOLADH COMHCHRUINNITHE LEO SEO A LEANAS:-**

- Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin: 1
- Ceantar Cathrach Phort Láirge: 4
- Ceantar Bardasach Charraig na Siúire: 1

Tugadh cuairt ar an láthair ar an gcosán tarraingthe i gCill Síoláin ar an 7 Meitheamh in éineacht le comhaltaí tofa Cheantar Bardasach Charraig na Siúire.

**SPC 1: Forbairt Eacnamaíochta, Tacaíocht Fiontraíochta & Turasóireachta**

| An Líon Cruinnithe a Tionóladh | Na Príomh-Shaincheisteanna Beartais a Breithníodh |
|---|---|
| 4 | ▪ Faireachán ar na gnéithe eacnamaíochta de Phlean Gníomhaíochta Bliantúil LECP 2016-2017 [49 san iomlán].<br>▪ Glacadh Phlean Fiontair Áitiúil LEO don bhliain 2017, thar ceann na Comhairle [de réir Comhaontú Leibhéil Seirbhíse le Fiontraíocht Éireann) agus faireachán ar chur i bhfeidhm an Phlean sin.<br>▪ Ainmniúcháin do Ghrúpa Chomhairleach LECP<br>▪ Ceathrú Chruthaitheach na Mainistreach<br>▪ Beartas Náisiúnta Turasóireachta Fháilte Éireann.<br>▪ Scéim Dreasachta i leith Áitribh Fholmha<br>▪ Tionscnamh Phlean Gníomhaíochta an Oirdheiscirt i leith Post. |

**SPC 2: Beartas Bonneagair, Seirbhísí Iompair, Dóiteáin & Éigeandála**

| An Líon Cruinnithe a Tionóladh | Na Príomh-Shaincheisteanna Beartais a Breithníodh |
|---|---|
| 4 | ▪ An Líonra Busanna Cathrach.<br>▪ An Oifig Bainistíochta Bóithre.<br>▪ Seirbhísí Dóiteáin.<br>▪ An Clár Sábháilteachta do Scoileanna.<br>▪ Páirceáil Gluaisteán.<br>▪ Limistéir pháirceála ag acomhail mhótharbhealaigh.<br>▪ Scéim Feabhsaithe Áitiúil.<br>▪ Leathanbhanda. |

**SPC 3: Pleanáil & Forbairt, Oidhreacht, Pobal, Ealaíona & Cultúr.**

| An Líon Cruinnithe a Tionóladh | Na Príomh-Shaincheisteanna Beartais a Breithníodh |
|---|---|

| | |
|---|---|
| **5** | ▪ Déanmhas Cosanta<br>▪ Iarratas chuig an gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú. (LIHAF)<br>▪ Sráidbhailte Feirmeoireachta i ndeisceart Chill Chainnigh.<br>▪ Critéir dhearthóireachta agus cód forbartha maidir le Ceathrú na Mainistreach.<br>▪ Faisnéis uasdátaithe faoin dul chun cinn maidir le Plean Ceantair Áitiúil Phort an Chalaidh.<br>▪ Plean Uile-Éireann um Pailneoirí.<br>▪ Straitéisí Cultúir Chill Chainnigh & Clár Éire Ildánach.<br>▪ Freagra na Roinne ar iarraidh ar athbhreithniú ar limistéir CLÁR.<br>▪ Faisnéis uasdátaithe faoi Phlean Ceantair Áitiúil Phort an Chalaidh.<br>▪ Faisnéis uasdátaithe faoin dul chun cinn maidir le Páirc Phort an Chalaidh.<br>▪ Faisnéis uasdátaithe faoi LIHAF/Athrú 3.<br>▪ Faisnéis uasdátaithe faoi Phlean Ceantair Áitiúil Chaisleán an Chomair.<br>▪ Faisnéis uasdátaithe faoin dul chun cinn maidir le hathnuachan Bailte agus Sráidbhailte & forléargas ar iarratais.<br>▪ Creat dearthóireachta Uirbí Bhóthar Hebron - faisnéis uasdátaithe.<br>▪ Láithreáin Thréigthe/Láithreáin Fholmha - faisnéis uasdátaithe.<br>▪ Straitéisí Cultúir Chill Chainnigh.<br>▪ Athbhreithniú ar an Scéim Deontas do Shaoráidí Pobail & Cultúir, Creat Náisiúnta Pleanála/Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta.<br>▪ Faisnéis uasdátaithe faoin bPlean Forbartha Contae/faoi Phleananna Ceantair Áitiúil.<br>▪ Láithreáin Thréigthe/Láithreáin Fholmha - faisnéis uasdátaithe.<br>▪ An Scéim Deontas i leith Saoráidí Pobail agus Cultúir 2018 |

**SPC 4: Tithíocht**

| An Líon Cruinnithe a Tionóladh 5 | Na Príomh-Shaincheisteanna Beartais a Breithníodh |
|---|---|
| | ▪ Athbhreithniú ar an gClár maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil 2014-2018.<br>▪ Plean Straitéiseach Chill Chainnigh do dhaoine faoi mhíchumas 2016-2010.<br>▪ Daoine Gan Dídean agus anailís mhíosúil.<br>▪ Tuarascáil Bhliantúil 2016.<br>▪ Scéim Deisiúcháin & Léasa.<br>▪ Lámhleabhar na dTionóntaí.<br>▪ An Clár Caipitiúil 2017-2021.<br>▪ Measúnú ar Riachtanais Tithíochta 2017.<br>▪ Forbairt Chónaitheach Os Cionn Siopaí - Tionscnamh na gCathrach Beo.<br>▪ An Clár Athlonnaithe Dídeanaithe. |

**SPC5: Cosaint Comhshaoil, Seirbhísí Uisce agus Fuinneamh**

| An Líon Cruinnithe a Tionóladh 4 | Na Príomh-Shaincheisteanna Beartais a Breithníodh |
|---|---|
| | ▪ Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach/Chill Chainnigh<br>▪ Oifig Uiscí & Phobail an Údaráis Áitiúil (LAWCO)<br>▪ Tairiscint maidir le hionad dídine do mhadraí agus Oibreacha Feabhsaithe<br>▪ Nósanna Imeachta maidir le Forfheidhmiú i leith Bruscair<br>▪ Faisnéis faoi Dheontais do Reiligí<br>▪ Dréacht-Phlean maidir le Bainistíocht Abhantraí<br>▪ Bainistíocht Dramhaíola - úsáid leantach málaí réamhíoctha dramhaíola agus athchúrsála<br>▪ An Plean Bainistíochta Bruscair 2018 - 2020.<br>▪ Tionscadail Seirbhísí Uisce - Miontionscadail Chaipitiúla agus Mórthionscadail Chaipitiúla<br>▪ Dréacht-Chairt maidir le Leas Ainmhithe<br>▪ Ionad Athchúrsála an Dúin Mhóir |

**COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA CHILL CHAINNIGH**

***An líon cruinnithe a tionóladh sa bhliain 2017: 4 An Líon Cruinnithe Poiblí a tionóladh sa bhliain 2017: 1***

Pléadh na nithe seo a leanas ag Cruinnithe an Chomhchoiste Póilíneachta:

- Leasú ar Fhodhlíthe Chomhairle Contae Chill Chainnigh maidir le Deochanna Meisciúla.
- Faisnéis uasdátaithe faoi Phlean Sábháilteachta Bóthair Chill Chainnigh 2015 - 2020.
- Cur i láthair ag an nGarda Síochána maidir le Staitisticí Coireachta, Trácht agus Sábháilteacht Bhóthair.
- Plean Póilíneachta.
- Saincheisteanna maidir le Leas Ainmhithe.
- CCTV.
- Tionscnamh na mBratach Corcra.

# ÓCÁIDÍ AGUS IMEACHTAÍ CATHARTHA 2017

Thabhaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh caiteachas ina raibh suim €62,000 sa bhliain 2017 i leith ócáidí agus imeachtaí cathartha a óstáil agus áiríonn an tsuim sin caiteachas a tabhaíodh i ndáil le cuairt daoine de Theaghlach Ríoga na Breataine ar Chill Chainnigh i mí Bhealtaine 2017.

Seo a leanas léiriú ar na himeachtaí a d'óstáil an Cathaoirleach agus an Méara i rith na bliana 2017.



**Fógairt Imeachtaí Dheireadh Seachtaine Lá Fhéile Pádraig - 9/2/2017.**



**Cuairt an Chathaoirligh ar Nua-Eabhrac le haghaidh Lá Fhéile Pádraig**




**Paráid Lá Fhéile Pádraig i gCathair Chill Chainnigh - 17/3/2017**




**Oscailt Oifigiúil Mhúsaem na Míle Órga ag Patrick O'Donovan, T.D., Aire Stáit Turasóireachta agus Spóirt - 4/4/2017**



**[illegible] gacht an Prionsa Charles agus da Morgacht, Bandiúc Chorn na Breataine, Camilla Parker Bowles - 1/5/2017**



**Oscailt Oifigiúil Dhroichead Naomh Proinsias - 23/5/2017**



**Fáiltiú do Unity Singers ag Méara Cheantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh - 12/6/2017**



**D'óstáil Méara Cheantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh ócáid maidine "Tea for MND" i Halla na Cathrach - 21/6/2017**


**Fáiltiú Cathartha i gcomhair Féile Peile agus AGM FAI - 20/7/2017**


**Oscailt Oifigiúil Shaoráid *Connolly's Red Mills* ag Cillín Hill, Cill Chainnigh - 23/6/2017**



**Comóradh Thoghadh an Uas. W.T. Cosgrave i gCorrthoghcháb 1917 - 12/8/2017**


**Fáiltiú Cathartha trath theacht abhaile Fhoireann Shinsearach Camógaíochta Chill Chainnigh - 11/9/2017**


**Fáiltiú i Músaem na Míle Órga do Thoscairí a bhí i láthar ag Comhdháil RURALIA - 11/9/2017**


**Fáiltiú do Chór *Aris* ag Méara Cheantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh - 22/9/2017**


**Oíche Bronnta Ghradaim na nDeontas Féile - 23/10/2017**


**D'óstáil Comhairle Contae Chill Chainnigh imeacht i dTúr na Paráide i gCaisleán Chill Chainnigh chun comhghairdeas a dhéanamh le buaiteoirí Ghradaim Eastáit Shlachtmhara Chomhairle Contae Chill Chainnigh - 25/10/2017**

# Stiúrthóireacht Gnóthaí Corparáideacha & Bonneagair

**Acmhainní**

**Daonna**

**Corparáideacha**

**Bóithre agus Iompar,**

**Seirbhísí Uisce,**

**Cumarsáid**


**Sláinte & Sábháilteacht**



# SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

**Clár na dToghthóirí**
Foilsítear an Clár Bliantúil ar an 1 Feabhra gach bliain agus is é atá ann ná liosta de na daoine go léir atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn, a bhfuil cónaí orthu sa Stát, agus atá i dteideal vóta a chaitheamh i dToghcháin don Dáil, i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, i dToghcháin Uachtaráin, i dToghcháin Áitiúla agus i Reifrinn.

Ba é a bhí sa líon iomlán daoine ar an gClár ar an 31 Nollaig 2017 ná 72,535.




Déantar 24 chomhalta san iomlán a thoghadh do Chomhairle

Contae Chill Chainnigh. Is iad seo a leanas na toghlimistéir:

- Caisleán an Chomair,
- Cathair Chill Chainnigh Thoir,
- Cathair Chill Chainnigh Thiar,
- Baile an Phoill.

Tá 6 chomhalta ann i ngach ceann ar leith de na Toghlimistéir.

Bíonn an Clár ar fáil i bPostoifigí, i Leabharlanna agus i Stáisiúin an Gharda Síochána.

Is féidir le haon duine den phobal seiceáil a dhéanamh ar an láithreán gréasáin seo a leanas lena fháil amach an bhfuil siad luaite sa chlár: www.checktheregister.ie. nó is féidir leo teagmháil a dhéanamh le roinn Seirbhísí Corparáideacha na Comhairle.

**NASCADH BAILTE**
***Comhaontuithe/Socruithe reatha maidir le Nascadh le Cathair & Contae Chill Chainnigh***

- Faoi láthair, tá Cill Chainnigh nasctha le Moret sur Loire (sa Fhrainc), le Kilkenny (Minnesota) i Stáit Aontaithe Mheiriceá , le Suzhou (sa tSín) agus le Malbork sa Pholainn.
- Tá socrú maidir le nascadh ag Cill Chainnigh le Comhairle Contae Leicestershire.
- Tá Caisleán an Chomair, Co. Chill Chainnigh, nasctha le Pennevenan (sa Fhrainc).
- Tá Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh, nasctha le sráidbhaile Mellac sa Fhrainc.
- Tá caidreamh forbartha ag Cill Chainnigh le Formigine (san Iodáil) trí theagmháil tosaigh trí thionscadal Urbact LINKS. Rinneadh an caidreamh a chothú go formhór trí Óige Osraí. Tá sé beartaithe ag Cill Chainnigh bailchríoch a chur ar shocruithe nasctha le Formigine sa bhliain 2018 trí Chairt Nasctha a shíniú.

Ar an 17 Márta 2017, shínigh Méara Cheantar Bardasach Chill Chainnigh, an Comhairleoir Patrick O'Neill, agus Méara Malbork, Marek Charzewski, Cairt Nasctha lena ndearnadh Malbork sa Pholainn a nascadh go hoifigiúil le Cathair Chill Chainnigh.

Thabhaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh caiteachas €2,868.89 ar Shocruithe Nasctha sa

bhliain 2017.

**PARÁID LÁ FHÉILE PÁDRAIG 2017**

Mar chroí-ócáid de chuid cheiliúradh Lá Fhéile Pádraig i gCill Chainnigh, bíonn ár bparáid bhliantúil ann ar imeacht cathartha é a óstálann agus a mhaoiníonn Comhairle Contae Chill Chainnigh agus a eagraíonn Coiste Pharáid Lá Fhéile Pádraig. Glacann grúpaí pobail áitiúil agus eagraíochtaí áitiúla, chomh maith le clubanna, scoileanna agus gnóthaí, páirt san imeacht seo ar lá iontach ceiliúrtha agus siamsaíochta é i gcónaí, tráth a ndéantar ceiliúradh, in Éirinn agus ar fud an domhain, ar gach ní a bhaineann le hÉirinn agus le muintir na hÉireann.

Ba é a bhí mar théama do Pharáid na bliana 2017 ná "Jonathan Swift". Ba é an bhliain 2017 Cothrom 350 Bliain Bhreith Jonathan Swift agus Foireann Shinsearach Camógaíochta Chill Chainnigh a bhí ann mar Cheann Feadhna na Paráide.





Leithroinn Comhairle Contae Chill Chainnigh maoiniúchán €35,000 le haghaidh Pharáid Lá Fhéile Pádraig sa bhliain 2017.

**DAOINE DE RÍTHEAGHLACH NA BREATAINE AR CUAIRT I gCILL CHAINNIGH**

Thug an Prionsa Charles agus Bandiúc Chorn na Breataine cuairt ar Chathair Chill Chainnigh agus ar Bhaile Mhic Andáin ar an 11 Bealtaine 2017. Ba ócáid iontach í sin do shaoránaigh Chill Chainnigh a chuir fáilte roimh an Lánúin Ríoga ar shráideanna Chill Chainnigh agus Bhaile Mhic Andáin.

D'óstáil an Cathaoirleach, an Comhairleoir Matt Doran, Fáiltiú Cathartha don Lánúin Ríoga i nGailearaí na bPéintéireachtaí, áit ar cuireadh in aithne do dhaoine áitiúla mór le rá agus d'ionadaithe ó earnálacha éagsúla de chuid an phobail iad.





**STOIRM OPHELIA**


Tháinig Stoirm Ophelia go Cill Chainnigh i lár mhí Dheireadh Fómhair 2017. Eisíodh foláireamh aimsire Stádas Dearg De Sathairn, an 14 Deireadh Fómhair 2017 agus níor cuireadh ar ceal é go dtí Dé Máirt an 17 Deireadh Fómhair 2017. Gníomhachtaíodh an Mheitheal Bainistíochta Géarchéime. Bunaíodh Ionad Glaonna ar feadh tréimhse 3 lá.

Chuaigh an stoirm i bhfeidhm ar an gcuid is mó dár seirbhísí agus blocáladh cuid mhór bóithre agus cuireadh isteach ar an soláthar leictreachais rud a chuaigh i bhfeidhm ar ár seirbhísí uisce agus ar ár ngléasraí cóireála dramhuisce.

Bhí na seirbhísí go léir as feidhm ar feadh tuairim is 1 lá.

De bharr dhéine na gaoithe agus na báistí, eisíodh 41 teachtaireacht meán chuig Easraisí Meán Áitiúil & Náisiúnta. Bhain Comhairle Contae Chill Chainnigh úsáid fhorleathan as meáin shóisialta chun saoránaigh a choinneáil cothrom le dáta maidir le bóithre blocáilte, maidir le cailleadh soláthair uisce agus maidir le teachtaireachtaí ginearálta faoi shábháilteacht bhóthair.





# CUMARSÁID & MEÁIN SHÓISIALTA 2017

Cuireann an Chomhairle a cuid teachtaireachtaí in iúl trí roinnt easraisí lena n-áirítear nuachtáin, raidió agus meáin shóisialta. Tá tábhacht ról na Meán Sóisialta ag méadú i dtaca le cúrsaí cumarsáide na Comhairle de.

Déanann an Chomhairle bainistíocht dhíreach ar 15 láithreán gréasáin, de bhreis ar fhormhaoirseacht a dhéanamh ar roinnt láithreán agus seirbhísí a sholáthraítear ar bhonn seachtrach.

Ba é a bhí i líon carnach na n-uaireanta a breathnaíodh ar láithreáin ghréasáin na Comhairle sa bhliain 2017 ná 2,714,698, agus is ionann an figiúr sin agus méadú 8.9% i gcomparáid le figiúr na bliana 2016, is é sin, 2,492,663.

| | 2016 | 2017 |
|---|---|---|
| **kilkennycoco.ie** | 1,108,658 | **1,334,687** |
| **visitkilkenny.ie** | 1,032,563 | **1,003,774** |
| **kilkenny.ie** | 155,373 | **169,919** |
| **kilkennylibrary.ie** | 122,892 | **150855** |
| **kilkennycity.ie** | 37,653 | **26570** |
| **kilkennyheritage.ie** | 15,470 | **10023** |
| **investkilkenny.ie** | 9,131 | **11296** |
| **kilkennyagefriendlycounty.ie** | 4,486 | **3654** |
| **kmhp.ie** | 5,202 | **1682** |
| **rhymerag.net** | 1,235 | **2238** |
| | **2,492,663** | **2,714,698** |

I rith na bliana 2017, tháinig méadú 222,035 ar an líon iomlán uaireanta a breathnaíodh ar Leathanaigh Láithreáin Gréasáin i gcomparáid leis an mbliain 2016.

Is é atá sa líon iomlán leantóirí Facebook, i dtaca le gach cuntas Facebook de chuid na Comhairle, ná 35,491, sin méadú 44.7% i gcomparáid le figiúr na bliana 2016, is é sin, 24,531.

| | 2016 | 2017 |
|---|---|---|
| **Turasóireacht** | 20,000 | **28121** |
| **Príomhláithreán Gréasáin na Comhairle** | 1,695 | **3676** |
| **Oidhreacht Chill Chainnigh** | 2,150 | **2535** |
| **Feasacht Chomhshaoil** | 282 | **588** |
| **Invest Kilkenny** | 222 | **322** |
| **Ionad Athchúrsála an Dúin Mhóir** | 182 | **249** |
| | 24,531 | 35,491 |

Tháinig méadú 10,960 ar an líon iomlán Leantóirí Facebook.

**Raon teagmhála phríomhleathanach Facebook Chomhairle Contae Chill Chainnigh**
*(is ionas raon teagmhála agus an líon uaireanta a bhreathnaítear ar phostáil ar phríomhleathanach Facebook Chomhairle Contae Chill Chainnigh)*


Ba é a bhí i raon teagmhála iomlán phríomhleathanach Chomhairle Contae Chill Chainnigh ná 587,742 agus is méadú 138.9% é sin i gcomparáid le figiúr na bliana 2016, is é sin, 246,045.

| | 2016 | 2017 |
|---|---|---|
| **Ráithe 1** | 116679 | **112941** |
| **Ráithe 2** | 24869 | **96449** |
| **Ráithe 3** | 77610 | **86611** |
| **Ráithe 4** | 26887 | **291741** |

| | | |
|---|---|---|
| | | **587742** |

Tháinig méadú 341,697 mbreathnú ar phostálacha ar an bpríomhleathanach Facebook

Is é atá sa líon iomlán leantóirí Twitter, i dtaca le gach cuntas Twitter de chuid na Comhairle, ná 22,719, sin méadú 14% i gcomparáid le figiúr na bliana 2016, is é sin, 19,996.




Fíor 1 Raon Teagmhála Phríomhleathanach Facebook 2016/2017

Leantóirí Twitter

| | **2016** | **2017** |
|---|---|---|
| **Cill Chainnigh** | 6,754 | **7545** |
| **Visit Kilkenny** | 4,731 | **5439** |
| **Kilkenny Notices** | 3,358 | **3908** |
| **Kilkenny Arts Office** | 2,132 | **2360** |
| **Invest Kilkenny** | 1,630 | **1837** |
| **Kilkenny Library** | 1,391 | **1630** |
| | **19,996** | **22719** |

Tháinig méadú 7,723 ar an líon iomlán Leantóirí Twitter.

**FREAGAIRT I LEITH STOIRM OPHELIA 15 - 17 DEIREADH FÓMHAIR 2017**

**Twitter**

| **15 Deireadh Fómhair** | **16 Deireadh Fómhair** | **17 Deireadh Fómhair** |
|---|---|---|
| 5.2 K Imprisean | 101.3 K Imprisean | 15,963 Imprisean |
| 5 Tvuít | 39 Tvuít | 23 Tvuít |
| | | 184 Leantóir Nua |
| ***An Líon Iomlán Imprisean 15-17 Deireadh Fómhair 122K An Líon Iomlán Tvuíteanna 67*** | | |

| **Facebook 15-17 Deireadh Fómhair.** | **An Láithreán Gréasáin 15-17 Deireadh Fómhair** |
|---|---|
| An Líon Iomlán Imprisean ar Facebook 164,448<br>Raon Teagmhála Iomlán ar Facebook 101,177<br>18,555 theagmháil ar mhodh postáil<br>540 leantóir nua leathanaigh<br>524 ‘is maith liom’ nua i leith | Breathnaíodh ar an leathanach 45,301 uair |

| | |
|---|---|
| leathanaigh éagsúla<br>51 Phostáil | |

# OILIÚINT & CAITEACHAIS NA gCOMHALTAÍ

| | | | Íocaíochtaí le Comhaltaí sa bhliain 2017 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| AINM | ÍOCAÍOCHTAÍ AR SON IONADAÍOCHTA | LIÚNTAS MÍOSÚIL | CAITEACHAIS Comhdhálacha/Oiliúint, lena n-áirítear Táillí, Teileafón | SPC Liúntas Cathaoirligh | Liúntas do Chathaoirleach Ceantair Bhardasaigh | Liúntas Cathaoirligh/Leas-Chathaoirlighh |
| MH Cavanagh | €16,568.04 | €5,388.42 | €5,696.68 | | | |
| Pat Millea | €16,568.04 | €3,911.98 | €4,513.41 | €750.00 | | |
| Maurice Shortall | €16,568.04 | €4,162.66 | €5,820.91 | €2,000.00 | | |
| John Brennan | €16,568.04 | €4,070.93 | €6,317.29 | €3,449.70 | €3,250.00 | |
| Michael McCarthy | €16,568.04 | €4,355.80 | €5,950.48 | | | |
| Pat Fitzpatrick | €16,568.04 | €4,065.35 | €4,810.91 | €1,250.00 | €2,529.78 | €1,763.18 |
| Andrew McGuinness | €16,568.04 | €4,138.80 | €3,770.27 | €3,500.00 | | |
| Peter Cleere | €16,568.04 | €4,361.64 | €6,018.89 | | | |
| Michael Doyle | €16,568.04 | €5,127.21 | €3,964.25 | | €6,117.46 | |
| Patrick O'Neill | €16,568.04 | €3,927.75 | €1,608.64 | | €5,841.50 | |
| Breda Gardner | €16,568.04 | €4,100.34 | €4,992.76 | | | |
| David Kennedy | €16,568.04 | €4,616.14 | €5,672.90 | | | |
| Matt Doran | €16,568.04 | €4,181.29 | €4,459.12 | €3,500.00 | | €8,815.90 |
| Joe Malone | €16,568.04 | €2,759.50 | €5,119.01 | | | |
| Malcolm Noonan | €16,568.04 | €3,847.39 | €568.32 | | | |
| Patrick McKee | €16,568.04 | €4,355.80 | €2,263.03 | | | |
| David Fitzgerald | €16,568.04 | €4,065.30 | €576.56 | | | €11,115.70 |
| Sean Tyrrell | €16,568.04 | €3,885.18 | €2,950.54 | | | |
| Melissa O'Neill | €16,568.04 | €5,805.64 | €1,935.61 | | | |
| Pat Dunphy | €16,568.04 | €5,830.02 | €3,803.32 | €1,750.00 | | €2,223.14 |
| Fidelis Doherty | €16,568.04 | €5,437.73 | €2,755.98 | | €3,380.70 | |
| Eamon Aylward | €16,568.04 | €5,203.32 | €4,497.97 | | | |
| Tomás Breathnach | €16,568.04 | €5,378.64 | €418.88 | | | |
| Ger Frisby | €16,568.04 | €5,816.47 | €5,748.40 | | €2,598.77 | |
| Iomlán | €397,632.96 | €108,793.30 | €94,234.13 | €16,199.70 | €23,718.21 | €23,917.92 |

# ACMHAINNÍ DAONNA

Déileálann an Roinn Acmhainní Daonna leis na réimsí seo a leanas:

- An Straitéis Acmhainní Daonna
- Pleanáil Fórsa Saothair
- Earcaíocht agus Roghnúchán
- Párolla agus Aoisliúntas
- Oiliúint agus Forbairt Fostaithe
- Bainistíocht Feidhmíochta
- Forbairt Ceannaireachta
- Comhionannas
- Bainistíocht Éagsúlachta
- Cothromaíocht idir an Obair agus an Saol
- Caidreamh Tionscail
- Sláinte, Sábháilteacht agus Leas na bhFostaithe

**Leibhéil Foirne**
Ba é a bhí sa líon ball foirne a bhí ar fostú ar an 31/12/2017 ná 637 (*an líon daoine iarbhír*) nó 516.31 (*an líon coibhéiseach post lánaimseartha*).

**Seirbhís Chomhroinnte Párolla & Aoisliúntais**
Tá an tseirbhís seo á soláthar ag *My Pay*, is é sin, Soláthróidh Seirbhísí Comhroinnte an Rialtais Áitiúil, rud a dhéantar óna gcuid oifigí i bPort Laoise, Co Laoise. Chuir Comhairle Contae Chill Chainnigh tús le Tionscadal Aoisliúntais ar mhaithe leis an réimse sin a chur san áireamh sna Seirbhísí Comhroinnte sa bhliain 2018.

**Oiliúint & Forbairt**
Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta i leith a forbairt ghairmiúil agus forbairt phearsanta a áirithiú go gach fostaí. Tá sé mar aidhm ag oiliúint agus forbairt cabhrú le fostaithe teacht chun bheith níos éifeachtaí ina gcuid post agus forbairt a dhéanamh ar a n-acmhainneacht agus, ag an am céanna, cabhrú le spriocanna agus cuspóirí na Comhairle a bhaint amach. Cuireadh clár cuimsitheach oiliúna i gcrích sa bhliain 2017 agus bhí oiliúint Sláinte & Sábháilteachta, Cláir Foghlama Oscailte Tríú Leibhéal agus Seimineáir/Ceardlanna éagsúla ann mar chuid den oiliúint sin.

**Bainistíocht Freastail**
Athbhreithníodh Beartas Bainistíochta Freastail na nEarnálacha Rialtais Áitiúil sa bhliain 2013 agus tugadh isteach scéimeanna athbhreithnithe pá breoiteachta don Earnáil. Tá leibhéil asláithreachta á mbainistiú de réir na mbeartas sin i gcónaí.

**Scéim Tairsí**
Thug an Earnáil Rialtais Áitiúil gealltanas i leith 3,000 áit a sholáthar ar a Scéim Fostaíochta Sóisialta, dar teideal 'Tairseach' ('Gateway'). Cuireann Údaráis Áitiúla ar fud na tíre an Scéim Tairsí ar fáil agus tugann sí deis do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach obair a fháil ar feadh 19.5 uair an chloig sa tseachtain thar thréimhse 22 mhí. Tá 71 socrúchán curtha ar fáil ag Comhairle Contae Chill Chainnigh go dtí seo, ar socrúcháin iad a bhfuil an conradh i leith 56 cinn díobh críochnaithe agus, maidir leis an líon sin, d'fhág 13 díobh le fostaíocht a ghlacadh san earnáil phríobháideach nó le filleadh ar an oideachas. Tá beirt fós ag gabháil don Scéim. De bhreis air sin, chuir an Chomhairle fostaíocht shealadach ar fáil do 16 dhuine tar éis dóibh a gconarthaí Tairsí a chur i gcrích.

Bhí na rannpháirtithe ag gabháil do chineálacha éagsúla oibre, mar shampla, ballaí agus cosáin a thógáil, tírdhreachú agus cothabháil crann, slacht a chur ar bhóithre isteach go sráidbhailte, glanadh reiligí, teicneolaíocht faisnéise, margaíocht, cur chun cinn na turasóireachta agus riarachán.

I rith an ama a caitheadh ar an scéim, bhí eispéireas dearfach ag an gcuid is mó daoine agus d'fhoghlaim siad scileanna nua nó chuir siad feabhas ar na scileanna a bhí acu, chuaigh siad i mbun cúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus fuair siad deimhnithe sláinte agus sábháilteachta, agus bhí siad ag obair ar bhaill foirne nó as a stuaim féin ach is faoi choimirce Chomhairle Contae Chill Chainnigh a bhí obair ardchaighdeáin á déanamh acu sa phobal.

# INIÚCHADH INMHEÁNACH

Cuimsíonn an Coiste Iniúchta triúr comhaltaí seachtracha agus beirt chomhaltaí tofa.

Seo a leanas an ról atá ag an gCoiste:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus ar nósanna imeachta na Comhairle sa réimse tuairiscithe airgeadais
- Forbairt dea-chleachtas a chothú maidir le feidhm iniúchta inmheánaigh an údaráis áitiúil
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha na Comhairle agus tuairisciú a dhéanamh maidir le torthaí a chuid oibre
- Measúnú a dhéanamh éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead agus na nithe sin a chur chun cinn
- Ar mhaithe le bainistiú rioscaí, athbhreithniú a dhéanamh ar chórais a oibríonn ag an údarás áitiúil.

Bhí ceithre chruinniú den Choiste Iniúchta ann sa bhliain 2017. Is iad seo a leanas na príomh-shaincheisteanna a breithníodh:

- An Dréacht-Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2016
- Eisíocaíochtaí
- An Beartas maidir le Nochtadh Cosanta
- Láimhseáil Airgid Thirim
- An Tuarascáil ón Iniúchóir Rialtais Áitiúil
- An Clár Tithíochta

Ghlac na Comhaltaí Tofa Scéim na nOibreacha 2017 do Chontae Chill Chainnigh i Márta 2017. Ba é a bhí i luach iomlán na Scéimeanna Cothabhála agus Feabhsaithe ná €20,637.159. D'éirigh le Comhairle Contae Chill Chainnigh maoiniúchán breise €2,897,427 a áirithiú mar mhaoiniúchán breise ó Bhonneagar Iompair Éireann [TII] i rith na bliana agus, mar thoradh air sin, bhíothas in ann oibreacha breise dearthóireachta, feabhsaithe agus cothabhála a dhéanamh ar an Líonra Bóithre Náisiúnta.

Ina theannta sin, d'éirigh le Comhairle Contae Chill Chainnigh maoiniúchán a fháil sa bhliain 2017 faoi Chlár CLÁR agus faoin Scéim Athnuachana Sráidbhailte ar tríothu a leithroinneadh suimeanna €161,932 agus €873,364 faoi seach. Mar thoradh ar an maoiniúchán faoin dá thionscnamh sin, bhíothas in ann infheistíocht a dhéanamh in oibreacha feabhsaithe, tréscaoilteachta agus feabhsaithe sábháilteachta i mbailte, i sráidbhailte agus i gceantair thuaithe sa Chontae.

**Tionscadail Chaipitiúla Bóthair agus Feabhsuithe Bóthair**

Le deich mbliana anuas, tá caiteachas caipitiúil os cionn €1 billiún infheistithe i mbóithre agus i scéimeanna mótharbhealaigh i gCo. Chill Chainnigh.

**Mórthionscadail**

**Seachród Ros Mhic Thriúin N25**
Bhronn TII an Conradh PPP do chuibhreannas BAM Iridium (an Chuideachta PPP) i mí Eanáir 2016. Is é a bheidh mar chonraitheoir ag an gCuideachta PPP i leith na hoibre ná comhfhiontar de chuid BAM Civil Ltd agus Dragados Ireland Limited agus cuireadh tús leis na hoibreacha ar an láithreán i bhFeabhra 2016. Leanadh ar aghaidh leis na hoibreacha talúnta i rith mhíonna an tsamhraidh sa bhliain 2017 agus bhí os cionn 80% den obair críochnaithe faoi dheireadh na bliana. Rinneadh dul chun cinn suntasach freisin ar Dhroichead Bhearú agus ar dhéanmhais droichid agus ar íosbhealaí eile i rith na bliana. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le hoibreacha draenála, oibreacha áise, oibreacha seirbhíse agus oibreacha gaolmhara eile. Ina theannta sin cuireadh tús le hoibreacha ar chrosbhealach an Ghleanna Mhóir N25 agus ar Íosbhealach Bhóthar an Ghleanna Mhóir agus táthar ag súil go gcríochnófar an ghné sin den tionscadal i R2 2018. Tá an Scéim le críochnú de réir an chláir ama a bhí leagtha amach di agus tá an bóthar le hoscailt sa bhliain 2019.



*Oibreacha ag Timpeallán agus ag íosbhealach an Ghleanna Mhóir*



*Droichead Bhearú ag Pink Rock - tá an léibheann lárnach teilgthe agus*

Foilsíodh nuachtlitreacha ráithiúla faoin tionscadal agus scaipeadh go forleathan iad i bhfoirgnimh phoiblí, i saoráidí áitiúla, i siopaí agus ar shainláithreán gréasáin ar postáladh faisnéis uasdátaithe air chomh maith le faisnéis faoi bhainistíocht tráchta agus faoi oibreacha bóthair.

**An Clár Feabhsaithe Pábhála agus Mionoibreacha**

Faoin gClár Feabhsaithe Pábhála agus Mionoibreacha a maoiníonn TII é, rinne Comhairle Contae Chill Chainnigh dul chun cinn suntasach i leith na nithe seo a leanas:

**a) Scéim Feabhsaithe Pábhála na Greanaí & New Aglish N24;**
Chuimsigh an tionscadal seo 2km d'fhorleagan feabhsaithe pábhála agus oibreacha gaolmhara eile. Críochnaíodh an tionscadal i R4 2017 agus ghabh luach €709,000 leis an gconradh ina leith.

**b) Scéim Mionfheabhsaithe Bhóthar na Carraige N24:**
Soláthraíodh leithroinnt €37,000 sa bhliain 2017 chun céim dhearthóireachta na Scéime seo a chur ar aghaidh. Táthar ag súil go ndéanfar Tuarascáil Measúnaithe Tionscadail, mar aon le Tuarascáil maidir le hIndéantacht agus Roghanna i leith na Scéime, a chríochnú i R1/2 2018.

**c) Seachród Bhaile an Phoill/Fhiodh Dúin N24 - Acomhal Bhóthar an Túir & Inkbottle**
Rinneadh Measúnacht Tionchair Sábháilteachta Bóthair agus Tuarascáil faoi Roghanna a chur faoi bhráid TII i leith na n-acomhal sin. De bhun na tuarascála sin, thug TII ceadú do Chomhairle Contae Chill Chainnigh sainchomhairleoir innealtóra a fhostú chun céim pleanála agus dearthóireachta na Scéime seo a chur ar aghaidh. Ullmhaíodh mionteagasc dearthóireachta agus rinneadh tairiscint ina leith agus táthar ag súil go gceapfar sainchomhairleoireacht go luath sa bhliain 2018. Déanfar pleanáil, dearadh mionsonraithe, fáil talún agus ullmhú doiciméad conartha a chur ar aghaidh sa bhliain 2018. Ina theannta sin cuireadh bearta eatramhacha sábháilteachta a chur i gcrích ag Acomhal Bhóthar an Túir sa bhliain 2017 ar chostas €87,000.

d) **Gráig na Cille (nasc sheachród Ros Mhic Thriúin) go Baile na nGall N25** (fad 3.60km móide 0.63km breise ón bhFliuchmhuine go dtí an Rhu Glen, is é sin, fad iomlán 4.13km);

Fuair Cill Chainnigh leithroinnt maoiniúcháin ó TII sa bhliain 2017 chun dearadh mionsonraithe agus ullmhú doiciméad conartha a chur i gcrích le haghaidh na scéime feabhsaithe pábhála seo. Faoi réir na gceaduithe riachtanacha maidir le dearadh agus maoiniúchán a fháil í TII, táthar ag súil go ndéanfar tairiscintí don scéim seo a fhógairt i R1/2 2018 d'fhonn tús a chur leis na hoibreacha i Ráithe 2 2018.

**e) Athailíniú Bhóthar Challainn N76: 4.38km - €8.75m;**
Síneann Scéim Athailínithe Bhóthar Challainn N76 ó Thimpeallán Bhóthar Challainn ar an gCuarbhóthar N76 go dtí pointe díreach ó dheas ó Acomhal Bhaile an Bhrúnaigh. Déanann an Scéim socrú maidir le cosáin/rianta rothair agus soilsiúchán poiblí a thabhairt isteach taobh leis an mbóthar ón gCuarbhóthar go dtí Crosbhóthar Thigh na Páirce agus athailíniú isteach ón mbóthar idir Crosbhóthar Thigh na Páirce agus Baile an Bhrúnaigh. Cuireadh tús le conradh na n-oibreacha go luath sa bhliain 2017 agus tá dul chun cinn maith déanta ar an láithreán. Táthar ag súil go gcuirfear an tionscadal i gcrích i R2 2018.






***Mí na Nollag 2016*** *- O Thuaidh ó Acomhal Bhaile an Bhrúnaigh -* ***Mí na Nollag 2017***

***Scéim Athailínithe Bhóthar Challainn***

**f) Scéim Mionfheabhsaithe Bhéal Átha Ragad go Baile na Slí N77**
Soláthraíodh leithroinnt €38,000 sa bhliain 2017 chun céim dhearthóireachta na Scéime seo a

chur ar aghaidh. Táthar ag súil go ndéanfar Clár Comhardaithe maidir le Measúnú Tionscadail agus Tuarascáil maidir le Dearadh a chríochnú i R1 2018. Déanfar cúrsaí pleanála faoi Chuid 8 agus fáil tailte atá ag teastáil i ndáil le cur i bhfeidhm na Scéime seo a chur ar aghaidh sa bhliain 2018, ach sin faoi réir maoiniúchán a bheith ar fáil.

**g) Scéim Feabhsaithe Pábhála ó Bhaile an Chomaigh go Caisleán an Chomair N78;**
Chuimsigh an tionscadal seo 1.4km d'fhorleagan feabhsaithe pábhála agus oibreacha gaolmhara eile. Críochnaíodh an tionscadal sa bhliain 2017 agus ghabh luach €665,000 leis an gconradh ina leith.


h) **Droichead Chaisleán an Chomair go dtí an Cúl Bán Theas & an Cúl Ban Thuaidh go dtí Crochta Ard** N78, *(fad 6.73km)* Fuair Cill Chainnigh leithroinnt maoiniúcháin ó TII sa bhliain 2017 chun dearadh mionsonraithe agus ullmhú doiciméad conartha a chur i gcrích le haghaidh na scéime feabhsaithe pábhála seo. Faoi réir na gceaduithe riachtanacha maidir le dearadh agus maoiniúchán a fháil í TII, táthar ag súil go ndéanfar tairiscintí don Scéim seo a fhógairt i R1 2018 d'fhonn tús a chur leis na hoibreacha i Ráithe 2 2018.

**Líonra na mBóithre nach Bóithre Naisiúnta iad**

**a) Clár Athbhunaithe/Feabhsaithe agus Athbhunaithe/Cothabhála 2017**
Déantar na príomhfheabhsuithe bóthair sa líonra bóithre Nach Bóithre Náisiúnta Iad a mhaoiniú ón Scéim Deontas maidir le hAthbhunú/Feabhsú agus Athbhunú/Cothabháil Bóithre. Fuair an Chomhairle leithroinnt deontais €6.713m sa bhliain 2017. Déantar tús áite a thabhairt d'oibreacha faoin Scéim seo ar an mbonn go soláthraítear feabhsuithe ar rátáil an riochta ina bhfuil an bóthar, ar fhriotaíocht in aghaidh sciorradh agus ar neamh-thréscaoilteacht. Sa bhliain 2017
cuireadh feabhas ar fhad 100.3km faoin Scéim seo, is é sin, feabhsaíodh 46.3 km faoin gClár Athbhunaithe/Feabhsaithe agus feabhsaíodh 54km faoin gClár Athbhunaithe/Cothabhála (cóiriú dromchla). Tá dul chun cinn suntasach déanta ar an líonra bóithre nach bóithre náisiúnta iad thar na blianta ón tráth ar tugadh isteach an Deontas maidir le hAthbhunú agus tá an rátáil i leith riocht na mbóithre i gCill Chainnigh chomh maith le haon Chontae eile.

**b) An Clár Sábháilteachta Ísealchostais maidir le Bóithre Nach Bóithre Náisiúnta iad**
Tá an Clár Sábháilteachta Ísealchostais maidir le Bóithre Nach Bóithre Náisiúnta iad dírithe ar shuíomhanna ar leith sa líonra bóithre nach bóithre náisiúnta iad, ar suíomhanna iad atá sainaitheanta mar chriosanna ina dtarlaíonn líon mór imbhuailte. I measc na n-oibreacha atá déanta faoin gclár seo áirítear marcálacha acomhal agus spréanna léargais, ceansú tráchta, marcálacha feabhsaithe ar thaobh an bhóthair agus saoráidí trasnaithe bóthair do choisithe laistigh de limistéir uirbeacha. Sa bhliain 2017, críochnaíodh seacht scéim faoin gclár seo ar chostas €249,000.

Ceann de na tionscadail a rinneadh sa bhliain 2017 ab ea Céim 1 de Chóireáil an Bhealaigh le haghaidh Cheansú Tráchta ar Bhóthar Achadh Úr, ar tionscadal é lena ndearnadh socrú chun miontimpeallán a chur ar fáil ag an mbealach isteach chuig Ospidéal N Lúcás agus chun trasrian soilsithe do choisithe a shuiteáil ar Bhóthar Achadh Úr.




*Oibreacha Feabhsaithe Sábháilteachta Ísealchostais ar Bhóthar Achadh Úr*

**Príomhscéimeanna Feabhsaithe Bonneagair:**

**Scéim Lárnach Rochtana Chill Chainnigh**

Maidir le Céim 1 den scéim a bhain go príomha le tógáil Droichid nua le haghaidh na Scéime Lárnaigh Rochtana (Droichead Naomh Proinsias) trasna na Feoire, chríochnaigh

an conraitheoir a bhí ceaptha, is é sin, John Cradock Limited, í i mí Iúil 2016. Maidir le Céim a Dó den scéim, is é sin le rá, tógáil ród na Scéime Lárnaí Rochtana ón taobh thiar den droichead nua go dtí Plás Chainnigh, agus ón taobh thoir den droichead go dtí Bóthar Chaisleán an Chomair, lena n-áirítear leathnú Bhóthar Chaisleán an Chomair agus athchumrú thimpeallán an Bhóthair Nua, chríochnaigh an conraitheoir a bhí ceaptha, *Fox Building and Civil Engineering Limited*, í i mí Bhealtaine 2017. Osclaíodh an scéim go hoifigiúil ar an 23 Bealtaine, 2017.




*Siúlán agus Crainn ar gach taobh de i bPáirc na Síochána*



*Bóthar Chaisleán an Chomair*

**Scéim Feabhsaithe Shráid Phádraig**

Sa bhliai9n 2017, leanadh de na hoibreacha ar Scéim Feabhsaithe Shráid Phádraig trína ndearnadh na cosáin a uasghrádú, trasrian do choisithe a shuiteáil, soilsiúchán ornáideach sráide a chur in airde agus sreanga seirbhíse lastuas a thabhairt chun bealaigh. Chuir toradh na hoibre sin feabhas mór ar tharraingteacht an tsráid-dreacha agus, ag an am céanna, cuireadh saoráidí níos fearr ar fáil do choisithe.



*Scéim Feabhsaithe Shráid Phádraig*

**Leathnú Chuarbhóthar Thuaidh Chill Chainnigh: 1.5 km**

Rinneadh an Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh i leith na scéime seo a eisiúint chuig an mBord Pleanála ar an 13 Nollaig, 2013. Cheadaigh an Bord Pleanála an Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh sa dara ráithe den bhliain 2014. Lorg úinéirí talún áitiúla Athbhreithniú Breithiúnach ar an gcinneadh sin. I mí Bhealtaine 2017, tharchuir an Ard-Chúirt an cás chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus tá Comhairle Contae Chill Chainnigh ag fanacht le breith ón gCúirt sin le go mbeidh sí in ann an chéad chéim eile don scéim a chur in iúl do na Comhaltaí.

**Sábháilteacht ar Bhóithre**

Tá an Chomhairle ag leanúint den fheidhm thábhachtach seo a mhaoiniú, agus déantar feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn, mar aon le córas na maor scoile a bhainistiú agus tacaíocht a thabhairt i ndáil le feachtais sábháilteachta bóthair atá dírithe ar phobail.

Ghlac na Comhaltaí Tofa Plean Sábháilteachta Bóthair Chill Chainnigh 2015 go 2020 i mí Iúil 2015. Sa Phlean sin, leagtar amach treoir shoiléir maidir le dul chun cinn a dhéanamh i réimse na sábháilteachta bóthair suas go deireadh na bliana 2020. Mar bhuntaca leis an bPlean, tá sraith tionscadal agus gníomhartha sainithe ann a bhaineann leis na príomhréimsí idirghabhála, is é sin le rá, Innealtóireacht, Oideachas, Forfheidhmiú agus Rannpháirtíocht Tá 45 thionscadal ar leithligh ann sa phlean, mar aon le 54 Ghníomh/Sprioc don tréimhse suas go deireadh na bliana 2020 agus tá na gníomhaireachtaí ceannais iomchuí ag obair chun an méid sin a chur i gcrích.

Leanfaidh Comhairle Contae Chill Chainnigh agus an Garda Síochána de bheith ag comhoibriú lena chéile chun feabhsuithe i dtaca le sábháilteacht bhóthair de a áirithiú sa chontae.

**Soilsiúchán Poiblí**
Déanann Comhairle Contae Chill Chainnigh cothabháil ar thuairim is 10,000 solas poiblí ar fud an Chontae.

Tar éis próiseas tairisceana, rinne Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh agus Cheatharlach conradh nua le *SSE Airtricity* i mí Aibreáin 2017 chun cothabháil a dhéanamh ar shoilsiúchán poiblí. Mairfidh an conradh sin dhá bhliain agus tá socrú ann ar dá réir is féidir é an fhadú go ceann dhá bhliain eile. Bronnadh an conradh seo ar *SSE Airtricity* agus is conradh é atá struchtúraithe mar chonradh seirbhíse cothabhála lena ngabhann Sceideal Rátaí. Tríd an gconradh nua cothabhála seo a thabhairt isteach beidh sábháil airgid ann don dá Údarás Áitiúla. Tá sé beartaithe ag Cill Chainnigh an tsábháil airgid sin a athinfheistiú i mbonneagar riachtanach soilsiúcháin phoiblí agus i dtionscadail a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh.
Is é *Energia* a fheidhmíonn mar sholáthraí stoic soilsiúcháin phoiblí neamh-mhéadraithe agus is é *SSE Airtricity* a fheidhmíonn mar sholáthraí stoic soilsiúcháin phoiblí mhéadraithe. Déanann an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair formhaoirseacht ar an dá chonradh soláthair.
Is é atá san infheistíocht bhliantúil i soláthar soilsiúcháin phoiblí ná €1.13m. Baineann 20% den mhéid sin le cothabháil agus le hoibreacha caipitiúla agus baineann 80% de le cúrsaí fuinnimh. Caitheadh tuairim is €900,000 ar an gcuntas fuinnimh agus caitheadh an t-iarmhéid ina raibh suim €230,000 ar chothabháil agus ar oibreacha caipitiúla.

**Uasghrádú shoilsiúchán Chuarbhóthar Chill Chainnigh N77**
Rinne Oifig na mBóithre agus an Oifig Fuinnimh iarratas chuig Bonneagar Iompair Éireann ar mhaoiniúchán i bhfoirm deontais chun iarfheistiú a dhéanamh i leith 310 solas ar an N77 ó thimpeallán Bhóthar Chaisleán an Chomair go dtí timpeallán Bhóthar Bhaile Átha Cliath. Críochnaíodh an tionscadal sin i mí na Nollag agus, mar thoradh air, beidh sábháil airgid tuairim is €35,000 ann sa bhliain móide sábháil fuinnimh 67%.



*Cuarbhóthar Chill Chainnigh N77 roimh na hoibreacha agus ina ndiaidh*

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh gníomhach i ndáil le spreagadh a thabhairt i leith teicneolaíocht soilsiúcháin LED a úsáid nuair atá soilsiúchán nua poiblí á shuiteáil agus nuair atá iarfheistiú á dhéanamh ar shoilsiúchán poiblí. De bhreis air sin, tá úsáid teicneolaíochta éifeachtúlachta fuinnimh á moladh le haghaidh forbairtí nua atá beartaithe don Chontae.

# SEIRBHÍSÍ UISCE

Ón mbliain 2014 i leith, is é Uisce Éireann an tÚdarás Seirbhísí Uisce do na scéimeanna uisce phoiblí agus dramhuisce go léir. Leanann Comhairle Contae Chill Chainnigh d'fheidhmiú mar Údarás Seirbhísí Uisce don Earnáil Uisce Tuaithe/Grúpa.

Faoin gComhaontú Leibhéil Seirbhíse dhá bhliain déag idir Uisce Éireann agus Comhairle Contae Chill Chainnigh, is í an Chomhairle a sholáthraíonn na seirbhísí uisce phoiblí uisce agus dramhuisce ó lá go lá thar ceann Uisce Éireann. Is é Uisce Éireann a chuireann maoiniúchán ar fáil, agus a dhéanann macrabhainistíocht, i ndáil le soláthar na seirbhíse, agus soláthraíonn an Chomhairle an fhoireann agus déanann sí micreabhainistíocht i ndáil le soláthar na seirbhíse.

Clúdaíonn an Comhaontú Leibhéil Seirbhíse na nithe seo a leanas:

- cóireáil uisce phoiblí agus dramhuisce,
- líonraí uisce phoiblí agus dramhuisce,
- Bainistíocht tionscadail a dhéanamh ar thionscadail chaipitiúla uisce agus dramhuisce.

**Oibriú agus Cothabháil:**
Bainistíonn Comhairle Contae Chill Chainnigh 24 sholáthar uisce óil phoiblí agus 35 scéim cóireála dramhuisce phoiblí thar ceann Uisce Éireann. Sa bhliain 2017, rinneadh 9.7 billiún lítear uisce (26.5 milliún lítear/lá) a sholáthar trí líonra soláthair uisce phoiblí Chill Chainnigh do thuairim is 65,000 custaiméir.

Is í an bhliain 2016 an bhliain is déanaí ar ina leith atá Tuarascáil ar Cháilíocht Uisce Óil foilsithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Beidh tuarascáil na bliana 2017 á fhoilsiú níos déanaí sa bhliain 2018.

Sa bhliain 2016, den séú bliain i ndiaidh a chéile, fuair Scéimeanna Uisce Phoiblí Chill Chainnigh rátáil 100% maidir le comhlíontacht mhicribhitheolaíochta (is é atá sa mheán náisiúnta ná 99.9%). Baineadh rátáil 99.7% amach maidir le comhlíontacht i ndáil le paraiméadair cheimiceacha (is é atá sa mheán náisiúnta ná 99.4%).

De réir mar ab amhlaidh le tamall de bhlianta anuas, leanadh den fheabhsú ar leibhéal na comhlíontachta, ó thaobh cúrsaí comhshaoil de, i ngléasraí cóireála dramhuisce Chill Chainnigh. Tá an treocht fhoriomlán sin le feiceáil san fheabhas atá tagtha ar na torthaí a taifeadadh i dTuarascálacha Bliantúla na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ar Dhramhuisce Uirbeach.

**An Clár Caipitiúil:**
Tá Clár Infheistíochta Caipitiúla cúig bliana (2017 - 2021) ag Uisce Éireann ar clár é lena ngabhann suim €3.5bn agus tá os cionn €60m den tsuim sin curtha san áireamh mar infheistíocht sna tionscadail seo a leanas i gContae Chill Chainnigh le linn ré an chláir.

**Scéim Soláthair Uisce Réigiúnaigh Chathair Chill Chainnigh:**
Faoi láthair, déantar freastal ar an éileamh laethúil ar sholáthar uisce óil i gCathair Chill Chainnigh (tuairim is 11,000m3/lá) ar mhodh 50% den soláthar ó Choill an Treoigh (uisce a fhaighte ón bhFeoir) agus 50% den soláthar ó Bhaile Rád (uisce a fhaightear ón Deighean agus ón Dúghlais).

I mí na Nollag, 2016, thaisc Uisce Éireann iarratas pleanála maidir le huasghrádú a bhí beartaithe. De réir an togra atá leagtha amach san iarratas pleanála, samhlaítear go bhaighfear an soláthar iomlán don chathair ón bhFeoir. Tá sé beartaithe uasghrádú agus leathnú a dhéanamh ar Ghléasra Cóireála Uisce Choill an Treoigh, mar aon le stáisiún caidéalaithe uisce chóireáilte agus 2.8 km de phríomhphíopa aníos le haghaidh uisce cóireáilte a chur ar fáil ó Choill an Treoigh go Baile Rád. Tríd an scéim atá beartaithe, déanfar an t-uisce óil go léir do Chathair Chill Chainnigh a tháirgeadh ag saoráid Choill an Treoigh agus dáilfear an t-uisce ó na taiscumair atá ann cheana féin i nDroim Deilgneach agus i mBaile Rád. Tá Cead Pleanála tugtha ag Comhairle Contae Chill Chainnigh ach tá achomharc déanta chuig an mBord Pleanála in aghaidh an chinnidh sin. Táthar ag súil le cinneadh

ón mBord Pleanála i mí Aibreáin 2018.

**Uasghrádú Thaiscumar Uachtar Rátha**

- Rinneadh na hoibreacha uasghrádúcháin a chríochnú go substaintiúil sa bhliain 2017.

**Seirbhísí cúlchlóis a athsholáthar - Sráid an Chléibh, Achadh Úr**

- 19 seirbhís cúlchlóis a athsholáthar ar Shráid an Chléibh, Achadh Úr, agus Príomhphíopa Uisce nua 101mm a leagan.
- Críochnaíodh na hoibreacha sa bhliain 2017. Costas an tionscadail: €70,000.

**Athshlánú Príomhphíopa Uisce (Baile Mhic Grifín, Ónainn agus Baile Uí Fhinn)**

- Rinneadh tuairim is 4.5km de phríomhphíopa uisce a athsholáthar faoin gconradh seo sa bhliain 2017. Costas an tionscadail: €550,000

**Athshlánú Príomhphíopa Uisce (Áth Stúin agus an Droichead Nua - 2 scéim, 1 chonradh)**

- Rinneadh an obair ar athsholáthar 950m de phríomhphíopa uisce sa Droichead Nua agus ar athsholáthar 2.7km de phríomhphíopa uisce in Áth Stúin agus ar 56 cheangal a chur i gcrích sa bhliain 2017.

**Athshlánú Príomhphíopa Uisce - Dún Fhionnáin**

- Áiríonn na hoibreacha athsholáthar 1.3km de phríomhphíopa uisce ina gcuimsítear 30 ceangal nua. Tá tairiscint déanta i leith na n-oibreacha agus tá siad le tosú i R1/R2 2018.

**Athshlánú Phríomhphíopa Uisce Mhainistir Sheireapúin**

- Críochnaíodh oibreacha Chéim 1 (Promhadh Bealaigh agus trinseáil Seandálaíochta) sa bhliain 2017.
- Tá athbhreithniú ar siúl maidir le Céim 2, is é sin, athshlánú 1,750m d'athshlánú príomhphíopa uisce

**Clár Athfheistithe Thaiscumar an Ghleanna Mhóir**

- Is é atá sa togra ná taiscumar nua a shuiteáil os cionn an Ghleanna Mhóir agus díchoimisiúnú a dhéanamh ar an taiscumar atá ann cheana féin faoi thalamh.
- Cuireadh tús le hoibreacha ar an láithreán sa bhliain 2017.



*An díon suiteáilte ar an taiscumar i gCoill Mhic Sheáin, Inis Tíog*

**Clár Oibreacha Inraoin i nGléasraí Cóireála Dramhuisce Bhaile an Phoill agus Challainn:**

- Críochnaíodh na hoibreacha sa dá ghléasra sa bhliain 2017.
- Chuimsigh an conradh dearadh, soláthar agus coimisiúnú scáileán inraoin do Bhaile an Phoill agus do Challainn araon.
- Ina theannta sin, bhí dearadh, soláthar agus coimisiúnú meán scagaire bhitheolaíoch i mBaile an Phoill.

**Gléasraí Cóireála Dramhuisce Chaisleán an Chomair, Áth Stúin agus Áth na nUrlainn:**

- Críochnaíodh uasghrádú na dtrí ghléasra seo sa bhliain 2017, ar chostas €3m.

**Scéim Soláthair Uisce Inis Tíog:**

- Cuireadh tús leis na hoibreacha ar an tionscadal thuas i R4 2017 agus tá R4 2018 socraithe mar spriocdháta chun na hoibreacha a chríochnú. Cosnóidh an tionscadal €6m. Déanfar screamhuisce a fháil agus a chóireáil i mBaile Mhic Andáin agus caidéalófar é isteach sa soláthar i líonra Inis Tíog. Tiocfaidh an gléasra cóireála atá ann i mBaile Gob chun bheith iomarcach agus úsáidfear láithreán Bhail Gob mar láithreán taiscumair amháin.

**Athshlánú Príomhphíopa - Céim 2**

*Ráth an Leigéadaigh, an Ráth Nua, Cnoc Siltín, Cnoc an Tóchair agus Gráig na Manach.*

Mar chuid den tionscadal seo, tá athsholáthar tuairim is 8km de phríomhphíopa lagfheidhmíochta. Táthar ag súil go mbeidh sábháil 250m$_3$ d'uisce in aghaidh an lae ann mar thoradh ar an tionscadal. Tá an tionscadal le tosú i R1/R2 den bhliain 2018. Is é atá i gcostas measta an tionscadail seo ná €2.5m.

**Bainistiú Brú (Cathair Chill Chainnigh)**

Baineann an tionscadal seo le fad 2.8km de thrunc-phríomhphíopa nua a sholáthar d'fhonn dáileadh feabhsaithe agus bainistiú brú níos fearr a chur ar fáil sna suíomhanna seo a leanas i lár na cathrach:

- Plás an Déin Chaomhánaigh go Sráid Emmett.
- Cearnóg an Athar Uí Mhurchú go Bóthar Urumhan
- Bóthar an Choláiste go Sráid Phádraig.
- Sráid Shéamuis go dtí an tSráid Ard.

Léiríonn na réamh-mheastachán go gcosnóidh an tionscadal circa €5m. Fuarthas tairiscintí i leith Chéim 1, is é sin, oibreacha Shráid Phádraig, sa bhliain 2017 agus tá na hoibreacha le tosú i R1/R2 2018.

**Gléasra Cóireála Dramhuisce Inse an Phuirséalaigh:**
Tá an conradh bronnta chun tús a chur le hoibreacha inraoin agus le córas aistrithe greanchloch i R2 2018. Cosnóidh na hoibreacha €600,000. Is é R4 2018 an spriocdháta atá ann maidir le críochnú na hoibre.

**Gléasraí Cóireála Dramhuisce Mhuileann an Bhata agus Inis Tíog:**
Rinneadh iarratais phleanála le haghaidh uasghrádú an dá ghléasra thuas a thaisceadh sa bhliain 2017. Is é atá i luach measta na n-uasghráduithe ná €3m.

**Clár Díghalraithe agus PH (Beartán Chill Chainnigh, Loch Garman agus Cheatharlach)**
Is conradh de chineál beartáin é an clár seo ina n-áirítear saoráidí cóireála i gCill Chainnigh, i Loch Garman agus i gCeatharlach.

Tá dhá Chéim ann sa tionscadal. I gCéim 1, déanfar measúnuithe mionsonraithe ar mheicníochtaí díghalraithe agus pH atá ann cheana, mar aon leis na hoibreacha ábhartha uasghrádaithe a shainaithint do gach láithreán ar leith I gCéim 2, cuirfear an t-uasghrádú agus na hoibreacha gaolmhara i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go mbainfear ardchaighdeáin díghalrúcháin amach.

Tá 23 shaoráid chóireála Uisce de chuid Chontae Chill Chainnigh san áireamh san chlár seo. Cuireadh tús le Céim 1 ag deireadh na bliana 2016 agus tá sí ar siúl fós.

**Clár Faireacháin agus Samplála Sreabhaidh do Chill Chainnigh:**
Cuireadh Gléasraí Cóireála Dramhuisce i gContae Chill Chainnigh san áireamh sa chlár seo agus tá na hoibreacha go léir críochnaithe.

Is é a bhí i gceist leis na hoibreacha ná suiteáil trealaimh faireacháin sreabhaidh ar ionraoin agus ar asraoin sna láithreáin a roghnaíodh, soláthar samplóirí nua nuair ba ghá sin, agus taifeadadh teagmhas trí na sonraí taifeadta go léir á óstáil ar phacáiste bogearraí.



*Dhá thaiscumar nua ag gléasra Cóireála Dramhuisce sa Ghrianán*



*Oibreacha trinse i sráidbhaile Inis Tíog, mapáil á dhéanamh ag Seandálaí ar chuid de bhalla/gheata an bhaile*

**An Clár Uisce Tuaithe:**
Cé gurb í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) an tÚdarás Maoirseachta le haghaidh soláthairtí uisce poiblí, is í Comhairle Contae Chill Chainnigh an tÚdarás Maoirseachta i gcás na soláthairtí uisce príobháideacha siúd i gContae Chill Chainnigh a thagann faoi réim na Rialachán maidir le hUisce Óil.

Áiríonn sé sin 134 Sholáthar Phríobháideacha bheaga, ina gcuimsítear scoileanna, áitribh bhia agus eastáit tithíochta tuaithe de ghnáth.

Ina theannta sin, déanann an Chomhairle bainistíocht ar dheontais Rialtais a cheadaítear faoin gClár Uisce Tuaithe le haghaidh grúpscéimeanna uisce agus dramhuisce, agus leithroinneann an Chomhairle na deontais sin, agus, chomh maith leis sin, déanann an Chomhairle an bhainistíocht

agus an leithroinnt sin i ndáil le toibreacha príobháideacha.
Sa bhliain 2017, d’íoc an Roinn Tithíochta & Rialtais Áitiúil tuairim is €341,690 le Comhairle Contae Chill Chainnigh le haghaidh oibreacha a rinneadh mar chuid den Chlár Uisce Tuaithe mar a leanas:

- €143,077 do chaomhnú agus do bhainistiú líonra i leith GrúpScéimeanna Uisce,
- €31,198 d'fheabhsuithe ar cháilíocht uisce Grúpscéimeanna Uisce
- €146,478 le haghaidh caiteachais ar scéimeanna a ghlacadh faoi chúram,
- €3,087 ar athsholáthar luaidhe
- €17,850 mar dheontais i leith Cosaint Toibreacha Sonracha

Rinneadh Fóirdheontais Grúpa i gcomhair costais oibríochtúla reatha Scéimeanna Uisce, ina raibh suim iomlán €242,464, a riaradh agus íocadh deontais le 51 Ghrúpscéim.

Eisíodh ceaduithe le haghaidh iarratais ar dheontais chun toibreacha a sholáthar do thithe príobháideacha agus íocadh suim €160,083 mar dheontais le haghaidh toibreacha.

Fuarthas costais foirne, ina raibh suim iomlán €43,630, ar ais ón Roinn chun maoirseacht agus riaradh i leith an Chláir Uisce Tuaithe a chlúdach.

Sa bhliain 2017, ba í Comhairle Contae Chill Chainnigh an tÚdarás Maoirseachta maidir leis na nithe seo a leanas:
195 Ghrúpscéim Uisce, a ndéantar fónamh ar 125 cinn díobh ó thoibreacha dílse agus a ndéantar fónamh ar 70 ceann díobh ó phríomhphíopaí poiblí.

An Stiúrthóireacht Tithíochta, Pobail & Seirbhísí Cultúir

**Seirbhísí**

**Tithíochta,**

**Pobail,**

**Leabharlain**

**ne, Ealaíon,**

**Oidhreachta**

**, Dóiteáin**



# TITHÍOCHT

## TITHÍOCHT & CÓIRÍOCHT

Cuimsíonn an Stiúrthóireacht Tithíochta raon leathan seirbhísí d'iarratasóirí agus do thionóntaí chun soláthar cóiríochta de chineál neamhspleách agus faoi thacaíocht a éascú agus chun tacaíocht a thabhairt ina leith sin. Baintear an méid sin amach trí thacaíochtaí éagsúla tithíochta sóisialta a bhíonn á dtairiscint ag an Údarás Tithíochta, agus ag an earnáil dheonach agus phríobháideach.

Is iad seo a leanas na príomh-Sheirbhísí Tithíochta:

## AN CLÁR CAIPITIÚIL TITHÍOCHTA 2017

Rinne an tAire Tithíochta spriocanna soláthair Chomhairle Contae Chill Chainnigh faoi Atógáil Éireann i.e. 637 n-aonad don tréimhse 2017 go 2021 a chur in iúl don Chomhairle. I rith na bliana 2017, cuireadh scéimeanna caipitiúla tithíochta ar aghaidh agus rinneadh dul chun cinn maidir leo mar a leanas:



Rinneadh 7 n-aonad a chríochnú sa Pháirc Nua (The Haven) sa bhliain 2017 faoi scéim i leith tithe lándéanta

- Fuarthas 39 n-aonad cóiríochta agus bhí obair ar siúl ar 2 aonad ag deireadh na bliana.
- Cuireadh 18 dTógáil Nua ar fáil sa bhliain 2018 i.e. Seacht (7) The Haven, An Pháirc Nua, agus 11 teach ag Bealach an Tóchair, Áth na nUrlainn.
- Tá 17 n-aonad á dtógáil agus táthar ag súil go gcríochnófar iad sa chéad seachtain i mí Eanáir 2018 i.e. 4 aonad sa Bhaile Fliuch, 8 n-aonad ag Abbeygate, Port an Chalaidh, agus 5 aonad eile in Áth na nUrlainn.
- Deonaíodh cead Chuid 8 maidir le 40 aonad i nDroichead an Ghraoinigh (5), i nDún an Ghaill, i gCaisleán an Chomair (33), ar Bhóthar Hebron (1) agus sa Mhaide Dubh, Callainn (1).
- Eisíodh tairiscintí i ndáil le tógáil 38 dteach i mBóltan, Callainn.
- Rinneadh 21 Aonad Cóiríochta a chríochnú i mBaile Mhic Andáin (10), i gCallainn (1) agus i gCill Chainnigh (6) agus fuarthas 4 aonad faoin Scéim Cúnaimh Chaipitiúil chun freastal ar riachtanais a bhaineann le tithíocht catagóra speisialta (CAS).
- Osclaíodh scéim CAS le haghaidh iarratais nua i leith chatagóirí na ndaoine gan dídean, na ndaoine scothaosta agus na ndaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu.
- Críochnaíodh na hoibreacha i 14 Theach Fholmha agus bhí 3 obair thógála fós ar siúl ar 3 cinn ar an 31 Nollaig 2017.

## An Scéim Cóiríochta ar Cíos [RAS] & an Íocaíocht Chúnaimh Tithíochta [HAP]

- Ba é a bhí sa chaiteachas ar RAS sa bhliain 2017 ná €6.5 milliún.
- Tá 548 áitreabh RAS ann anois mar chuid de na roghanna i leith tithíocht shóisialta.
- Glacadh 27 n-áitreabh ar láimh sa bhliain 2017 agus d'fhág 30 Scéim RAS sa bhliain 2017.
- Tugadh HAP isteach i lár mhí Dheireadh Fómhair 2014. Tá 1160 tionóntacht curtha ar bun ón tráth ar cuireadh tús leis an scéim agus bhí 836 cinn fós ann ar an 31 Nollaig 2017.
- Bhí fóirdheontas cíosa á fháil ag níos mó ná 250 theaghlach i gCill Chainnigh ag deireadh na bliana.

## Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean 2017

- Tháinig 319 nduine gan dídean chun tosaigh i rith na bliana 2017, sin laghdú 30 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh.
- Bhí leas á bhaint as cóiríocht éigeandála ag 49 nduine ar an 31 Nollaig agus 5 theaghlach ina measc.
- Níor thángthas ar aon duine a bhí ag codladh amuigh i gCathair Chill Chainnigh agus sna ceantair máguaird ar Oíche an Chomhairimh i leith Daoine Ag Codladh Amuigh a seoladh san oíche idir an Mháirt, an 28 Nollaig, agus an Chéadaoin, an 29 Nollaig.

**Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos**

- Rinne Comhairle Contae Chill Chainnigh 901 iniúchadh ar chóiríocht phríobháideach ar cíos i rith na bliana 2017, i gcomparáid le 414 iniúchadh sa bhliain 2016.
- Sa bhliain 2017, baineadh amach an spriocráta i leith iniúchtaí, is é sin, 114%.

**An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2014 - 2018 [TAP]**



- Ar lá an chomhairimh bhliantúil, ba é a bhí sa líon teaghlach de chuid an Lucht Siúil a raibh cónaí orthu sa Chontae ná 198, sin méadú dhá theaghlach i gcomparáid leis an mbliain 2016.
- Soláthraíodh 56 aonad cóiríochta sa bhliain 2017. Sháraigh sé sin an sprioc a bhí ann, is e sin, 54 aonad cóiríochta, mar atá leagtha amach in TAP.
- 4 theach - Céim 2 de Láithreán Stad N. Caitríona beagnach críochnaithe. Tá tús le cur le dearadh an tríú céim, arb í an chéim dheiridh í, i.e. 3 aonad.

**Measúnú Riachtanas**

- Rinneadh an Achoimre Bhliantúil Reachtúil maidir le Measúnú Tithíochta Sóisialta (HNA) i mí an Mheithimh 2017 agus cuireadh chuig an Roinn í i mí Iúil, 2017.
- Baineadh 8 n-iarratasóir/dteaghlach den liosta.
- Bhí 2,180 iarratasóir ar an Liosta Tithíochta Sóisialta fós amhail ar an 31 Nollaig 2017.
- Is mian le 61% de na hiarratasóirí cónaí a dhéanamh i gCill Chainnigh agus sna ceantair máguaird.
- Cóiríocht 1 leaba á lorg ag 39% de na hiarratasóirí ceadaithe.
- Cóiríocht 2 leaba á lorg ag 36% de na hiarratasóirí ceadaithe.
- Reáchtáladh 436 choinne maidir le Measúnú Riachtanais Tithíochta sa bhliain 2017.
- Rinneadh 154 thairiscint i leith cóiríochta i rith na bliana 2017.
- Rinneadh 42 thairiscint i leith aistriú cóiríochta i rith na bliana 2017.
- Tugadh 16 thairiscint i leith cóiríochta d'iarratasóirí a bhí gan dídean/a d'fhéadfadh a bheith gan dídean.



*Bainistíocht Eastáit Eastát Fhearann na Coille, Gráig na Manach*

**An Stoc Tithíochta a Chothabháil**

- Rinneadh 29 dteach údaráis áitiúil a uasghrádú trí oiriúnú/mhéadú a dhéanamh orthu.
- Fuair 180 teach oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh (iarfheistiú) i rith na bliana 2017.
- 28 aonad fholmha (11 cheannachán nua) ag deireadh na bliana. 16 aonad a bhfuil an conraitheoir ina leith ar an láithreán faoi láthair, a bhfuil 9 gcinn díobh ag an gcéim réamhthairisceana agus a bhfuil 3 cinn díobh ag fanacht le maoiniúchán.
- Fuarthas 5,649 nglao cothabhála i rith na bliana 2017.
- Rinneadh Lámhleabhar na dTionóntaí a uasdátú agus a scaipeadh ar na comhaltaí tofa go léir i mí na Samhna agus eisíodh chuig na tionóntaí go léir é Dé hAoine, an 29 Nollaig.

**Deontais Bhainistíochta Eastáit**

- Gradaim Náisiúnta Mórtais Áite do Chlós na Páirce Nua, faoi Chatagóir na Comharsanachta Uirbí, agus d'Amfaitéatar Bhaile Uí Chaoimh (Gradam i leith Aitheantas Speisialta do Phobal).
- Tugadh tacaíocht do 67 gCumann Cónaitheoirí/nGrúpa Pobail - íocadh deontais ina raibh suim iomlán €150,000
- Chuathas i mbun 4 thioncsadal maidir le Feabhsúcháin Mhórscála Phobail.
- Comórtas na mBailte Slachtmhara - d'óstáil Comhairle Contae Chill Chainnigh imeacht i dTúr na Paráide i gCaisleán Chill Chainnigh Dé Céadaoin, an 25 Deireadh Fómhair, chun comhghairdeas a dhéanamh leis na buaiteoirí.
- Clár RAPID 2017 - bhronn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail €64,500 ar Chomhairle Contae Chill Chainnigh le haghaidh tionscadail RAPID i gContae Chill Chainnigh.

**Iasachtaí Tithíochta & an Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí**

- Ba é a bhí sa mheániasacht le haghaidh tí a íocadh sa bhliain 2017 ná €120,029.
- Fuarthas 56 iarratas ar iasacht.
- Ceadaíodh 46 iasacht sa bhliain 2017.
- Rinneadh 42 iasacht a airleacan sa bhliain 2017 agus suim €4,279,134 a bhí i gceist leo.

- Díoladh ocht dteach faoin Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí (Incriminteach) agus ba é a bhí i luach iomlán na dtithe sin ná
€500,911.

**Iompar Frithshóisialta**

- Fuarthas 155 ghearán i rith na bliana 2017, sin laghdú 11 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

**An Clár Athlonnaithe Dídeanaithe**

- Fuair Cill Chainnigh fógra faoi leithroinnt 140 Dídeanaí Siriach a bhí le hathlonnú i gCill Chainnigh agus i 6 Údarás Áitiúla eile.
- Cuireadh Coiste Reachtúil Áitiúil Idirghníomhaireachta ar bun.
- Fuarthas maoiniúchán AE agus maoiniúchán náisiúnta chun oibrí Athlonnaithe agus oibrí Idirchultúir a earcú chun cabhrú leis an gclár athlonnaithe.

**Deontais do Thithíocht Phríobháideach:**

- Leithroinn an Roinn €1,812,486 agus tá 20% den tsuim sin le maoiniú ag Comhairle Contae Chill Chainnigh.
- Íocadh €1,862,494 i ndáil le 264 iarratas a bhain le trí scéim deontais sa bhliain 2017.
    - An Deontas le haghaidh Oiriúnú Tithíochta - íocadh €858,635 le 74 iarratasóir, agus suim €11,603 ar an meán i gceist le gach iarratasóir ar leith
    - An Deontas le haghaidh Cúnaimh do Dhaoine Scothaosta - íocadh €869,021 le 162 iarratasóir, agus suim €5,364 ar an meán i gceist le gach iarratasóir ar leith.
    - An Deontas le haghaidh Cúnaimh Soghluaisteachta - íocadh €134,837 le 28 n-iarratasóir, agus suim €4,816 ar an meán i gceist le gach iarratasóir ar leith
- Deontais HOP a bhí i gceist le 47% de na hiarratais a ndearnadh íocaíocht ina leith sa bhliain 2017.
- Rinneadh fógraíocht maidir le hoscailt iarratais HOP i mí Dheireadh Fómhair 2017 agus fuarthas 227 n-iarratas.

# CÚRSAÍ POBAIL

**Maoiniúchán do Phobail**
**An Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte:** Bronnadh €873,364 ar Chomhairle Contae Chill Chainnigh i leith 11 tionscadal a forbraíodh i gcomhar le pobail áitiúla.

**Scéim na nDeontas Saoráidí Pobail:** Leithroinneadh €64,500 (LCDC) agus íocadh an tsuim sin i leith tionscadal de chuid 36 ghrúpa pobail san iomlán An Scéim Caipitiúil do Shaoráidí Cultúir Pobail: bronnadh €300,000 i leith 8 dtionscadal de chuid grúpaí pobail.

**Maoiniúchán RAPID (LCDC):** Bronnadh €64,500 ar 6 thionscadal de chuid Grúpaí Pobail i limistéir faoi mhíbhuntáiste. Ina theannta sin, bhronn Comhairle Contae Chill Chainnigh €30,000 ar thionscadail i limistéir faoi mhíbhuntáiste de chuid Chathair Chill Chainnigh.

**Éire Shláintiúil:** Bronnadh €89,000 ar LCDC Chill Chainnigh i leith 6 thionscadal de chuid Grúpaí Pobail. Bronnadh €38,000 eile ar Choiste na Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC) i leith 6 thionscadal.

**Súgradh & Áineas** Bronnadh €5,650 i leith 'Bréagáin, Teicneolaíocht & Oiliúint' ag Leabharlann Phort an Chalaidh & €4,000 i leith Roithleagán Uilechuimsitheach ag Talbot Court.

Ranníocaíochtaí Airgeadais: Leanann an Chomhairle de ranníocaíocht airgeadais a sholáthar d'Óige Osraí, do Thionscadail Athstiúrtha an Gharda Síochána, don Chlár Cianrochtana Drugaí, do 'Daoine na Bliana' Rehab, don tseirbhís Iompair Tuaithe 'Ring-a-Link', do Dháil na nÓg, do Ghluaiseacht Phobal Lucht Siúil Chill Chainnigh agus d'Ionad Fiontair Chaisleán an Chomair.

**An Coiste Áitiúil Pobail agus Forbartha [LCDC]**
Déantar Tuarascáil Bhliantúil ar leithligh don bhliain 2017 a ullmhú i leith an LCDC ar Coiste de chuid na Comhairle é ina gcuimsítear ionadaithe Pobail, Deonacha agus Gníomhaireachtaí Stáit agus tá sé neamhspleách i ndáil le comhlíonadh a chuid feidhmeanna . I dTuarascáil Bhliantúil an LCDC don bhliain 2017, leagtar amach na príomhthorthaí oibre don bhliain 2017 inar áiríodh faireachán agus formhaoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail ag 22 Ghníomhaireacht. Táthar ag leanúint de bhéim a leagan ar gheallsealbhóirí, agus ar chaidreamh le geallsealbhóirí, a mhéid a bhaineann le pleanáil, faireachán agus formhaoirseacht i ndáil leis an gConradh a bhaineann le cur i bhfeidhm an Chláir Gníomhachaithe Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Pobail (SICAP) do Chontae Chill Chainnigh, le Clárfheidhmeoir le haghaidh SICAP a fháil don tréimhse 2018-2022, le tacaíocht leanúnach a thabhairt don Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) ina bhfuil 245 ghrúpa anois ar fud an Chontae, agus le faisnéis a sholáthar agus faisnéis a mhalartú i measc chomhaltaí an LCDC.

**Contae Aoisbhháúil**
Chuir an Contae tús le tionscadal Bhaile Aoisbháúil Bhaile Mhic Andáin arb é is aidhm dó ná spreagadh a thabhairt do Bhaile Mhic Andáin a bheith aoisbháúil i leith a bhonneagair iompair agus rochtana, i leith a spásanna allamuigh agus a fhoirgneamh, i leith a sholáthair tithíochta, i leith urraime agus uilechuimsitheacht shóisialta, i leith rannpháirtíocht daoine scothaosta sa tsochaí, i leith seirbhísí tacaíochta pobail agus sláinte, i leith cúrsaí cumarsáide agus comhroinnt faisnéise, i leith rannpháirtíocht chathartha agus i leith cúrsaí fostaíochta. Tá meitheal áitiúil idirghníomhaireachta curtha ar bun agus táthar ag súil go mbeidh Plean Gníomhaíochta Aoisbhá Bhaile Mhic Andáin ullamh faoi lár na bliana 2018.

**Comhaontas Aoisbhá Chill Chainnigh**
**Straitéis Chontae Aoisbháúil Chill Chainnigh**
Rinneadh Plean Gníomhaíochta Aoisbhá a fhorbairt mar thoradh ar comhairliúchán le daoine scothaosta i gCill Chainnigh agus leis na gníomhaireachtaí agus na soláthróirí seirbhíse a bhíonn ag

plé le seirbhísí a chur ar fáil d’aosaigh scothaosta ar fud an Chontae.

Déanann Comhaontas Aoisbhá Chill Chainnigh formhaoirseacht ar chur i bhfeidhm na gcuspóirí atá leagtha síos i Straitéis an Chontae. Sa bhliain 2017, bhí 4 chruinniú ag an gComhaontas agus, le linn na gcruinnithe sin, thug na gníomhaireachtaí agus na soláthróirí seirbhíse go léir faisnéis uasdátaithe faoi na tionscnaimh seo a leanas:

| GNÍOMHAIRE ACHT/SOLÁTHRÓIR SEIRBHÍSE | AN TIONSCNAMH AOISBHÁ |
|---|---|
| **Comhairle Contae Chill Chainnigh** | ▪ Cuireadh Spásanna Páirceála Aoisbh. ar fáil ag Halla an Chontae.<br>▪ Bealach Bus Chill Chainnigh - faisnéis uasdátaithe.<br>▪ Limistéar Stoptha/Clár Foscadán do Bhusanna i gCeantair Tuaithe.<br>▪ Tionscnaimh Thithíochta.<br>▪ Pleanáil - Comhairliúcháin Phoiblí faoi Straitéis Dhearadh Uirbeach Bhóthar Hebron agus faoi Thionscadal Athghiniúna Fhaiche an Aonaigh.<br>▪ Nuacht Oidhreachta - Caidreamh a bhunú le pobail agus le daoine scothaosta, agus tacaíocht a thabhairt dóibh i ndáil le raon clár, tionscadal agus seirbhísí oidhreachta cultúir.<br>▪ Seirbhísí Leabharlainne Chontae Chill Chainnigh - Féile Bhealtaine chun ceiliúradh a dhéanamh ar an gcruthaitheacht i measc daoine scothaosta.<br>▪ Feabhsuithe san Fhearann Poiblí.<br>▪ Seirbhís Busanna Chathair Chill Chainnigh.<br>▪ Bailte agus Sráidbhailte Aoisbhéúla i gCill Chainnigh.<br>▪ An Creat Náisiúnta Pleanála agus Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Chaisleán an Chomair.<br>▪ Cruinniú Ginearálta Bliantúil Fhóram Náisiúnta na nDaoine Scothaosta a tionóladh i Luimneach.<br>▪ Soilsiúchán Poiblí i Sráid Eoin, Cill Chainnigh. |
| **An Garda Síochána** | ▪ Curadh na nDaoine Scothaosta a cheapadh<br>▪ Siopa ilfheidhme le haghaidh Tacaíochta d'Íospartaigh agus Clinicí Aoisbhá<br>▪ Cruinnithe Pobail.<br>▪ Rannpháirtíocht Fhóram na nDaoine Scothaosta i gcomhpháirtíochtaí póilíneachta áitiúla.<br>▪ Seó Bóthair Pobail - faitíos i measc daoine scothaosta maidir le coireacht.<br>▪ An Scéim Téacs-Fholáireamh.<br>▪ Cuairt ó Fhóram Sheanóirí Chill Chainnigh ar Stáisiún an Gharda ar an 3 Deireadh Fómhair, 2017.<br>▪ Mír faoi Chúrsaí Coireachta ar KCLR - teachtaireachtaí do Dhaoine Scothaosta.<br>▪ Caidreamh a bhunú le daoine a chónaíonn ina n-aonar.<br>▪ Oíche Ghradam chun aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann daoine scothaosta sa phobal. |
| **Fóram Seanóirí Chill Chainnigh** | ▪ Rannpháirtíocht sa Líonra Rannpháirtíochta Poiblí<br>▪ Seirbhís oibre deonaí in Ospidéal Ginearálta N. Lúcás<br>▪ Aighneacht maidir le hAthbhreithniú ar Theorainn Phort Láirge.<br>▪ Cruinniú in Ionad Acmhainní Chlós na Páirce Nua.<br>▪ Fóram Bliantúil - Ag tús mhí Mheán Fómhair.<br>▪ Nasc a bhunú le Comhairle na nÓg.<br>▪ Comhdháil Fhóram Seanóirí Chill Chainnigh.<br>▪ Cuairt ar Thionscadal Tithíochta McAuley Place sa Nás, |

| | |
|---|---|
| | Co. Chill Dara. |
| **Comhpháirtíocht LEADER Chill Chainnigh** | ▪ An Clár Cúnaimh Tithíochta.<br>▪ Líonra na bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe<br>▪ Cúrsaí Oiliúna Ríomhaireachta do Dhaoine Scothaosta<br>▪ Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh.<br>▪ Seirbhís Faisnéise maidir le hObair Dheonach.<br>▪ Cáilíocht Uisce - Fís na Feoire. |

| GNÍOMHAIREACHT/ SOLÁTHRÓIR SEIRBHÍSE | AN TIONSCNAMH AOISBHÁ |
|---|---|
| **Soláthróirí Seirbhíse - Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** | ▪ Pléadh ábhair éagsúla ag an gCruinniú d'Fhóram na Soláthróirí Seirbhíse.<br>▪ Faisnéis a fháil i dtaobh conas is féidir le Daoine Scothaosta rochtain a fháil ar sheirbhísí.<br>▪ Faisnéis a sholáthar maidir le tairiscintí speisialta a thugann gnóthaí do Dhaoine Scothaosta i.e. sosanna gearra.<br>▪ Aláraim Pearsanta/Scéim Foláireamh Slándála. |
| **Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chill Chainnigh** | ▪ Ranganna Gníomhaíochta d'Aosaigh Scothaosta.<br>▪ Cláir Shiúil<br>▪ Men on the Move<br>▪ *Get Back on your Bike*<br>▪ *Couch to 40k Cycling*<br>▪ Spásanna Allamuigh agus Foirgnimh.<br>▪ Iompair.<br>▪ Rannpháirtíocht Shóisialta, Urraim agus Uilechuimsitheacht Shóisialta.<br>▪ Cumarsáid agus Faisnéis.<br>▪ Tacaíocht Phobail agus Seirbhísí Sláinte. |

**Cúrsaí Óige**
Lean an Chomhairle de thacaíocht a thabhairt do Choiste na Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC). Oibríonn Comhairle na nÓg, Cill Chainnigh, chun eagraíocht láidir uilechuimsitheach a chur ar bun trína ndéantar comhordú ar choiste stiúrtha idirghníomhaireachta na Comhairle agus trína dtugtar tacaíocht i ndáil le cur i bhfeidhm phlean gníomhaíochta bliantúil Chomhairle na nÓg, Cill Chainnigh. Ina theannta sin, chuir an Chomhairle ranníocaíocht airgeadais €50,000 ar fáil don tSaoráid Óige ar a dtugtar 'The Drum'.

**Lá na hAfraice**
Is é atá i Lá na hAfraice ná tionscnamh de chuid Aontas na hAfraice chun ceiliúradh a dhéanamh ar éagsúlacht agus ar rath na hAfraice agus ar acmhainneacht na mór-roinne sin i dtaca le cúrsaí eacnamaíochta agus cultúir de. In Éirinn, faigheann imeachtaí a bhaineann le ceiliúradh Lá na hAfraice tacaíocht ó Chúnamh Éireann - is é sin le rá, clár cúnaimh coigríche an Rialtais atá á bhainistiú ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Sa bhliain 2017, bhí rath ar an obair a rinne Comhairle Contae Chill Chainnigh i gcomhar le Pobal Afraiceach Chill Chainnigh sa mhéid go bhfuarthas rochtain ar €10,000 ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun tacú le himeachtaí Lá na hAfraice a eagrú agus a reáchtáil ar an 3 Meitheamh agus ar an 4 Meitheamh, 2017.

Bhí cluiche peile an-rathúil agus an-fhuinniúil ann ar an 3 Meitheamh sa Waterbarrack agus bhí 100 rannpháirtí ann ó chlubanna peile áitiúla agus ó Phobal Afraiceach Chill Chainnigh. Ar an 4 Meitheamh, mar chuid den cheiliúradh poiblí i dtailte Pháirc an Chaisleáin, bhí damhsaí traidisiúnta ann de chuid na Nigéire, an tSúdáin Theas agus an Chongó agus, chomh maith leis sin, bhí taibhiúcháin bheo, seónna faisin, seónna tallainne, péintéireacht aghaidhe, samplaí de bhia traidisiúnta na hAfraice agus nithe nach iad ann. Ócáid dhathannach a bhí ann a raibh léiriú iontach ar chultúr na hAfraice le fáil lena linn. Ócáid dhathannach a bhí ann a raibh léiriú iontach ar chultúr na hAfraice le fáil lena linn. Meastar go raibh sé de phribhléid ag 1000+ duine, idir mhuintir na háite agus turasóirí ar cuairt sa chathair, a bheith páirteach san ócáid.




KILKENNY
AFRICAN
COMMUNITY
UNITY FOR PROGRESS

**Clár Athlonnaithe Chill Chainnigh** ***(Clár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe)***
Tá páirt á glacadh ag Comhairle Contae Chill Chainnigh i gClár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe, is é sin le rá, freagairt Rialtas na hÉireann i leith na géarchéime daonnúla atá ann i nDeisceart na hEorpa mar gheall ar imirce mhórscála ó limistéir choinbhleachta sa Mheán-Oirthear agus san Afraic. D'aontaigh an Chomhairle tacaíocht a thabhairt do ghrúpa 140 duine, agus iad a athlonnú, mar chuid de chlár na hÉireann um chosaint dídeanaithe, is é sin, áit shábháilte a thairiscint do na daoine sin chomh maith le deis a thabhairt dóibh cónaí a dhéanamh i gCill Chainnigh.

Bhunaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh Grúpa Oibre Reachtúil Idirghníomhaíochta um Athlonnaíocht agus fuarthas €338,385 ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun Oibrí Athloinnaíochta agus Oibrí Idirchultúir a fhostú agus chun clár athlonnaíochta a chur i bhfeidhm thar thréimhse 2 bhliain.

**Nuachtlitir Phobail**
Rinneadh nuachtlitir phobail ar líne na Comhairle a leathnú tuilleadh sa bhliain 2017 trí leas a bhaint as foinsí éagsúla maoiniúcháin pobail. Eisíodh ceithre nuachtlitir sa bhliain 2017.


**An Mol Turasóireachta Allamuigh, Gráig na Manach**
Tá an tionscadal seo a bhaineann le mol gníomhaíochtaí allamuigh agus seirbhíse á chur i gcrích tríd an bPobal (Barrow Valley Community Developments Ltd., i gcomhar le Comhpháirtíocht LEADER agus le Comhairle Contae Chill Chainnigh, ar thailte de chuid na Comhairle a bhí á n-úsáid roimhe seo mar chúrsa gailf dhá mhaide agus ina bhfuil achar 5.5 acra ar an taobh thiar den Bhearú. Tugadh cead sa bhliain 2014 chun foirgneamh ilúsáide a thógáil ("An Mol") ina ndíreofaí ar thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochta oiliúna/oideachais ar an abhainn agus sa cheantar máguaird, chomh maith le cúrsa rópaí arda, sraith rianta rothaíochta tríd an láithreán agus láthair le haghaidh campáil. Bhí foirgneamh an mhoil beagnach críochnaithe sa bhliain 2017 ach bhí gá le maoiniúchán chun é a chríochnú agus chun bóthar rochtana éigeandála, cosáin agus soilsiúchán a chur ar fáil, ar nithe iad sin a bhí riachtanach le go bhféadfaí an foirgneamh a úsáid chun ioncam a ghiniúint. D'fhonn an tionscadal a chríochnú, d'aontaigh Comhpháirtíocht LEADER Chill Chainnigh agus Barrow Valley Community Development an feistiú a dhéanamh ar an taobh istigh den fhoirgneamh agus d'aontaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh na hoibreacha seachtracha a mhaoiniú agus a dhéanamh.

Ag deireadh na bliana 2017, fuair an Chomhairle ceadú ón Roinn maidir le maoiniúchán REDZ a bhí leithroinnte cheana féin, ina raibh suim €103,400, a aistriú chun na hoibreacha sin a dhéanamh. Déanfar na saoráidí eile allamuigh, nó saoráidí nua go deimhin, chun foirgneamh an Mhoil a chomhlánú a sholáthar de réir mar a ghintear ioncam nó de réir mar a leithroinntear maoiniúchán.



# SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

- Tháinig méadú 8%, go dtí 338,477, ar an líon ítimí a fuarthas ar iasacht agus tháinig méadú 23%, go dtí 31,161, ar an líon daoine a d’úsáid láithreán gréasáin na leabharlainne.
- Leathnaíodh na huaireanta oscailte i Leabharlann Challainn.
- Ghlac 1,017 leanbh páirt inár nDúshlán Léitheoireachta Samhraidh agus léigh siad os cionn 8,000 leabhar.
- D’fhreastail beagnach 1,900 leanbh ar Fhéile nua Bookville do theaghlaigh agus fuarthas tacaíocht ina leith sin ó Éire Ildánach.
- Cláraíodh le Córas Leabharlainne nua náisiúnta, rud a thug rochtain do na baill ar stoic de chuid leabharlann ar fud na hÉireann - is í seo a chéad seirbhís náisiúnta dá cineál aon áit sa domhan.
- Rinneadh athfheistiú ar Leabharlann an Locha Bhuí chun spás nua-aimseartha leabharlainne a chruthú ar spás fáilteach, tarraingteach, feidhmiúil é.




**Deiseanna a Chruthú agus Moil Phobail**

Soláthraíonn Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh spásanna do dhaoine inar féidir leo a bheith cruthaitheach agus do ghrúpaí inar féidir leo teacht le chéile agus comhábhar spéise a shaothrú nó bealaí nua cumarsáide a scrúdú. Trínár gcuid bailiúchán, trínár n-acmhainní ar líne agus trí imeachtaí rialta, táimid ag leanúint d’eispéiris chultúir a chothú mar bhealach cumhachtach chun féiniúlacht phobail a neartú, chun rannpháirtíocht chathartha a chur chun cinn agus chun cabhrú le lánpháirtiú na saoránach go léir inár bpobal.










**Oideachas & Litearthacht**
Soláthraímid raon leathan seirbhísí agus acmhainní oideachais saor in aisce do dhaoine i ngach aoisghrúpa, mar shampla, *storytimes* agus tacaíocht acadúil do leanaí agus oiliúint dhigiteach agus cabhair maidir le cuardach poist. I measc na gclár oideachais atá ann mar thacaíocht d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, áirítear an méid seo a leanas:

- Dúshlán Léitheoireachta Samhraidh go leanaí a raibh 1,017
- rannpháirtí ann sa bhliain 2017 - sin méadú 18% ar an líon rannpháirtithe
- Bunaíodh Líonra an Chirt Léitheoireachta laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna, den Ionad Oideachais, den Choiste Cúraim leanaí agus de Rannóg Phobail Chomhairle Contae Chill Chainnigh d'fhonn creat comhordaithe le haghaidh tacaíocht litearthachta a fhorbairt .
- Deiseanna chun clárú le ciorcail teanga, le clubanna leabhar, le grúpaí scríbhneoireachta cruthaithí, le *storytimes* agus le grúpaí cniotála.

**Tob-Cheardlanna Coderjo**
- *Work Matters* lena dtugtar tacaíocht i leith riachtanais faisnéise agus taighde gnóthaí agus cuardaitheoirí poist.
- Imeachtaí de chuid na Seachtaine Náisiúnta Eolaíochta, agus tacaíocht á fáil ina leith ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.
- *Aistear* a chur i gcrích - is é sin, clár litearthachta faoi cheannas an phobail áitiúil i gcomhpháirtíocht le bunscoileanna agus le creiseanna.








**Litearthacht Dhigiteach, Teicneolaíocht agus Meáin Shóisialta**
Cuireann an leabharlann acmhainní riachtanacha ar fáil dóibh siúd nach bhfuil dóthain muiníne agus scileanna teicneolaíochta acu chun seirbhísí atá bunaithe ar an idirlíon a úsáid, ar seirbhísí iad a d'fhéadfadh cabhrú leis na daoine sin poist a aimsiú, idirghníomhú leis an Rialtas nó spriocanna oideachais a bhaint amach.

- Bhí os cionn 31,000 seisiún poiblí idirlín ann agus éascaíodh níos mó ná 200 rang ríomhaireachta.
- Leanadh den uasghrádú ar an mbonneagar ICT agus den infheistíocht leanúnach i bhforbairt na teicneolaíochta digití. Fuarthas deontas €129,000 sa bhliain 2017, mar chuid den Deontas ó Leabharlanna Éireann, chun soláthar na teicneolaíochta féinseirbhíse RFID a chumasú d'fhonn eispéireas na gcustaiméirí a fheabhsú.
- Tá Wi-Fi ar fáil i ngach brainse agus tá priontáil shoghluaiste ar fáil i Leabharlann na Cathrach agus i Leabharlann Ghráig na Manach.
- Tá sraith seirbhísí ar líne ar fáil, ar seirbhísí iad trína dtugtar deiseanna chun teanga a fhoghlaim, chun r-Leabhar nó irisleabhar a íoslódáil nó chun cúrsa oiliúna a dhéanamh. Sa bhliain 2017, fuarthas rochtain ar níos mó 6,000 irisleabhar ar líne.
- Ina theannta sin, tháinig méadú ar úsáid na meán sóisialta ar na hardáin go léir - Facebook, Twitter agus Instagram.


Chomh maith leis sin, leanann Seirbhísí Leabharlainne Chill Chainnigh de bhealaí nua a aimsiú chun rochtain teicneolaíochta a leathnú thar theorainn na mbrainsí.

**Folláine**

De bhreis ar dheiseanna oideachais, cultúir agus áineasa a chur ar fáil do dhaoine i ngach aoisghrúpa, cuidíonn an tseirbhís le cáilíocht na beatha i dtaca le daoine aonair agus i dtaca le pobail de. Cruthaíonn Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh deiseanna do dhaoine aonair agus do ghrúpaí chun teacht le chéile d'fhonn faisnéis a chomhroinnt i spás atá saor in aisce agus iontaofa.


- Cainteanna agus ceardlanna le linn na Seachtaine Meabhairshláinte
- Ranganna teicneolaíochta idirghlúine
- Éire Shláintiúil i do Leabharlann a chur i bhfeidhm
- Deiseanna chun scileanna nua a fhoghlaim agus caidreamh a athbhunú le pobail trí pháirt a ghlacadh i bhféilte náisiúnta amhail Bealtaine, Aontas, *First Fortnight*, gan trácht ar pháirt a ghlacadh i gcláir agus in imeachtaí áitiúla.





**Stair & Oidhreacht**

- Inár mbailiúchán staidéar áitiúil, tá taifead an-suntasach le fáil ar oidhreacht agus ar chomhchuimhne an Chontae.
- Sa bhliain 2017, bhí os cionn 700 cuairteoir ag an tseirbhís. Déileáladh le fiafraithe eile leis an teileafón agus le ríomhphost.
- I measc na n-imeachtaí cianrochtana a d'éascaigh foireann na leabharlainne, áiríodh ceardlanna ginealais, ceardlanna taighde agus cuairteanna ó bhunscoileanna agus ó mheánscoileanna.
- D'fhorbair daoine den fhoireann treoir féinchabhrach i leith taighde ginealais chun cabhrú le custaiméirí atá ag obair ar a gcraobh ghinealaigh.
- Ina theannta sin, chuir foilsiú "Bridges of Kilkenny" ag daoine den fhoireann tuairisc ghearr stairiúil ar fáil maidir leis na príomhdhroichid atá ann sa chontae.
- Rinneadh digitiú ar dhá bhailiúchán sa bhliain 2017:
  - ❖ Cártaí Poist Stairiúla Chill Chainnigh.
  - ❖ I gcomhpháirtíocht le Comhpháirtíocht LEADER Chill Chainnigh, cuimhní cinn ó Ghráig na Manach a fuarthas as bailiúcháin de chuid na leabharlainne agus as ábhar a chuir daoine den phobal ar fáil go deonach.
  - ❖ Beidh na nithe sin ar fáil i gCartlann Dhigiteach ar líne trí láithreán gréasáin na leabharlainne.





# EALAÍONA

Tá an Oifig Ealaíon ina cuid de Rannóg Seirbhísí Cultúir (CSS) Chomhairle Contae Chill Chainnigh a fheidhmíonn taobh leis na réimsí Leabharlainne, Oidhreachta, Pobail, Ailtireachta agus Caomhantais

**Litríocht**
Leagaimid béim ar dheimhin a dhéanamh de go mbíonn cur chuige cothrom ann maidir le forbairt ár gcuid clár agus gníomhaíochtaí litríochta sa Chathair agus sa Chontae.

- Ba bhliain rathúil eile í an bhliain 2017 don *Kilkenny Poetry Broadsheet*.
- Lean *Rhyme Rag* d'fhilíocht de chuid scríbhneoirí óga Chill Chainnigh (san aoisghrúpa 12 - 21) a fhoilsiú ar .www.rhymerag.net
- I mbliana, tionscnaíodh *Rhyme Rag Ensemble* chun tuilleadh tacaíochta a sholáthar i leith leathnú, cobhsaíocht agus inbhuanaitheacht *Rhyme Rag* agus an phobail scríbhneoirí óga.

**Cúrsaí Pobail, Oideachais & Uilechuimsitheachta**
Ceapadh agus cur i gcrích clár ardchaighdeáin pobail agus oideachais a oireann don earnáil ilchineálach seo.
- Open Circle Community Arts Collective - Forbraíonn an grúpa seo gníomhaíochtaí ardchaighdeáin ealaíon do mhná i gCill Chainnigh trí chláir bhallraíochta agus trí chláir chianrochtana araon
- Siamsa – clár bliantúil do leanaí
- Fóirdheontas Scoile do bhunscoileanna le gur féidir leo freastal ar Léiriúchán Amharclainne de chuid Barnstorm
- An Lá Náisiúnta Líníochta i nGailearaí na mBuitléarach - ceiliúradh na n-amharcealaíon
- Oíche Chultúir - imeacht náisiúnta chun na healaíona de gach uile chineál a chur chun cinn agus a cheiliúradh
- Ár bhFéile tionscnaimh Bookville - féile leabhar agus litríochta do leanaí agus do theaghlaigh. Comhpháirtíocht le Féile Síscéalta Sheirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh i gCaisleán na Seanchille

**Tacaíochtaí do Phobail & d'Ealaíontóirí**
Leanamar de bheith ag obair i leith tacaíocht a thabhairt i ndáil le forbairt grúpaí agus cleachtóirí trí ghradaim agus deiseanna a sholáthar, trí thionscadail tacaíochta, trí chomhpháirtíochtaí, trí mhaoiniúchán a sholáthar, trí mhargaíocht, trí chur chun cinn, trí am a chur ar fáil agus trí chomhairle a thabhairt.
- Deontais faoin Acht Ealaíon - deontais do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí dóibh siúd a chuireann tionscnaimh agus tionscadail ealaíon chun cinn agus a fhorbraíonn tionscnaimh agus tionscadail den sórt sin
- Scéim Sparánachta i gcomhair Cónaitheachta in Ionad Tyrone Guthrie
- *The Moth Bursary* - sparánacht d'ealaíontóirí óga agus do scríbhneoirí óga
- Ceol i gCill Chainnigh
- Taispeántais i nGailearaí na hOifige Ealaíon - sraith seónna aonair agus grúpsheónna lena n-áirítear eilimintí CPD
- *Blackstack Studio* – tacaíocht leanúnach don stiúideo priontaí mínealaíne
- Ealaíona Malartacha Chill Chainnigh - tacaíocht leanúnach don Fhéile Imill
- *ArtLinks Professional* - deiseanna forbartha d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn agus d'ealaíontóirí gairmiúla i ngach disciplín de chuid na n-ealaíon Comhpháirtíocht le hÚdaráis Áitiúla Cheatharlach, Loch Garman agus Phort Láirge

**Cumarsáid**
**Meáin Shóisialta agus Ríomhphost Díreach**
Déanann Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chill Chainnigh cumarsáid lena gcustaiméirí go príomha trí ardáin mheán sóisialta amhail Facebook agus Twitter agus trí ríomhphost díreach. Tugann na huirlisí sin deiseanna chun tuilleadh nasc a chruthú eadrainn féin agus pobal na n-ealaíon

i gcoitinne trí fhaisnéis a bhaineann le himeachtaí, le gníomhaíochtaí, le gradaim, le tionscadail etc agus a d’fhéadfadh a bheith ina díol spéise a chur ar fáil. Faoi láthair, tá 1,180 ‘Is Maith Liom’ ag Oifig Ealaíon Chill Chainnigh ar Facebook.

# OIDHREACHT

Cuireann Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Chill Chainnigh seirbhís ghairmiúil oidhreachta ar fáil lena n-áirítear comhairle agus faisnéis a sholáthar faoi shaincheisteanna oidhreachta, beartais agus tosaíochta a fhorbairt le hoidhreacht Chill Chainnigh a shainaithint, a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus sonraí oidhreachta a bhailiú agus a thiomsú agus feasacht agus oideachas faoi chúrsaí oidhreachta a chur chun cinn. I measc na bpríomhchuspóirí atá ann, áirítear obair le Fóram Oidhreachta Chill Chainnigh le Plean Oidhreachta Contae agus Plean Bithéagsúlachta Contae a ullmhú agus a chur i bhfeidhm agus, chomh maith leis sin, clár Éire Ildánach do Chill Chainnigh a chomhordú agus a chur i bhfeidhm.

**Seoladh an Scannáin faoi Thionscadal Ainmneacha Páirce Chill Chainnigh.**

Ba í an Oifig Oidhreachta a choimisiúnaigh ‘Naming Ground’, is é sin, scannán gearr nua a bhfuarthas inspioráid ina leith ó Thionscadal Ainmneacha Páirce Chill Chainnigh agus ba í a rinne bainistíocht tionscadail maidir léi agus fuarthas maoiniúchán ina leith ó Éire Ildánach.

Is é atá sa scannán ná ceiliúradh ar an oidhreacht áitiúil agus ar an ngaolmhaireacht idir daoine agus áit, agus idir teanga agus tírdhreach, i gceantar Inis Tíog agus Chluain Iomaire. Seoladh an scannán ar an 5 Nollaig in Inis Tíog.
https://www.youtube.com/watch?v=s7C0hpKwRJ4&feature=youtu.be
Ina theannta sin, d’eagraigh an Oifig Ealaíon 2 cheardlann oiliúna phoiblí d’oibrithe deonacha a bhí páirteach i dTionscadal Ainmneacha Páirce Chill Chainnigh sa Robhar (13 Meán Fómhair) agus i gCathair Chill Chainnigh (19 Meán Fómhair). Bhí 70 duine i láthair.




*Bhí siad seo a leanas i láthair ag seoladh an scannáin: An Stiúrthóir Seirbhísí, Mary Mullholland, an Comhairleoir Michael Doyle, Alan Counihan, Jack Knox, Shane Hatton, Carmel Cummins, Dearbhala Ledwidge, Nora Brennan, an Comhairleoir Fidelis Doherty.*

**Éire Ildánach**

Seoladh an clár náisiúnta nua i leith Éire Ildánach sa bhliain 2017 agus ceapadh an Oifig Oidhreachta mar Chomhordaitheoir Chontae Chill Chainnigh. I mí Aibreáin 2017, bhí slua díograiseach ina raibh os cionn 120 duine a bhíonn ag plé le réimsí na hoidhreachta, na n-ealaíon, na leabharlainne agus na dtionscal cruthaitheach i gCill Chainnigh i láthair ag cruinniú oscailte a d’eagraigh Meitheal na Seirbhísí Cultúir chun moltaí agus smaointe a fháil le haghaidh chlár Éire Ildánach i gContae Chill Chainnigh.

Ba é an Taoiseach, an tUas. Éanna Ó Cionnaith, T.D., a sheol Plean Cultúir & Cruthaitheachta Chill Chainnigh 2017 i mBealtaine 2017, ar plean é a d’ullmhaigh Rannóg Sheirbhísí Cultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh mar chuid de Chlár Éire Ildánach. Seoladh an plean go háitiúil freisin le linn chruinniú Chomhairle Contae Chill Chainnigh i mí an Mheithimh. Tríd an bplean, a maoiníodh trí leithroinnt €65,000 ó Éire Ildánach, cuireadh roinnt tionscadal i bhfeidhm, lena n-áirítear Bookville, Naming Ground, Rhyme Rag,



gus

l-

*An Taoiseach, an tUas. Éanna Ó Cionnaith T.D., An tAire Eqalaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Reigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, Heather Humphreys, T.D, an Comhairleoir Matt Doran, Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, & Dearbhala Ledwidge, Oifig Oidhreachta ag seoladh Phlean Cultúir & Cruthaitheachta 2017 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 25 Bealtaine 2017*

**D’éirigh go han-mhaith leis an tSeachtain Oidhreachta dar le muintir Chill Chainnigh**

Bhí 98 n-imeacht ann i gContae Chill Chainnigh le linn na Seachtaine Oidhreachta (19-26 Lúnasa). D’eagraigh 780 duine imeachtaí lena n-áirítear grúpaí pobail, cumainn staire, Comhairle Contae Chill Chainnigh, Oifig na nOibreacha Poiblí agus Iontaobhas Cathartha Chill Chainnigh. Ghlac an Oifig Oidhreachta páirt i gcomhpháirtíocht le Rogh-Bheistrí Naomh Lachtain, le Cóiste Cúraim Leanaí Chontae Chill Chainnigh, le hIonad Oideachais Chill Chainnigh, le Gairdíní Chluain Dúin, le Líonra Pobail Bhaile Mhic Andáin, le hEaglais Naomh Pól, Baile an Phoill, le Grúpa Staire Áitiúla Barrowvale agus le Cumann Oidhreachta Chonachaidh chun óstáil a dhéanamh agus/nó tacaíocht a thabhairt i ndáil le himeachtaí, lena n-áirítear Rian Oidhreachta do Leanaí, in Achadh Úr, imeacht scannáin dar teideal *Wild Child Day*, Scoil Foraoise, Siúlóid taobh le hAbhainn, Taispeántas Oidhreachta, Físeáin agus Laethanta Oscailte, Ina theannta sin, glacadh páirt i gcomhpháirtíochtaí le KCLR, BEAT FM, agus an *Kilkenny People* chun cláir a reáchtáil, fógráin a dhéanamh agus imeachtaí a chur chun cinn.




*Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, an Comhairleoir David Fitzgerald, an Comhairleoir Malcolm Noonan, Cathaoirleach Fhóram Oidhreachta Chill Chainnigh, agus Dearbhala Ledwidge, an tOifigeach Oidhreachta.*

**Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh - Ealaíona, Oidhreacht agus Leabharlanna 2018-2022**

Chuir Meitheal na Seirbhísí Cultúir tús leis an athbhreithniú ar Phleananna Ealaíon, Oidhreachta, Bithéagsúlachta agus Leabharlainne Chomhairle Contae Chill Chainnigh. Bainfear úsáid as an straitéis nua 5 bliana seo, ina gcuimsítear na réimsí oidhreachta, ealaíon agus leabharlainne, mar bhuneolas le haghaidh ionchur Chill Chainnigh i gclár náisiúnta Éire Ildánach. Seoladh cruinniú de ghrúpa oibre na ngeallsealbhóirí i mBealtaine agus, ina dhiaidh sin, bhí sraith cruinnithe comhairliúcháin phoiblí ann i mí an Mheithimh i bPort an Chalaidh, i gCaisleán an Chomair agus i gCathair Chill Chainnigh. Ghlac 148 nduine páirt sa chomhairliúchán poiblí. Tíolacfar an dréacht-phlean do SPC3, don Mheitheal Bhainistíochta agus don Chomhairle iomlán lena cheadú.






*An Comhairleoir David Fitzgerald, Cathaoirleach, Collette Byrne C.E.O., Dearbhala Ledwidge, Oifigeach Oidhreachta, Josephine Coyne, Leabharlannaí Contae, agus Mary Butler, Oifigeach Ealaíon, ag seoladh Phlean Cultúir & Cruthaitheachta Chill Chainnigh 2017 le linn chruinniú Chomhairle Contae Chill Chainnigh ar an 19 Meitheamh, 2017*

**Moments with Monuments – na scéalta a ghabhann le Plaiceanna agus Séadchomharthaí Chill Chainnigh**

Rinne an Oifig Oidhreachta agus KCLR sraith raidió dar teideal 'Moments with Monuments' inar tugadh léiriú ar na scéalta a ghabhann leis na séadchomharthaí agus leis na plaiceanna lena mbaineann agus fuarthas maoiniúchán ina leith ó Scéim Fuaime & Físe Údarás Craolacháin na hÉireann agus ó Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Chill Chainnigh. Craoladh na cláir gach Céadaoin mar chuid de 'The Way it is' ar KCLR agus bhí 50 clár ann san iomlán. Dhírigh na cláir sin ar 50 ceann den 300 láithreán a ndearnadh an Oifig Oidhreachta taifeadadh agus mapáil ina leith sa bhliain 2015. De réir an láithreora, Sue Nunn, "As measc ár gcuid gnéchlár go léir, is é an ceann seo a fhaigheann an chuid is mó aiseolais ó dhaoine i ngach aoisghrúpa".



*Plaic ag Uachtarlann Droichead Binéid: ceann den 50 plaic ar insíodh a scéal in "Moments with Monuments"*

**An Plean Pailneora Uile-Éireann - Gradam Údaráis Áitiúil** Déanann coiste Ghradam Pailneora na nÚdarás Áitiúil, i gcomhpháirtíocht le hOifigigh Oidhreachta & Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil agus leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, gradam speisialta a eagrú mar chuid de chomórtas na mBailte Slachtmhara. Tríd an ngradam sin, tugtar spreagadh do ghrúpaí Bailte Slachtmhara i leith bainistíocht a dhéanamh ar a gceantair d'fhonn beacha agus pailneoirí eile atá faoi bhagairt an-mhór a chosaint. Ghlac 74 Ghrúpa Bailte Slachtmhara páirt sa ghradam sa bhliain 2017, lena n-áirítear trí ghrúpa as Contae Chill Chainnigh (*Keep Kilkenny Beautiful*, Tulchacht agus Ceanannas).



*Coiste Ghradam Pailneora na nÚdarás Áitiúil in éineacht le Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Uíbh Fhailí, Anna Marie Delaney, agus leis na buaiteoirí, Grúpa Bailte Slachtmhara Ghéisille, The Helix, Meán Fómhair 2017*

**Taifeadadh & Oiliúint maidir le hIaltóga**

Rinne an Oifig Oidhreachta comhpháirtíocht le Caomhnú Ialtóg Éireann chun urraíocht a dhéanamh i leith cúrsaí oiliúna do dhaoine den phobal maidir le sainaithint agus taifeadadh ialtóg mar chuid den tsuirbhéireacht náisiúnta BATLAS 2020. Seoladh trí cheardlann i rith an tsamhraidh i gCathair Chill Chainnigh agus i mBaile Mhic Andáin agus bhí 25 dhuine i láthair.

**Ceardlann 'Out to Play'**

I gcomhar le Coiste Cúraim Leanaí Chontae Chill Chainnigh, chómhaoinigh an Oifig Oidhreachta ceardlann oiliúna "Natural Play Outdoord" do chleachtóirí réamhscoile & iarscoile i mí Aibreáin chun spreagadh agus oiliúint a thabhairt do chleachtóirí an dúlra agus an bhithéagsúlacht a chur san áireamh ina ngníomhaíochtaí múinteoireachta.

**Comhairle a Thabhairt**

Ar fud na bliana, chuir an tOifigeach Oidhreachta comhairle ar fáil do dhaoine den phobal, do chomhghleacaithe údaráis áitiúil, do ghrúpaí pobail, do mhic leinn agus d'Ionadaithe Tofa, agus freagraíodh na céadta ceisteanna, maidir le raon ilchineálach ábhar, lena n-áirítear reiligí, fálta sceach, seandálaíocht, deontais, speicis ionracha, geolaíocht, gairdíní stairiúla, fiadhúlra, ginealas, músaeim, droichid, ainmneacha páirce, béaloideas, cosáin Aifrinn, ballaí cathrach, sráidainmneacha, toibreacha beannaithe, ialtóga, stair ó bhéal, crainn, caidéil uisce, séadchomharthaí agus comharthaí léirmhíniúcháin.




**Ríomhiris "Kilkenny Heritage News"**

Scaipeann an Oifig Oidhreachta ríomhirisí "Kilkenny Heritage News" ar bhonn rialta (seachtainiúil/gach 2 sheachtain) agus bíonn faisnéis ann faoi dheontais, faoi thionscadail, faoi bheartais agus faoi imeachtaí, gan trácht ar fhaisnéis faoi ghrúpaí oidhreachta, faoi ghrúpaí Bailte Slachtmhara, faoi fhoireann an údaráis áitiúil agus faoi Ionadaithe Tofa (tuairim is 700 faighteoir). Ina theannta sin, déantar an ríomhiris a uaslódáil chuig leathanach Chill Chainnigh ar Facebook agus comhroinntear í le Nuachtlitir Chomhairle Contae Chill Chainnigh.

**Leathanach Oidhreachta Chill Chainnigh ar Facebook**

Bainistíonn an Oifig Oidhreachta leathanach Facedbook Chill Chainnigh agus an láithreán gréasáin www.kilkennyheritage.ie chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal agus faisnéis a scaipeadh ar ab bpobal.

**Aighneachtaí Oidhreachta maidir le Straitéisí & Pleananna**

Thug an Oifig Oidhreachta aighneachtaí i leith an Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta 2017-2021 agus i leith Phlean Turasóireachta Chontae Chill Chainnigh 2017.

# SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN & MÓR-ÉIGEANDÁLAÍ

**Is iad seo a leanas Príomhfheidhmeanna Sheirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chill Chainnigh:**

- Caidreamh a dhéanamh leis an bpobal chun iad a chur ar an eolas agus chun oideachas a chur ar shaoránaigh ar conas riosca dóiteáin agus éigeandálaí eile a laghdú.
- Tionchar a imirt, agus rialáil a dhéanamh, ar an timpeallacht fhoirgnithe chun daoine, maoin agus an timpeallacht a chosaint ar dhíobháil.
- Pleanáil agus ullmhú a dhéanamh i gcomhair éigeandálaí a d'fhéadfadh tarlú agus freagairt ardchaighdeáin, éifeachtach, athléimneach a dhéanamh i leith éigeandálaí den sórt sin.
- Oibriú le chéile chun seirbhís den scoth a chur ar fáil laistigh de thimpeallacht shábháilte, dhearfach do gach duine san eagraíocht.

**<u>Tionscadail Chaipitiúla</u>.**

- Ceannaíodh dhá inneall dóiteáin athláimhe do Bhriogáidí Dóiteáin Chaisleán an Chomair agus Ghráig na Manach.
- Fuair Briogáidí Dóiteáin Chathair Chill Chainnigh agus Bhaile Mhic Andáin dhá jíp faoi thiomáinte 4 roth.



*Sa phictiúr seo, taispeántar Seachadadh Oifigiúil 2 jíp faoi thiomáint 4 roth do Bhriogáidí Dóiteáin Chathair Chill Chainnigh agus Bhaile Mhic Andáin*



*Tógáil an stáisiúin nua dóiteáin do Ghráig na Manach nuair a bhí na hoibreacha ar siúl*

**Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin**

- Fuarthas 99 n-iarratas ar dheimhnithe sábháilteacht dóiteáin sa bhliain 2017. Dhéileáil daoine den fhoireann coiscthe dóiteáin leis na hiarratais sin go hinmheánach. Ba mhéadú an líon sin iarratas i gcomparáid leis an mbliain 2016 nuair a fuarthas 78 n-iarratas.

**An tAcht Seirbhísí Dóiteáin**

- Thug an fhoireann Coiscthe Dóiteáin líon mór cuairteanna ar áitribh chun comhairle a thabhairt agus chun an reachtaíocht a chur i bhfeidhm.
- Sa bhliain 2017, seirbheáladh 5 Fhógra um Shábháilteacht ó Dhóiteán faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin.
- Sa bhliain 2017, seirbheáladh 1 Fhógra Dúnta faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin.
- Bhí Seimineár Sábháilteachta Dóiteain dhá lá ann dar téama Doirse Dóiteáin agus bhí 40 rannpháirtí ón tionscal tógála i láthair.
- Rinneadh 108 n-iniúchadh sábháilteachta dóiteáin sa bhliain 2017.
- Seiceáladh os cionn 280 hiodrant sa bhliain 2017.

**Sábháilteacht Dóiteáin i bPobail**

Sheol Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh Laethanta Oscailte Stáisiúin Dóiteáin sa bhliain 2017 i ngach ceann ar leith de na Stáisiúin Dóiteáin.

Déantar feachtais teachtaireachtaí phoiblí a reáchtáil ar bhonn leanúnach chun spreagadh a thabhairt don phobal i leith aláraim dheataigh a shuiteáil agus a gcuid aláram deataigh a sheiceáil uair sa tseachtain lena chinntiú go bhfuil siad ag obair. Úsáideadh na meáin shóisialta (Twitter agus

Facebook) ar mhaithe le cúrsaí Sábháilteachta Dóiteáin le linn thréimhse na Nollag sa bhliain 2017.




*Briogáid Dóiteáin Áth na nUrlainn. i mbun taispeántais*
*i leith dóiteán panna sceallóg le linn imeacht pobail*



*Taispeántas i leith imbhualadh tráchta bóthair ag Ráschúrsa*
*Ghabhráin*

Reáchtáladh cainteanna i bpobail éagsúla amhail Meánscoileanna, i ndáil le hOíche Shamhna/tinte ealaíne, Cruinniú Ginearálta Bliantúil Théacs-Fholáirimh Chill Chainnigh, Fóram na nDaoine Scothaosta, an tSeachtain Mheabhsirshláinte, Aonach Faisnéise i gCill Mhic Bhúith, Seimineár Sláinte agus Leasa ag CLCG Chill Chainnigh, etc.



*Mic léinn Idirbhliana de chuid Mheánscoil na Toirbhirte i mbun*
*taithí oibre i Stáisiún Dóiteáin Chathair Chill Chainnigh*



*Sa phictiúr seo, taispeántar taispeántas i leith imbhualadh tráchta*
*do mhic léinn Idirbhliana i gColáiste Pobail na Mainistreach*

Tá os cionn 93 Chuairt Sábháilteachta Dóiteáin i dTithe Cónaithe curtha i gcrích againn, agus le linn na gcuairteanna sin suiteáladh aláraim dhóiteáin agus braiteoirí aonocsaíde carbóin.

Leanann Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh den Chlár Bunscoile NDFEM a chur ar fáil gach bliain ar fud Chathair agus Chontae Chill Chainnigh do níos mó ná 1,860 leanbh bunscoile.

**<u>Oiliúint</u>**

Chuir Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh an oiliúint seo a leanas ar fáil sa bhliain 2017:

De bhreis ar an oiliúint ar an láthair sna stáisiúin dóiteáin, soláthraíodh na cúrsaí seo a leanas: ESDS - Caighdeán Tiomána do Sheirbhísí Dóiteáin, CFBT - Oiliúint faoi Chúinsí Dóiteáin in Urranna, EFR - Céadfhreagróir Éigeandála, Cúrsa Cothabhála Bronco, Athoiliúint maidir le Sábha Slabhra, Athoiliúint EFR, Oiliúint ar Láimhsiú Sábháilte, Athoiliúint maidir le Cúrchórais Aeir Bhrúite (CAFS), Cúrsaí do Dhaoine Nua-Earcaithe, cúrsaí don Lucht Iompair Gairis Anála .





*Athoiliúint maidir le Cúrchórais Aeir Bhrúite*

*Oiliúint maidir le himbhuailte tráchta bóthair*

**Bainistíocht Mhór-Éigeandálaí**

Rinneadh athbhreithniú ar an Plean Bainistíochta Mór-Éigeandálaí sa bhliain 2017. Sa bhliain 2017, rinneadh an Plean Éigeandála Seachtrach i leith Leasacháin Talaimh Féaraigh agus tástáladh é faoi Rialacháin Seveso.



*An Fhoireann Freagartha i leith Éigeandálaí*



*Meitheal Freagartha Dóiteáin ag Caisleán Chill Chainnigh le linn chuairt an Phrionsa Charles Bealtaine 2017*

Athbhreithníodh an Plean Freagartha i leith Éigeandáil Tuile agus an Plean i leith Drochaimsire (*gan Tuiliú a áireamh*). Bhí gach ceann ar leith de na seacht mBriogáid Dóiteáin i gCill Chainnigh páirteach i bhfreagairt Chomhairle Contae Chill Chainnigh i leith ghníomhachtú an Phlean i leith Drochaimsire le linn Stoirm Ophelia.

# COSAINT

Eagraíocht atá bunaithe ar oibrithe deonacha is ea í Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh agus tacaíonn sí leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (Comhairlí Contae, na Gardaí agus HSE) nuair a bhítear ag déileáil le drochaimsir, le tuilte, le mórtheagmhais agus le cuardach daoine atá ar iarraidh. Cabhraíonn sí lenár gcuid pobal áitiúil freisin i ndáil le himeachtaí, lena n-áirítear fáiltiú abhaile, ceolchoirmeacha agus féilte agus i ndáil le himeachtaí beaga áitiúla amhail paráidí agus imeachtaí spóirt.

Faigheann na hoibrithe deonacha oiliúint maidir le Gortú Daoine, Cuardach & Tarrtháil, Seirbhís Dóiteáin Chúnta Leas agus Cumarsáid.

**Glao Amach**

I rith na bliana 2017, glaodh Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh amach chun déileáil le Cuardach & Tarrtháil Abhann agus le teagmhais le linn drochaimsire.

**Imeachtaí Pobail**

I rith na bliana 2017, chuir Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh cúnamh ar fáil do níos mó ná 20 imeacht pobail a bhain le nithe amhail clúdach otharcharr le haghaidh imeachtaí de chineál eachaíochta, imeachtaí spóirt, imeachtaí de chineál carthanais agus imeachtaí áitiúla. Ina theannta sin, chuireamar clúdach maidir le Sábháilteacht Bháid ar fáil le haghaidh imeachtaí carthanacha abhann.

**Feithiclí agus Trealamh**

Sa bhliain 2017, fuair Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh maoiniúchán chun Aonad Rialaithe Cumarsáide a cheannach chun cúnamh a thabhairt dóibh maidir le cuardaigh agus oiliúint agus chun seomra rialaithe a chur ar fáil d'fhonn idirchaidreamh a dhéanamh leis na Gardaí, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte etc. le linn mórtheagmhas.

**Oiliúint**

Eagraíonn Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh oiliúint ilscileanna ina hionad oiliúna i gCathair Chill Chainnigh. Is iad seo a leanas na réimsí oiliúna a chuirimid ar fáil dár n-oibrithe deonacha:

- Gortú Daoine / Seirbhís Garchabhrach
- Tarrtháil - Cuardach i Limistéir Iargúlta agus Cuardach & Tarrtháil Abhann
- Seirbhís Dóiteáin Chúnta agus Tuiliú
- Seirbhís Leasa
- Cumarsáid Chosanta Sibhialta

**Earcaíocht**

Bíonn Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh ag earcú oibrithe deonacha nua ar bhonn leanúnach.

An Stiúrthóireacht Pleanála, Eacnamaíochta & Seirbhísí Comhshaoil

**Pleanáil,**

**Comhshaol,**

**Páirceanna**

**LEO/Forbairt**

**Eacnamaíochta,**

**Turasóireacht**

**Seirbhísí Tréidliachta**



# PLEANÁIL & FORBAIRT

Is é ról agus feidhm Roinn Pleanála Chomhairle Contae Chill Chainnigh cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbeartas pleanála fisiciúla oiriúnaí don Chontae, maidir le forbairt agus tógáil nua, agus maidir le forbairt thionsclaíoch, forbairt tráchtála agus forbairt eile a chur chun cinn

## PLEANÁIL CHUN CINN




- Ullmhaíodh agus glacadh Plean Ceantair Áitiúil Phort an Chalaidh/Belview.
- Cuireadh dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Chaisleán an Chomair ar t
- Rinneadh Athruithe éagsúla ar Plean Forbartha an Chontae agus ar Phlean Forbartha na Cathrach araon.
- Rinneadh dul chun cinn maidir leis an obair ar chód dearthóireachta Cheathrú na Mainistreach, agus glacadh leis an cód
- Ullmhaíodh agus glacadh treoirlínte Dearthóireachta Uirbí do Bhóthar Hebron, Cill Chainnigh.
- Tiomsaíodh an clár maidir leis an Tobhach Láithreán Folamh
- Cuireadh tús leis an gcéim pleanála i gcomhair an athbhreithnithe ar Phlean Forbartha an Chontae agus Phlean Forbartha na Cathrach araon.

## CAOMHANTAS 2017

Leanann Comhairle Contae Chill Chainnigh de chóras sainchomhairleoireachta pleanála/comhairleach a sholáthar maidir le hoibreacha a dhéantar ar fhoirgnimh lena mbaineann tábhacht ailtireachta agus ar dhéanmhais chosanta i gContae Chill Chainnigh.



*Teach Chill Rois - Tabhairt chun bealaigh plástair lochtaigh agus plástar aoil cuí a chur ina ionad*

- An Sceim maidir le hInfheistíocht san Oidhreacht Fhoirgnithe – rinneadh an leithroinnt tosaigh €88,000 a mhéadú go suim iomlán €138,270. Roinneadh an maoiniúchán i measc 14 thionscadal inar cuimsíodh deisiúcháin ar fhuinneoga, deisiú díonacha agus athphlástráil i ndéanmhais i gCill Chainnigh lena mbaineann tábhacht ailtireachta
- Ba é a bhí sa leithroinnt iomlán a fuarthas ón gCiste na nDéanmhas i mBaol ná €22,350.00 - €11,000.00 i leith dheisiú an umair uisce ag Gairdíní Chluain Dúin agus €11,350.00 eile i gcomhair na hoibre ar Theach na Cúirte i mBaile Mhic Andáin.
- Ba é a bhí i suim iomlán faoin dá Dheontas Caomhantais ná €160,620.00.
- Faoi chomhpháirtíocht idir an Oifig Oidhreachta agus an Oifig Chaomhantais, fuarthas maoiniúchán €4,000.00 ón gComhairle Oidhreachta le haghaidh chomharthaíocht Léirmhíniúcháin Bhalla na Cathrach atá le cur ar fáil ar Shráid San Séamas i gcathair Chill Chainnigh
- Taifead na nDéanmhas Cosanta: Rinneadh roinnt déanmhas oiriúnach a shainaithint ar fud na Cathrach agus an Chontae lena gcur san áireamh i dTaifead na nDéanmhas Cosanta. Cuireadh tús leis an bpróiseas sin go luath sa bhliain 2017.
- Eile**:**
    - Tháinig méadú ar an líon iarratas faoi Thionscnamh na Cathrach Beo

- Comhalta den Fhochoiste Cuimhneachán Cathartha

**RIALÚ AR FHORBAIRT**

- Fuarthas 872 iarratas pleanála sa bhliain 2017.
- Fuarthas €437, 587 mar tháillí le haghaidh iarratais pleanála.
- Fuarthas 311 Fhógra Tosaithe faoi na Rialacháin Foirgníochta.
- Sa bhliain 2017, rinneadh 48 bhforbairt a iniúchadh faoi na Rialacháin Foirgníochta
- Tá córas na gClinicí Pleanála ag feidhmiú go rathúil i gcónaí i ngach ceann de na hOifigí Ceantair.

**RANNÍOCAÍOCHTAÍ FORBARTHA**

- Bailíodh suim iomlán €1.9m sa bhliain 2017.

**FORFHEIDHMIÚ**

- Fuarthas 108 ngearán nua san iomlán i rith na bliana 2017.
- D'eisigh an Chomhairle 103 litir rabhaidh i rith na bliana 2017.
- D'eisigh an Chomhairle 35 Fhógra Forfheidhmiúcháin i rith na bliana 2017.
- Rinneadh 97 gcás forfheidhmiúcháin san iomlán a réiteach agus a dhúnadh sa bhliain 2017.

**EASTÁIT CHÓNAITHE**

- Glacadh 18 nEastát Tithíochta faoi chúram i rith na bliana 2017 agus bhí 962 theach cónaithe ann sna na heastáit sin.
- Éilíodh bannaí agus thángthas ar chomhaontuithe maidir le 5 fhorbairt chónaithe, rud a d'fhág gur íocadh suim iomlán €433,000 le Comhairle Contae Chill Chainnigh. Rinneadh roinnt oibreacha i rith na bliana 2017 agus tá na hoibreacha nach ndearnadh le déanamh sa bhliain 2018. Tá plé ar siúl fós faoi éilimh eile a taisceadh.
- Ba é a bhí sa líon forbairtí neamhchríochnaithe i gCill Chainnigh ag deireadh na bliana 2017, de réir an tSuirbhé Náisiúnta, ná 15.



*Inis Álainn roimh na hoibreacha*



*Inis Álainn tar éis na n-oibreacha*



*Bóthar Rochtana Aylesbury roimh na hoibreacha*



*Bóthar Rochtana Aylesbury tar éis na n-oibreacha*

# COMHSHAOL

Is iad seo a leanas príomhaidhmeanna Roinn Comhshaoil na Comhairle:

- Forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, bonneagar bainistíochta dramhaíola atá éifeachtúil agus fónta ó thaobh cúrsaí comhshaoil de a chur ar fáil, Comhphlean Bainistíochta Dramhaíola do Réigiún an Oirdheiscirt a chur i bhfeidhm agus córais chuí rialála agus faireacháin a choimeád ar bun ar mhaithe le cosaint an chomhshaoil agus rialú ar thruailliú.
- Tá freagracht ar an gComhairle i ndáil le níos mó ná 500 feidhm reachtúla i leith an chomhshaoil, ar feidhmeanna iad atá leagtha síos i níos mó ná 10 píosa reachtaíochta. I measc na bpríomhréimsí a ndéileáiltear leo, áirítear an méid seo a leanas:
- Bainistíocht Dramhaíola
- Pleanáil i leith Bainistíocht Dramhaíola
- Ionaid Athchúrsála agus Diúscartha Dramhaíola
- Athchúrsáil
- Forfheidhmiú
- Bainistíocht Bhruscair
- Oideachas agus Feasacht
- Cáilíocht Uisce & Rialú ar Thruailliú
- An Creat-Treoir maidir le hUisce
- Rialú agus Forfheidhmiú i ndáil le Truailliú
- Pleanáil i leith Truailliú Cósta
- Sábháilteacht Uisce
- Seirbhísí Tréidliachta
- Reiligí

**An Plean maidir leis na Critéir Íosta atá Molta le haghaidh Iniúchtaí Comhshaoil (RMCEI)**
Cheadaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) Plean RMCEI 2017 agus cinntíonn an plean go ndéantar faireachán éifeachtúil ar reachtaíocht chomhshaoil agus go gcuirtear an reachtaíocht sin i bhfeidhm. Is ceart a lua go ndearna EPA "Tuarascáil faoi Mheasúnú Fheidhmíocht Chomhshaoil na nÚdarás Áitiúil 2014-2016" a fhoilsiú i rith na bliana. Sa tuarascáil sin, déantar tomhas ar fheidhmíocht na n-údarás áitiúil i ndáil lena gcuid gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin comhshaoil a chur i gcrích. I gcás Chill Chainnigh, fuair an Chomhairle Contae grád foriomlán 'Sármhaith', ar grád é sin atá díreach os cionn an mheánghráid measúnaithe náisiúnta, is é sin, 'Níos Fearr ná an Sprioc'.

**Bainistíocht Dramhaíola**

**Plean Bainistíochta Dramhaíola do Réigiún an Oirdheiscirt**

- Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh ag leanúint de bheidh ag obair chun na cuspóirí atá leagtha amach i bPlean Bainistíochta Dramhaíola do Réigiún an Oirdheiscirt, a glacadh sa bhliain 2015, a bhaint amach.
- Thosaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh an obair maidir leis an eolaire reatha deisiúchán a chur ar aghaidh i gcomhar le grúpa stiúrtha náisiúnta d'fhonn an t-eolaire a chur ar fáil i bhformáid ar líne rud a chuirfeadh athúsáid ábhar chun cinn.
- Eagraíodh dhá léacht phoiblí i gcomhair Mhí Náisiúnta na hAthúsáide agus bhí an dá léacht sin dírithe ar "*The Art of De-Cluttering*" chun spreagadh a thabhairt do theaghlaigh i leith saol íostach a chaitheamh.
- Le linn Mhí na hAthúsáide, dáileadh 10 mBosca Malartaithe Athúsáide ar phobail éagsúla chun spreagadh a thabhairt i leith athúsáid leabhar, dvd-anna agus ítimí beaga teaghlaigh.
- D'oibrigh an Roinn Comhshaoil i gcomhpháirtíocht leis na Seirbhísí Ealaíon agus Leabharlainne chun limistéar suntasach uaschúrsála a óstáil le linn Lá Síscéalta na Seanchille i gcomhar le Beat FM agus, chomh maith leis sin, d'oibrigh sí i gcomhpháirtíocht i gcomhair Fhéile nua Bookville chun faisnéis faoi Uaschúrsáil a chur in iúl do phobal níos leithne.

- Rinne Comhairle Contae Chill Chainnigh urraíocht i leith imeacht Líonra Pobail Bhaile Mhic Andáin, "*Pumpkin in the Park*", ar an 1 Samhain, agus bhí ionadaithe de chuid na Comhairle i láthair ag an imeacht sin. Fuair 50 teaghlach faisnéis faoi chosc dramhaíola agus fuair siad tríú haraid le haghaidh dramhbhia.

**Ionad Athchúrsála agus Diúscartha Dramhaíola an Dúin Mhóir 2017**

Lean Ionad Athchúrsála an Dúin Mhóir de bheith ag fónamh don phobal agus de sheirbhís sorochtana bainistíochta dramhaíola a chur ar fáil dó.

- Bailíodh 1,384 thona d'ábhar in-athchúrsáilte sa bhliain 2017 agus léiríonn an figiúr sin méadú ó 1,174 thona sa bhliain 2016. Is ionann é sin agus méadú 17.9% i dtaca le hábhar athchúrsáilte. Bhí 220 tona de WEE san áireamh san fhigiúr sin.
- Bhí méadú ar an gcainníocht dramhaíola a fuarthas ag an láithreán, is é sin, ó 2,926 thona sa bhliain 2016 go 3,047 dtona sa bhliain 2017. Is ionann sin agus méadú 4.1% maidir le dramhaíl a diúscraíodh ag an tsaoráid. Cé go bhfuil sé mar aidhm ag an tseirbhís seo laghdú a dhéanamh ar na méideanna dramhaíola MSW, tharla an méadú sin de bharr an mhéadaithe ar an líon custaiméirí a d'úsáid an láithreán seo. Sa bhliain 2017, d'úsáid tuairim is 54,000 custaiméir an tsaoráid chun leas a bhaint as an tseirbhís diúscartha agus athchúrsála i leith cuid mhór cineálacha dramhaíola ar an láithreán.
- Rinneadh 698 dtona d'ábhar láisteáite a aistriú ón líonadh talún caidhpeáilte lena ndiúscairt sa ghléasra cóireála dramhuisce agus is ionann an figiúr sin agus laghdú ó 2,548 dtona a bhí ann sa bhliain 2016.
- I rith na bliana 2017, cuireadh tús le húsáid a bhaint as meáin shóisialta chun fógraíocht a dhéanamh faoin láithreán; tá 250 leantóir ag an láithreán Facebook faoi láthair.
- Sroicheadh 2,399 nduine trí na meáin shóisialta trí bhíthin 8 bpostáil a bhain leis an láithreán.



*Lainseáil Bhileog nua an Dúin Mhóir*



*Daoine d'fhoireann Ionad Athchúrsála agus Diúscartha Dramhaíola an Dúin Mhóir*

**Seirbhísí Athchúrsála na Comhairle**

- Tá seirbhís athchúrsála an tSathairn á hoibriú fós gach Satharn sa Dún Mór idir 8am agus 12 meán lae agus glactar le páipéar measctha, cairtchlár agus ábhair phlaisteacha.
- Bhronn an Chomhairle conradh ar Crystalhill Inns Ltd, a thrádálann faoin ainm CHI, chun ionad príobháideach athchúrsála agus diúscartha dramhaíola a oibriú, ar ionad é atá suite sa Ghreanach i nDeisceart Chill Chainnigh. Beidh ranníocaíocht á tabhairt ag Comhairle Contae Chill Chainnigh i leith na gcostas a bhaineann le hoibriú na saoráide sin. Osclaíodh ionad athchúrsála agus diúscartha dramhaíola na Greanaí ar an 15 Samhain 2017. Glacann an tsaoráid nua seo le raon leathan cineálacha dramhaíola lena athchúrsáil agus lena dhiúscairt agus tá an tseirbhís inchomórtais leis an tseirbhís atá ar fáil ag Saoráid Chathartha an Dúin Mhóir. Sa bhliain 2017, scoireadh de sheirbhís shealadach athchúrsála an tSathairn i mBaile an Phoill, ar seirbhís í a raibh raon teoranta ag baint léi.
- Oibrítear líonra 42 Bhanc Buidéil ar fud an Chontae agus déanann conraitheoir glantacháin seirbhísí orthu chun a chinntiú nach mbíonn tionchar diúltach acu ar an timpeallacht áitiúil.
- Sa bhliain 2017, rinneadh corradh beag le 1,546 thona gloine agus 105 thona cannaí a bhailiú ó na láithreáin sin. Léiríonn na figiúirí sin méadú i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Sa bhliain 2017, leanadh den phróiseas tairisceana maidir le seirbhísiú na saoráidí athchúrsála sin.
- I gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Chill Chainnigh, rinne WEEE Ireland roinnt imeachtaí

soghluaiste a chur ar fáil ar fud an Chontae chun cabhrú leis an bpobal a gcuid fearas leictreacha a athchúrsáil. Sa bhliain 2017, bhí naoi n-imeacht den sórt sin ann.

**An Plean Bainistíochta Bruscair**




Rinneadh ullmhúcháin chun athbhreithniú a dhéanamh Phlean nua Bainistíochta Bruscair agus chun tús a chur le cur i bhfeidhm an Phlean sin san Fómhar. Reáchtáladh roinnt feachtas in aghaidh bruscair d'fhonn na spriocanna agus na cuspóirí a bhí leagtha amach sa Phlean a bhaint amach.

- Ghlac Cill Chainnigh i bhFeachtas an Tascfhórsa ar Bhruscar Guma.
- Leanadh den fheachtas in aghaidh salú ag madraí chun aird a tharraingt ar na rioscaí sláinte a bhaineann le faecais mhadraí.
- Bhí an Glantachán Earraigh Náisiúnta ar siúl i rith an earraigh agus bhí os cionn 120 grúpa páirteach ann ar fud an chontae. Ghlac leabharlanna páirt ann sa bhliain 2017 agus thug gach brainse deis do bhaill chun leas a bhaint as a gcuid pacaí bailithe bruscair ina raibh uirlisí bailithe bruscair, veisteanna ard-infheictheachta, lámhainní agus málaí.
- Chruthaigh grúpaí óige atá bainteach le dhá ionad acmhainní teaghlaigh dhá mhúrphictiúr a bhaineann leis an bhfeachtas in aghaidh bruscair.

**Forfheidhmiú**

- Fuarthas 1,055 Ghearán Forfheidhmiúchán sa bhliain 2017 agus rinneadh beart cuí chun gach saincheist ar leith a réiteach.
- Rinneadh na hiniúchtaí seo a leanas sa bhliain 2017 faoi phlean RMCEI.
  - 693 iniúchadh dramhaíola, idir ghnáthiniúchtaí agus iniúchtaí neamhghnácha
  - 904 ghnáthiniúchadh bruscair
  - 1,833 iniúchadh uisce/dramhuisce, idir ghnáthiniúchtaí agus iniúchtaí neamhghnácha
  - 113 iniúchadh aeir agus torainn, idir ghnáthiniúchtaí agus iniúchtaí neamhghnácha
  - 71 iniúchadh freagrachta táirgeora
  - 605 iniúchadh i ndáil le hiarratais phleanála
  - Rinneadh 131 bheart forfheidhmiúcháin mar thoradh ar na hiniúchtaí

**Oideachas agus Feasacht**

- Sa bhliain 2017, choinnigh 71 scoil a mbratach ghlas agus leanann an tOifigeach Feasachta Comhshaoil de thacaíocht a sholáthar do scoileanna ar fud an Chontae. Sa bhliain 2017, bhí tinreamh maith ann le haghaidh thráthnóna bliantúil na faisnéise faoi scoileanna glasa agus bhí roinnt scoileanna nua i láthair den chéad uair agus is ábhair dóchais é sin i dtaca le scoileanna breise a bheith páirteach sa chlár.

- Mar chomhlánú i leith Sheachtain na hEolaíochta, d'éascaigh agus d'eagraigh an Chomhairle cuairt ar Chill Chainnigh ó oideorí fuinnimh SEAI chun 15 cheardlann fuinnimh a sheoladh le haghaidh tuairim is 450 dalta. Cuireadh Cluiche SEAI dar teideal '*Energy Guzzler*' ar fáil do 3 ghrúpa gasógaíochta ar fud mhí na Samhna chun méadú a dhéanamh ar fheasacht ar athrú aeráide trí chluiche atá spraíúil agus oideachasúil ag an am céanna.

**Gradaim agus Gnóthachtálacha IBAL 2017**

Measúnaíodh go raibh Cill Chainnigh os cionn na gnáthleibhéal Eorpach ó thaobh cúrsaí glaineachta de agus ba é comhshealbhóir an tséú háit é i dTábla Sraithe *Irish Business Against Litter* (IBAL).

**Gradaim na mBailte Slachtmhara agus na bPobal Slachtmhar**

- Lean Fóram Bailte Slachtmhara Chill Chainnigh de thacaíocht a thabhairt do ghrúpaí gníomhacha bailte slachtmhara ar fud an Chontae. Seoladh 2 chruinniú fóraim agus rinneadh

turas go Ceatharlach a reáchtáil i mí Lúnasa chun cuairt a thabhairt ar Chluain na nGall agus ar Bhalana. Rinneadh an turas sin a eagrú i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Cheatharlach.

- Bhí méadú spreagúil, ó thaobh scóráil de, le brath i dtorthaí na ngrúpaí ar fud an Chontae a bhí páirteach i gcomórtas náisiúnta na mbailte slachtmhara. Choinnigh Cill Chainnigh a bhonn óir agus choinnigh Tulchacht agus Inis Tíog a mbonn airgid. Fuair an Droichead Nua Gradam Iarrachta.

## CÁILÍOCHT UISCE & RIALÚ AR THRUAILLIÚ

**Rialú ar Thruailliú**

- Sa bhliain 2017, iniúchadh 25 áitreabh ag a bhfuil Ceadúnas Sceite Alt 4.
- Rinne Comhairle Contae Chill Chainnigh 148 nIniúchadh Feirme Céaduaire faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint) (Leasú), 2014. Cinneadh nach raibh tuairim is 23% díobh ag comhlíonadh na rialachán. Mar thoradh air sin, eisíodh 33 litir rabhaidh agus réitíodh na cásanna sin ina dhiaidh sin agus tugadh 1 fhógra maidir le tras-chomhlíonadh don Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara [DAFM] rud as a leanfadh smachtbhanna a bheadh ina chúis le laghdú ar a n-íocaíocht aonair feirme. Rinneadh 36 iniúchadh feirme eile, lena n-áirítear iniúchtaí leantacha de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM).
- Rinne DAFM 72 Iniúchadh Feirme eile thar ceann Chomhairle Contae Chill Chainnigh sa bhliain 2017. Cinneadh nach raibh 24 cinn díobh ag comhlíonadh na rialachán agus go mbeadh smachtbhannaí le forchur ar a n-íocaíochtaí aonair feirme.
- Rinneadh 34 iniúchadh ar dhamhcha séarachais.
- Leanadh de Chlár Forleathan Faireacháin Dromchla i leith na Creat-Treorach maidir le hUisce.
- Rinneadh faireachán ar 66 láithreán éagsúla ar fud an Chontae mar chuid de na ceanglais a bhaineann leis an gClár Samplála Náisiúnta faoin gCreat-Treoir maidir le hUisce. Tógadh 446 shampla ag na láithreáin lena mbaineann agus bhí anailísiú le déanamh orthu i rith na bliana 2017.
- Fuarthas 22 Phlean Bainistíochta Cothaitheach, measúnaíodh iad agus ceadaíodh iad faoi réir coinníollacha i ndáil le húsáid sloda séarachais sa talmhaíocht.
- Rinneadh 561 mholadh i scríbhinn chuig an Roinn Pleanála sa bhliain 2017 - agus baint acu go príomha le cosaint nó feabhsú cháilíocht an uisce. Rinneadh 44 iniúchadh ar láithreáin mar chuid den obair sin.

Chaith an Mheitheal Uisce dhá lá i mbun cainteanna agus taispeántas do mhic léinn Scoileanna Náisiúnta agus Meánscoileanna i mBaile Mhic Andáin maidir leis an tábhacht a bhaineann le hacmhainn ghlan neamhthruaillithe uisce a bheith ann sa cheantar áitiúil agus maidir le ról na mac léinn i ndáil le caomhnú na hacmhainne sin.




Ina theannta sin, bhuail an Mheitheal Uisce le grúpa feirmeoirí agus lena gcomhairleoir talmhaíochta agus thug sí caint maidir le hiniúchtaí feirme, maidir le cad a bheadh i gceist le hiniúchadh agus maidir le lochtanna coitianta a aimsítear le linn iniúchtaí.

Sábháilteacht Uisce

Bhí cúig gharda tarrthála déag san iomlán ag obair ar bhonn sealaíochta le linn mhíonna an Mheithimh, Iúil agus Lúnasa 2017 suíomhanna seo a leanas:

- Na Cluainte, Cathair Chill Chainnigh.
- An Chora,  Bóthar an Tuair, Cathair Chill Chainnigh.
- Gráig na Manach.
- Inis Tíog.

- Baile Mhic Andáin.


| | STAITISTICÍ GARDA TARRTHÁLA DO SHÉASÚR AN tSAMHRAIDH 2017 | | | |
|---|---|---|---|---|
| ***Tarrtháil*** | ***Garchabhair*** | ***Comhairle a Thabhairt*** | ***Timpistí a coisceadh*** | ***Eile*** |
| 2 | 59 | 695 | 193 | 4 |

**Baoithe Fáinne**
Mar thoradh ar sheiceáil sheasmhach agus ar fhaireachán seasmhach ar bhaoithe fáinne i gCathair Chill Chainnigh agus sna ceantair máguaird, tá laghdú tagtha ar an líon teagmhas ina dtarlaíonn damáiste do bhaoithe fáinne nó ina ndóitear iad. Le déanaí, thug úsáideoirí báid agus saoránaigh airdeallacha baoithe fáinne a bhí aimsithe acu ar ais do Chomhairle Contae Chill Chainnigh.

**Reiligí**
Tá 14 reilig oscailte ag Comhairle Contae Chill Chainnigh ar fud an Chontae agus tá feighlí ann i ngach ceann acu chun bainistíocht a dhéanamh ar choimeád taifead.

Rinneadh oibreacha uasghrádaithe ar na reiligí seo a leanas mar chuid den chlár mionoibreacha caipitiúla.

Caisleán an Chomair - Oibreacha deisiúcháin ar chosáin, tógáil bánna le haghaidh dramhaíl ainmnithe, athbhunú agus athphéinteáil na lármhíre.
An Cheapach - Crannliacht agus crainn a thabhairt chun bealaigh, agus oibreacha tírdhreachaithe. Baile Phóil - Bá coincréite a thógáil agus soláthar uisce IBC a shuiteáil.








## ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH, CAOMHANTAS & ATHRÚ AERÁIDE

**Tionscadail maidir le hAthrú Aeráide:**

**Faireachán & Tuairisciú 2017**

Tá sé de chúram ar Earnáil Phoiblí na hÉireann laghdú 33% a dhéanamh ar an méid fuinnimh a úsáidtear faoin mbliain 2020 i gcomparáid lena mbliain bhunlíne. I gcás Chomhairle Contae Chill Chainnigh is é an bhliain 2009 an bhliain bhunlíne. Déanann Comhairle Contae Chill Chainnigh tuairisc faoin méid fuinnimh a úsáidtear in aghaidh na bliana a thabhairt d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann arb é an t-údarás é a bhainistíonn an próiseas tuairiscithe thar ceann na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE). Ullmhaíonn SEAI tuarascáil faoi éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí gach bliain agus tugtar an tuarascáil sin do DCCAE. Sa tuarascáil sin, dar teideal "Tuarascáil Bhliantúil 2017 ar Fheidhmíocht Éifeachtúlachta Fuinnimh na Seirbhíse Poiblí", tugtar mionsonraí faoi fheidhmíocht fuinnimh na seirbhíse poiblí ina hiomláine. Ar bhonn thuarascáil na bliana 2016, tá rátáil 22% ag Comhairle Contae Chill Chainnigh faoi láthair. Mar thoradh air sin, tá an chomhairle níos éifeachtúla na mar a bhí sa bhliain bhunlíne agus tá sí i riocht maith chun spriocanna 2020 a bhaint amach. Cuirfidh tionscadal píolótach na soilse sráide i gCill Chainnigh circa 3% leis sin. I gcás na húsáide fuinnimh thar an 31 údarás áitiúil ar fad, is ionann í agus 25% den úsáid fuinnimh ar fad san Earnáil Phoiblí. I láthair na huaire, is é atá i rátáil na hearnála údaráis áitiúil ina hiomláine ná 20% agus samhlaítear go ndéanfaidh forbairtí maidir le tionscadail soilsiúcháin sráide atá éifeachtúil ó thaobh cúrsaí fuinnimh de, amhail an tionscadal píolótach a forbraíodh i gCill Chainnigh, cabhair a thabhairt don ghrúpa maidir lena spriocanna a bhaint amach.




**Leabharlann an Locha Bhuí**

Rinne an tSeirbhís Leabharlainne uasghrádú ar Leabharlann an Locha Bhuí sa bhliain 2017. Mar chuid den obair sin, freisin, rinneadh roinnt uasghráduithe fuinnimh lena n-áirítear uasghrádú insliúcháin, uasghrádú soilsiúcháin, uasghrádú coire agus rialtóirí téite.








Laghdóidh an t-uasghradú i leith shoilsiúchan LED an úsáid leictreachais de 80% nuair a chuirtear i gcomparáid í leis an gcóras neamheifeachtúil soilsiúcháin a bhí ann roimhe seo.

**Clós Innealra Chill Chainnigh**

Lean an clós innealra dá spriocanna laghdaithe fuinnimh trí chóras soilsiúcháin



a chlós. Roimhe
he agus rialuithe
ealra.

**Fíor 2: Soilsiúchán LED an Chlóis Innealra**

**Stáisiún Dóiteáin Achadh Úr**
Faoi láthair, tá an tSeirbhís Dóiteáin i mbun an chúigiú bliain de thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh a chur i gcrích sna foirgnimh atá á n-oibriú ag an tSeirbhís Dóiteáin. Uasghrádaíodh Stáisiún Achadh Úr sa bhliain 2017 trí chóras nua soilsiúcháin LED agus téite a shuiteáil ann.

**Tionscadal Fíorluacha**
Tá tionscadal píolótach ar siúl ag Comhairle Contae Chill Chainnigh maidir le húsáid feidhmchlár fón cliste chun rialú a dhéanamh ar thaiscthéitheoirí Dimplex Quantum a suiteáladh mar chuid d'oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh i stáisiúin dóiteáin, i leabharlanna agus i bhfoirgnimh chorparáideacha ó bhí an bhliain 2013 ann.

Mar chuid de thionscadal RealValue, bainfear úsáid as taispeántais fhisiciúla in Éirinn, sa Ghearmáin agus sa Laitvia, chomh maith le teicníochtaí múnlaíthe nuálacha, chun a thaispeáint conas a d'fhéadfadh stóráil fuinnimh beagscála áitiúil, agus í optamaithe ar fud chóras fuinnimh an Aontais Eorpaigh ina iomláine, agus ICT ardleibhéil á úsáid ina leith, tairbhí a chur ar fáil do gach rannpháirtí sa mhargadh fuinnimh. Soláthróidh RealValue modh nuálach chun maolú a dhéanamh ar na dúshláin a bhaineann le foinsí in-athnuaite agus chun luach an fhuinnimh ghlain a uasmhéadú. Cuirfear an tionscadal seo ar aghaidh tuilleadh sa bhliain 2018.

**Pobail Fuinnimh Níos Fearr i gCill Chainnigh 2017**
Bhí rath ar Chomhairle Contae Chill Chainnigh maidir le hiarratas a cuireadh chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) ar mhaoiniúchán i bhfoirm deontais trí chlár na bPobal Fuinnimh Níos Fearr (BEC). Ghníomhaigh an Chomhairle mar iarratasóir ceannais de chuid gníomhaireacht fuinnimh 3 chontae (3cea) agus rinne sí riaradh agus bainistíocht tionscadail i leith an chláir.

Chuimsigh tionscadal na Comhairle iarfheistiú soilsiúcháin phoiblí, uasghrádú leabharlainne, uasghrádú stáisiúin dóiteáin agus iarfheistiú soilsiúcháin allamuigh. Ba iad na heagraíochtaí pobail a bhí i gceist sa scéim deontais teaghais lae do dhaoine scothaosta, teach tábhairne, eagraíocht pharóiste agus saoráid do dhaoine ar a bhfuil míchumas intleachta.

Ba é a bhí sa chaiteachas iomlán fuinnimh i leith na dtionscadal go léir ná €760,000 agus fuarthas deontas tuairim is
€240,000 ó SEAI agus is é a bheidh sa tsábháil mheasta fuinnimh ná 839,157kWh. Beidh Cill Chainnigh i gceannas ar thionscadal eile SEAI BEC eile sa bhliain 2018.

**Cúnant na Méaraí**
Chláraigh Cill Chainnigh le Cúnant na Méaraí i mí Aibreáin 2015. Is tionscnamh Eorpach é Cúnant na Méaraí agus é mar aidhm aige laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí carbóin a laghdú faoi 2020 agus 2030. De réir Chúnant na Méaraí, tá sé de cheangal ar na sínitheoirí plean gníomhaíochta fuinnimh inmharthana a thiomsú chun sprioc laghdaithe carbóin 20% a bhaint amach faoin mbliain 2020. Ghlac Comhairle Contae Chill Chainnigh an plean gníomhaíochta ag cruinniú mhí Eanáir 2017 agus cuireadh faoi bhráid oifig Chúnant na Méaraí é lena athbhreithniú ag Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh. Tá an próiseas athbhreithnithe sin ar siúl fós agus cuirfear ar aghaidh tuilleadh é sa bhliain 2018.

**Feasacht Fuinnimh**
I rith Sheachtain na hEolaíochta 2017, bhí an Oifig Fuinnimh agus 3cea ina gcomhpháirtithe, in éineacht leis an tseirbhís leabharlainne, i ndáil le "cainteanna fuinnimh" a thabhairt do scoileanna, ar cainteanna iad a bhí ann sna leabharlanna áitiúla. Is é a bhí i gceist leis na cainteanna sin ná cur i láthair PowerPoint a taispeánadh do na leanaí scoile mar aon le taispeántas idirghníomhach Lego agus foirne fuinnimh gréine K'NEX.

Déanann an Roinn Páirceanna formhaoirseacht ar fhorbairt agus ar chothabháil na dtaitneamhachtaí i gCathair agus i gContae Chill Chainnigh. Ón tráth ar bunaíodh an Roinn sa bhliain 2004, tá raon taitneamhachtaí áineasa ardchaighdeáin, lena n-áirítear áiteanna súgartha, páirceanna agus faichí spóirt, curtha ar fáil aici agus tá siad sin ar fáil lena n-úsáid ag daoine i ngach aoisghrúpa. Ina theannta sin, tá freagracht ar an Roinn Páirceanna i ndáil le forbairtí leanúnacha, bainistíocht cuairteoirí agus cothabháil Ghairdíní agus Chrannlann Chluain Dúin in Inis Tíog, ar mórthaitneamhacht do thurasóirí é san oirdheisceart.

**Forbairt & Cothabháil Áiteanna Súgartha**

Faoi láthair, tá 26 áit súgartha ann ar fud an Chontae. Forbraíodh na saoráidí súgartha sin i gcomhar le pobail áitiúla agus déantar cuid mhór acu a chothabháil le cúnamh ó phobail áitiúla agus ó scéimeanna áitiúla fostaíochta pobail. Déanann ár gcigire intí áiteanna súgartha na háiteanna súgartha go léir a iniúchadh gach seachtain i leith aon saincheisteanna sábháilteachta a d’fhéadfadh a bheith ann agus glantar iad gach seachtain freisin, nó níos minice ná sin más gá, chun a chinntiú go mbíonn siad glan agus sábháilte lena n-úsáid ag leanaí.



*Áit Súgartha Bhaile Mhic Andáin*

Tá freagracht ar an Rannóg Páirceanna i ndáil le forbairt agus cothabháil páirceanna sa Chathair agus sa Chontae. Is iad Páirc Líneach na Feoire, chomh maith le Riasc na Páirce Nua agus páirc chomharsanachta Gharraí an Chrainn agus Diméin an Easpaig a forbraíodh le déanaí, na príomhpháirceanna atá ann sa chathair. Soláthraíonn na páirceanna raon taitneamhachtaí, idir éighníomhach agus ghníomhach, agus bíonn siad ar fáil do dhaoine chun taitneamh a bhaint astu. Déanann criúnna bailithe bruscair na páirceanna a chothabháil agus a ghlanadh gach seachtain agus baintear an féar go rialta sa séasúr fáis. Déantar saoráidí sna páirceanna, amhail áiteanna súgartha agus trealamh aclaíochta, a chothabháil agus cuirtear leo go rialta.

**Forbairt & Cothabháil Faichí Imeartha**

Oibríonn an Roinn Páirceanna saoráid léasaithe faichí imeartha i ndáil le roinnt faichí sa chathair agus sa cheantar máguaird. Déantar na faichí sin a ligean ar léas do chlubanna le haghaidh traenáil agus cluichí. Tá roinnt mionfhaichí imeartha uile-aimsire againn freisin a bhfuil an-tóir orthu agus tá siad sin saor lena n-úsáid aon tráth sa Pháirc Nua, i nGarraí an Chrainn agus i nDiméin an Easpaig.

**Tionscadal Ghairdíní Chluain Dúin**

Ó rinneadh na gairdíní stairiúla Victeoiriacha i gCluain Dúin a athchóiriú le roinnt blianta anuas, is mórcheann scríbe iad do thurasóirí san oirdheisceart agus meallann siad thart ar 35,000 cuairteoir sa bhliain anois. Le cúnamh ó mhaoiniúchán REDZ, rinneadh na Gairdíní Geimhridh a athchóiriú go páirteach sa bhliain 2017, rud a chur leis na gnéithe ar díol spéise iad sna gairdíní. Ina theannta sin, d’éirigh leis an Roinn Páirceanna maoiniúchán a aimsiú trí chiste na nDéanmhas i mBaol chun caomhnú a dhéanamh ar dhéanmhas tábhachtach umair uisce ar an mballa teorann.

Leanann foireann na roinne páirceanna d’imeachtaí a eagrú, de chuairteoirí a mhealladh chuig na gairdíní agus bainistíocht a dhéanamh ar chuairteoirí agus, chomh maith leis sin, déanann siad

cothabháil ardchaighdeáin.  Sa bhliain 2017, d'óstáil foireann na ngairdíní imeacht an-rathúil sna gairdíní, is é sin, Lá Spraoi do Theaghlaigh, gan trácht ar roinnt imeachtaí eile amhail treodóireacht, siúlóidí foráiste, Siúlóidí *Operation Transformation* agus imeachtaí teaghlaigh eile le linn na Seachtaine Oidhreachta. Tá méadú ag teacht

ar an ráchairt ar Chluain Dúin le haghaidh searmanais shibhialta agus, sa bhliain 2017, d'óstáil Cluain Dúin roinnt bainiseacha do lánúieacha ar lá a bpósta.



*Taibheoirí Bui Bolg ar Lá Spraoi do Theaghlaigh i gCluain Dúin*



*Radharc ar Chluain Dúin ón aer i rith an tsamhraidh sa bhliain 2017*

**Deontais Taitneamhachta a Riaradh**

Rinne an Roinn Páirceanna riaradh ar scéim na ndeontas taitneamhachta atá ar fáil d'eagraíochtaí deonacha pobail lena dtaitneamhachtaí áitiúla a fheabhsú nó a chothabháil. Fuair níos mó ná céad is tríocha grúpa cúnamh deontais sa bhliain 2017.

**Glasbhealach ó Phort Láirge go Ros Mhic Thriúin**

Sa bhliain 2017, bhí dhá iarratas iomchuí pleanála á bpróiseáil faoi láthair chun forbairt an Ghlasbhealaigh ó Phort Láirge go Ros Mhic Thriúin, feadh an tsean-iarnróid dhíomhaoin a éascú agus tá cinneadh le déanamh ina leith sa bhliain 2018. Is é a bheidh sa Ghlasbhealach ná saoráid easbhóthair idir Port Láirge agus Ros Mhic Thriúin do rothaithe agus do shiúlóirí agus, le himeacht aimsire, déanfar nasc idir Glasbhealach Phort Láirge agus Glasbhealaí eile atá beartaithe le haghaidh cheantar an Oirdheiscirt.



*Cuid den seanlíne iarnróid ó Phort Láirge go Ros Mhic Thriúin*

Déanfar an tionscadal a fhorbairt i gcomhar le hoifig Ghlasbhealaí Réigiún an Oirdheiscirt ina bhfuil baill foirne de chuid Chomhairlí Contae Chill Chainnigh agus Phort Láirge.

**Páirc Chomharsanachta Phort an Chalaidh.**

Sa bhliain 2017, cuireadh tús le hobair ar fhorbairt páirce comharsanachta le haghaidh Phort an Chalaidh i gceantar Aylesbury. Rinneadh iarratas Chuid 8 le haghaidh páirce comharsanachta i bPort an Chalaidh a cheadú i Meán Fómhair 2017 tar éis comhairliúchán forleathan leis an bpobal áitiúil; forbraíodh an tionscadal seo le cúnamh airgeadais ó chiste LIHAF, mar aon le maoiniúchán meaitseála ó Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh agus Phort Láirge. Táthar ag súil go ndéanfar an obair thógála sa bhliain 2018 chun an fearann súgartha agus na saoráidí gaolmhara go léir a chur ar fáil.

**Rialú ar Speicis Ionracha**

Tá an Roinn Páirceanna ag gabháil do stop a chur le leathadh speiceas ionrach ar thailte poiblí ar fud an Chontae. Tá clár díothaithe Feabhrán Capaill ar siúl fós i gCill Mhic Bhúith agus i gCill Chainnigh agus tá iarrachtaí á ndéanamh i gcónaí, i gcomhar le Coiste Bithéagsúlachta '*Keep Kilkenny Beautiful*', chun speicis ionracha a dhíothú, go háirithe Lus na Pléisce, feadh na Feoire, feadh Shiúlán na Leacan



agus Shiúlán na Canála.

***Ag dul i ngleic leis an bhFeabhrán Capaill i gCill Mhic Bhúith***

**Tionscadail Caipitiúla Spóirt**

D'éirigh le hiarratas na Roinne Páirceanna ar thrí dheontas chun trealamh giomnáisiam allamuigh a chur ar fáil i suíomhanna ar fud na cathrach. Tá an-tóir ar an trealamh aclaíochta sin go háirithe nuair a chuirtear ar fáil é gar do shaoráidí atá ann cheana féin. Tar éis ceadú foirmiúil a fháil ón Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt faoin gClár Caipitiúil Spóirt, suiteáladh na giomnáisiamaí allamuigh go luath sa bhliain 2017 i nGleann Pococke, ar Fhaiche an Aonaigh agus ag Céide Chois Abhann (Páirc Líneach na Feoire).



*Trealamh aclaíochta allamuigh i bPáirc Líneach na Feoire*



*Giomnáisiam nua allamuigh ag Céide Chois Abhann ag an mbealach isteach chuig Páirc Líneach na Feoire*

**Tionscadal Pailneora ag Baois Uí Nuanáin**

Téama tábhachtach de chuid na Plandála i bPáirc na Síochána is ea tacú le Feithidí Pailnithe. Tá an plandáil sa suíomh seo ceaptha chun pailin agus neachtar a sholáthar ó thús an earraigh ar aghaidh agus bíonn bleibeanna éagsúla ag bláthú ó Fheabhra go Meitheamh. Tiocfaidh bláth ar na plandaí agus soláthróidh sé sin acmhainn an-mhaith do na feithidí. Fuair an tionscadal moladh dearfach sna tuarascálacha ó Mholtóirí Chomórtas na mBailte Slachtmhara.



*Plandaí pailneora faoi bhláth i mí Iúil 2017*

# FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA

Is é ról an Aonaid um Fhorbairt Eacnamaíochta Cill Chainnigh a chur chun cinn mar shuíomh chun infeistíocht agus gnó a dhéanamh ann. Meascán den timpeallacht ghnó agus den suíomh sóisialta mar áit le cónaí ann, le hoibriú ann agus le súgradh ann, atá i bhForbairt Eacnamaíochta. Is é atá sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016-2021 (LECP), atá glactha ag Comhairle Contae Chill Chainnigh, ná an plean straitéiseach chun ailíniú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht uile forbartha eacnamaíochta agus forbartha pobail thar ré an phlean. Is é is príomhthéama don ghné eacnamaíochta den phlean seo ná fostaíocht a chruthú agus geilleagar ardfhostaíochta a chothú. Sa ghné sin den phlean, leagtar amach 9 sprioc straitéiseacha agus 64 ghníomh atá le cur i bhfeidhm idir na blianta 2016 agus 2021. Sa bhliain 2017, díríodh ar 49 gcinn den 64 ghníomh atá ann.

**Invest Kilkenny:**
Tá athchóiriú agus uasdátú déanta ar ábhar poiblíochta Invest Kilkenny. Ba é a bhí i gceist leis sin ná athfhorbairt a dhéanamh ar láithreán gréasáin Invest Kilkenny https://www.investkilkenny.ie/ agus é mar chuspóir dó sin ná Cill Chainnigh a chur ar taispeáint mar limistéar tarrainteach chun infheistíocht agus gnó a dhéanamh ann. Príomhghné de chuid an láithreáin gréasáin is ea ocht gcinn d'fhíseáin a coimisiúnaíodh go speisialta chun léiriú a thabhairt a thabhairt ar Chill Chainnigh mar cheann scríbe gnó agus chun cur síos a dhéanamh ar roinnt cuideachtaí rathúla de chineál dúchasach agus coigríche - ar cuideachtaí iad a bhfuil oibríochtaí substaintiúla acu i gCill Chainnigh agus ar gníomhaithe domhanda iad ina n-earnálacha faoi seach. Ina theannta sin, dearadh paca nua faisnéise agus leathán fíoras.

Lainseáil an tAire Pat Breen an t-ábhar nua sin faoi *Invest Kilkenny* a lainseáil ar an 24 Samhain i Músaem na Míle Meánaoisí. Tá na hábhair á n-úsáid ag IDA anois mar chuid dá bhfeachtas poiblíochta i leith an Oirdheiscirt.
https://www.idaireland.com/doing-business-here/locations/south-east




**Gradaim Bhanc na hÉireann i leith Bailte Fiontraíochta 2017**
Tá sé mar aidhm ag Gradaim Bhanc na hÉireann i leith Bailte Fiontraíochta cúnamh a thabhairt i ndáil le cur chun cinn na fiontraíochta i mbailte agus i sráidbhailte ar fud na tíre. Eagraíodh Comórtas na bliana 2017 le tacaíocht ó údaráis áitiúla a thug cabhair maidir le hainmniú bailte agus sráidbhailte thar ceann a gcathrach/gcontae féin. San iomlán, fuair Banc na hÉireann os cionn 80 iarratas faoin tionscnamh seo.




*Clé go Deas: An Cathaoirleach, an Comhairleoir David Fitzgerald, Deirdre Shine, Banc na hÉireann, Gerri Hickey, Anne Marie, Piltown Community Enterprise, Bríd Hynes, Comhairle Cotae Chill Chainnigh; Mark Connolly, Piltown Community Enterprise.*

Tar éis na hiarratais a thíolacadh, bhuail trí bhaile de chuid Chontae Chill Chainnigh - Gráig na Manach, Baile an Phoill agus Caisleán an Chomair - leis an bPainéal Moltóireachta thar thréimhse dhá lá i Meán Fómhair ar lena linn a chuir gach pobal ar leith spiorad fiontraíochta a mbaile/sráidbhaile ar taispeáint.

Bhí Oíche na nGradam ann ar an 15 Samhain sa Tulach Mhór. Ainmníodh Baile an Phoill mar bhuaiteoir ghradam an "Baile Beag Réigiúnach Chúige Laighean" agus fuair siad duais airgid
€3,000 agus Trófaí Criostail. Comhghairdeas le gach duine i mBaile an Phoill i leith an t-aitheantas sin atá tuillte go maith a fháil.

Cé nach bhfuair Caisleán an Chomair agus ar Ghráig na Manach aon duais, agus go raibh díomá orthu ina leith sin, ní mór a admháil gur éirigh go maith leo beirt a gceantair áitiúla a chur ar taispeáint agus léiriú a thabhairt ar an spiorad maith fiontraíochta atá ann go smior sna pobail sin.

**Borradh faoi Chúrsaí Fostaíochta i gCill Chainnigh agus 130 Post á bhFógairt:**
D'fhógair dhá chuideachta - Taxback agus an soláthróir seirbhísí bainistíochta cistí, Carne - poist nua do Chill Chainnigh i mí Dheireadh Fómhair.

D'fhógair Taxback International, ar cuid de Taxback Group é, go mbeadh 80 post nua á gcruthú ina cheannoifig i gCill Chainnigh chun déileáil leis an éileamh méadaithe óna chustaiméirí Éireannacha agus domhanda. Oibríonn an chuideachta sin san earnáil teicneolaíochta airgeadais agus is soláthróir domhanda é maidir le seirbhísí gnóthaithe CBL. Le 12 mhí anuas, tá oifigí nua díolacháin oscailte ag an gcuideachta san Astráil, sa tSín, sa tSeapáin, sa Ríocht Aontaithe agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá athlonnú déanta aige freisin chuig ceithre shuíomh próiseála agus oibríochta níos mó san Eoraip.




Sa phictiúr, Clé go Deas: Brendan McCormack, Comhairleoir Forbartha Sinsearach, Fiontraíocht Éireann; Martin Corkery, Stiúrthóir Réigiúnach, Fiontraíocht Éireann; an tAire Pat Breen TD; Catherine Quirke,Príomhoifigeach Tráchtála, Taxback International; Terry Clune, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin & Bunaitheoir Taxback Group, agus Eamon Clunen, Stiúrthóir Oibríochtaí, Taxback International

Ina theannta sin, déanfaidh an soláthróir seirbhísí bainistíochta airgeadais, Carne, 50 ball foirne a earcú ina ionad nua sármhaitheasa i gCill Chainnigh i ndáil le forbairt agus oibríochtaí i leith teicneolaíocht rialála shaincheaptha.

Tá leathnú á dhéanamh ar Carne chun freastal a dhéanamh ar éilimh ón margadh de bharr an vóta maidir le Brexit sa Ríocht Aontaithe. Tá tacaíocht á fáil ó Fhiontraíocht Éireann i gcomhair na bpost nua ina n-áirítear poist bhainistíochta agus poist do chéimithe i réimsí na comhlíontachta, na bainistíochta rioscaí, na teicneolaíochta agus na n-oibríochtaí. Is é an fear gnó, John Donohoe, a bhunaigh Carne sa bhliain 2004 agus tá naoi n-oifig aige, in Éirinn, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, i Lucsamburg agus sa Ríocht Aontaithe, agus iad ag fónamh don tionscal bainistíochta cistí.



Sa phictiúr, Clé go Deas: Martin Corkery, Stiúrthóir Réigiúnach, Fiontraíocht Éireann; an tAire Pat Breen TD; John Donohue, Bunaitheoir, Carne Financial Services; Yvonne Connolly, Príomhfheidhmeannach in Éirinn, Carne Financial Services; Billy Hanley, Comhairleoir Forbartha Sinsearach, Fiontraíocht Éireann; an tAire Michael D'Arcy TD, an tAire John Paul Phelan TD

**Scéim Dreasachta i leith Áitribh Fholmha do Ghnóthaí Beaga**
Táthar ag leanúint den chlár seo a chur i bhfeidhm, ar clár é a lainseáladh sa bhliain 2016 chun cúnamh a thabhairt do ghnóthaí nua agus do ghnóthaí atá á leathnú trí bhíthin deontais is iníoctha ar feadh na chéad trí bliana d'oibríochtaí an ghnó lena mbaineann. Chuathas i mbun feachtas caidreamh poiblí i lár na bliana 2017 chun an tionscnamh seo a chur chun cinn, chun feasacht níos fairsinge faoin scéim a chruthú agus chun spreagadh a thabhairt i leith páirt a ghlacadh sa scéim.

**Maoin Tráchtála**
Oibríonn an tAonad Forbartha Eacnamaíochta le húinéirí maoine tráchtála chun cúnamh a chur ar fáil maidir le deiseanna a shainaithint d'infheisteoirí ionchasacha agus do ghnóthaí áitiúla. Táthar tar éis bunachar sonraí áitreabh folamh tráchtála a chruthú. Is ábhar tagartha tábhachtach é an bunachar sonraí sin nuair a fhaightear fiosruithe ó IDA agus ó Fhiontraíocht Éireann maidir le sonraíochtaí maoine. Baintear úsaid as freisin chun déileáil le fiosruithe ó ghnóthaí atá ann cheana féin i gCill Chainnigh agus a bhfuil áitreabh á lorg acu. Cuireann an t-aonad cúnamh ar fáil freisin do lucht forbartha maoine chun pleananna a phlé leo i gcomhthéacs na timpeallachta áitiúla gnó.

**Lá Oscailte Cartoon Saloon**
Bhí an tAonad Forbartha Eacnamaíochta i measc roinnt Ranna de chuid na Comhairle a bhí bainteach le tacaíocht a thabhairt do Cartoon Saloon i ndáil lena Lá Oscailte i mí Aibreán. D'eagraigh an chuideachta beochana sin an Lá Oscailte chun tús a chur le hearcaíocht a dhéanamh le haghaidh an 140 post a fógraíodh níos luaithe sa bhliain do Lighthouse Studios. Tháinig níos mó ná 300 beochantóir, idir dhaoine a bhí ag tosú amach agus dhaoine seanbhunaithe, go Cill Chainnigh chun dul ar thuras sna stiúideonna beochana agus chun dul faoi agallamh i gcomhair na bpost.



**Plean Gníomhaíochta an Oirdheiscirt i leith Post**
Tá an tAonad bainteach le cur i bhfeidhm Plean Gníomhaíochta an Oirdheiscirt i leith Post agus baineann roinnt gníomhaíochtaí de chuid an phlean go sonrach le Cill Chainnigh.

# AN OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL

Cabhraíonn an Oifig Fiontair Áitiúil (LEO) le gnóthaí beaga tosú, forbairt agus fás. Cuireann an Oifig seirbhís tacaíochta gnó, is é sin, 'siopa céadchuairte', ar fáil d'aon duine atá i mbun gnó nó atá ag smaoineamh ar ghnó a chur ar bun. Oibríonn siad faoi théarmaí comhaontaithe leibhéil seirbhíse idir an Chomhairle agus Fiontraíocht Éireann (EI). Tá sé de cheangal ar LEO plean gníomhaíochta bliantúil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ar plean é ina leagtar amach na príomhsheirbhísí, na gníomhartha, na tionscadail, na cláir agus na spriocanna a mbeartaíonn siad iad a sheachadadh gach bliain.

Cuirtear an plean gníomhaíochta bliantúil faoi bhráid an Choiste Beartais Straitéisigh (SPC) um Fhorbairt Eacnamaíochta, Tacaíochta Fiontraíochta agus Turasóireachta, agus soláthraíonn an SPC formhaoirseacht ar chur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta thar ceann Chomhairle Contae Chill Chainnigh. Cuireann foireann an SPC tuairiscí ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Forbartha ar fáil don SPC le linn chruinnithe ráithiúla an Choiste. Chomh maith leis sin, cuireann an SPC tuairisceán bliantúil méadrachtaí faoi bhráid Fhiontraíocht Éireann (EI). Tá seirbhísí Coiste speisialaithe um Cheaduithe & Measúnuithe ar fáil don SPC chun measúnú a dhéanamh ar iarratais ar thacaíocht airgeadais. Soláthraíonn an SPC raon leathan tacaíochtaí agus seirbhísí d'úinéirí gnóthaí, idir ghnóthaí atá ag tosú amach agus ghnóthaí seanbhunuaithe, agus, ag an am céanna, cothaíonn siad forbairt timpeallachta tacúla don réimse fiontraíochta sa Chontae.

Tá na tacaíochtaí a sholáthraíonn LEO roinnte ina 2 phríomh-Bheart, is é sin le rá, Beart 1 (tacaíochtaí airgeadais) agus Beart 2 (bogthacaíochtaí).

**NA GRADAIM FIONTRAÍOCHTA NÁISIÚNTA**

Bhí gnó innealtóireachta ardbheachtais atá lonnaithe i Muileann an Bhata ann mar ionadaí do Chontae Chill Chainnigh ag searmanas na nGradam Fiontraíochta Náisiúnta ar an 25 Bealtaine i dTeach an Ard-Mhéara, Baile Átha Cliath. Fuair Mark Boyne agus Richie Keneally, as Greensbridge Engineering Ltd, an phríomhdhuais i gcomórtas na nGradam Fiontraíochta Contae. Déanann Greensbridge Engineering Ltd, a bunaíodh sa bhliain 2011, a bhfuil 7 bhfostaí acu faoi láthair agus atá lonnaithe sa tSean-Uachtarlann i Muileann an Bhata, comhpháirteanna ardbheachtais cruach dosmálta, for-chóimhiotail agus alúmanaim a tháirgeadh lena soláthar do na tionscail ola agus gáis, feistí liachta agus teicneolaíochta leathsheoltóra.




*Pictured at the presentation of the County Enterprise Awards competition L to R: Aileen McGrath, Senior Enterprise Development Officer, LEO Kilkenny; Cllr. Pat Millea; Catherine Hennessy, Business Advisor, LEO Kilkenny; Cllr. Pat Fitzpatrick, Chairman of SPC on Enterprise, Tourism and Economic Development; Mark Boyne & Richie Keneally, Greensbridge Engineering Ltd.; Fiona Deegan, Head of Enterprise, LEO Kilkenny; Mary Mulholland, Director of Services, Kilkenny County Council.*

**GRADAIM FIONTRAÍOCHTA NA MAC LÉINN**

Thug aon déagóir déag fiontraíoch, as 3 mheánscoil áitiúla, cuairt ar Pháirc an Chrócaigh i mí Bhealtaine chun bheith ina n-ionadaithe don Chontae agus dá nOifig Fiontair Áitiúil ag an 15ú Craobhchomórtais Náisiúnta Bliantúil den Chlár Fiontraíochta do Mhic Léinn. I mí Mheán Fómhair gach bliain, cuireann fiontraithe óga meánscoile a gcuid fiontar féin ar bun agus reáchtálann siad na fiontair sin d'fhonn foghlaim a dhéanamh faoi shaol an ghnó le cabhair óna



múinteoirí agus ón Oifig Fiontair Áitiúil. Bhí na mic léinn go léir san iomaíocht i gCraobhchomórtas Chill Chainnigh in Óstán Newpark ar an 29 Márta. Bhí 539 mac léinn san iomlán, as 12 scoil de chuid an chontae, páirteach sa chlár sa bhliain 2017.

**ATHBHREITHNIÚ AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ SA BHLIAIN 2018**

**Beart 1**

Baineann tacaíochtaí Bheart 1 le cúnamh díreach airgeadais a sholáthar do thionscadail cháilithe. Ceadaíodh 38 n-iarratas ar chostas carnach beagnach €507,901 (féach Tábla 1). Maidir leis an 22 thionscadal in aicme an Deontais Prímeála & Leathnaithe Gnó ar tugadh tacaíocht dóibh, tá sé de chumas acu 149 bpost a chruthú thar thréimhse 3 bliana. D'íoc LEO tuairim is €346,981 i bhfoirm íocaíochtaí deontais sa bhliain 2017.

***Tábla 1: Achoimre ar Ghníomhaíochtaí Bheart 1 sa bhliain 2017***

| **Beart 1 - Cúnamh Airgeadais** | **Aschur 2017** |
|---|---|
| An Líon Iarratas ar Dheontas i leith Staidéar Féidearthachta a Ceadaíodh | 4 |
| An Líon Iarratas ar Dheontas i leith Príomeáil a Ceadaíodh | 8 |
| An Líon Iarratas ar Dheontas i leith Leathnú Gnó a Ceadaíodh | 14 |
| An Líon Iarratas ar Dheontas i leith Cúnamh Teicniúil do Mhicrea-Onnmhaireoir a Ceadaíodh | 12 |
| **An Méid Iomlán a Ceadaíodh** | **€507,901** |
| An Líon Post a Bhaineann le Deontais Príomeála/Leathnaithe Gnó a Ceadaíodh laistigh de 3 bliana | 149 |

**Beart 2**

Baineann tacaíochtaí Bheart 2 le tacaíochtaí 'boga' a sholáthar, rud a chuimsíonn raon leathan tacaíochtaí, lena n-áirítear faisnéis ghnó agus comhairle a sholáthar, cláir oiliúna fiontraíochta agus forbartha bainistíochta, agus seirbhísí meantóireachta a sholáthar. Chaith LEO beagnach €331,100 ar Bheart 2 sa bhliain 2017 (féach Tábla 2).

***Tábla 2: Achoimre ar Ghníomhaíochtaí Bheart 2 sa bhliain 2017***

| **Beart 2 - Tacaíochtaí** | **Aschur 2017** |
|---|---|
| An Líon Fiontraithe a bhain leas as Seisiún Comhairleach Gnó | 411 |
| An Líon Clár 'Tosaigh do Ghnó Féin (SYOB)' a Reáchtáladh | 6 |
| An Líon Rannpháirtithe i gCláir SYOB | 112 |
| An Líon Fiontraithe a bhain leas as Tacaíocht Mheantóireachta | 381 |
| An Líon Scoileanna a ghlac páirt i gClár Fiontraíochta na Mac Léinn | 12 |
| An Líon Mac Léinn a ghlac páirt i gClár Fiontraíochta na Mac Léinn | 539 |
| An Líon croí-Chlár Oiliúna Fiontraíochta a Reáchtáladh | 49 |
| An Líon Rannpháirtithe i gcroí-Chláir | 594 |
| An Líon Rannpháirtithe a d'fhreastail ar Sheimineáir Ghnó | 282 |
| An Líon Rannpháirtithe a ghlac páirt in Oiliúint '*Lean for Micro*' | 4 |
| **Caiteachas Iomlán Bheart 2** | **€331,100** |

Ghlac 594 fhiontraí páirt sna 49 croí-chláir oiliúna fiontgraíochta agus bainistíochta gnó a eagraíodh agus a cuireadh ar fáil sa bhliain 2017. Chríochnaigh 112 dhuine Cláir 'Tosaigh do Ghnó Féin (SYOB)' a reáchtáil LEO sa bhliain 2017. Trí Chlár SYOB, tugtar buneolas do na rannpháirtithe faoi na príomh-shaincheisteanna go léir a thagann chun cinn nuair a bhíonn gnó á thosú agus á reáchtáil, lena n-áirítear taighde agus pleanáil a dhéanamh maidir leis an mbunsmaoineamh agus straitéis díolacháin a fhorbairt agus réamh-mheastacháin airgeadais a ullmhú. Bhain 381 fhiontraí leas as tacaíocht mheantóireachta a chur LEO Chill Chainnigh ar fáil sa bhliain 2017. Tá painéal meantóirí speisialaithe againn a bhfuil sé de chúram orthu a dtaithí agus a bhfoghlaim a chomhroinnt chun cabhrú le cliaint forbairt a dhéanamh ar a gcumas maidir le réiteach fadhbanna. Cabhraíonn an meantóir le cliaint a spriocanna agus a smaointe don todhchaí a scrúdú agus an staid ina bhfuil siad faoi láthair a mheas go réadúil. Ghlac 539 mac léinn as 12 scoil dara leibhéil sa

chontae páirt i gClár Fiontraíochta na Mac Léinn (SEP) sa bhliain acadúil 2016/2017. Is é an SEP an príomh-mheán a úsáidtear chun spléachadh a thabhairt do dhaoine óga ar an bhfiontraíocht agus chun tuiscint níos fearr a thabhairt dóibh ar an méid a bhíonn i gceist le gnó a reáchtáil.

**Tionscnaimh eile**

Bhí LEO bainteach le tacaíocht a thabhairt i ndáil le raon tionscnamh eile sa bhliain 2017 mar a leanas:

- *Microfinance Ireland* (MFI): tugadh cúnamh do 8 ngnó maidir le hiarratas a dhéanamh chuig NFI ar airgeadas iasachta.

- *Smart Options Loans*: leanadh den chomhpháirtíocht (ar cuireadh tús léi sa bhliain 2009) le Comhar Creidmheasa Chainnigh i gCill Chainnigh agus tugadh cúnamh do 14 ghnó breise maidir le hiarratas a dhéanamh ar *Smart Options Loan*.

- Comórtas IBYE - tugadh cúnamh do 31 fhiontraí maidir lena n-iarratais i leith an Chomórtais dar teideal 'An Fiontraí Óg is Fearr in Éirinn (IBYE)' sa bhliain 2017.

- Dearbháin Trádála Ar Líne: ceadaíodh 28 ndearbhán trádála ar líne eile do ghnóthaí áitiúla sa bhliain 2017.

- Thacaigh LEO le roinnt tionscnamh náisiúnta a chuaigh an Líonra LEO ina mbun go comhpháirteach, lena n-áirítear Craobhchomórtas Chlár Fiontraíochta na Mac Léinn i bPáirc an Chrócaigh i mí Aibreáin, Craobhchomórtas na nGradam Náisiúnta Fiontraíochta i mBaile Átha Cliath i mí an Mheithimh, Seastán an tSráidbhaile Fiontraíochta le linn an Chomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta sa Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí, i mí Mheán Fómhair, agus Comhdháil Lá Fiontraíochta Náisiúnta na mBan a seoladh i gCeatharlach i mí Dheireadh Fómhair. Leanfaimid de bheith ag tacú le himeachtaí náisiúnta a eagraíonn an líonra LEO mar bhealach éifeachtúil chun tuilleadh airde a dhíriú ar na tacaíochtaí agus ar na seirbhísí atá á dtairiscint againn.

***Tábla 3: Achoimre ar Thionscnaimh Eile ar Tugadh Tacaíocht dóibh sa bhliain 2017***

| Achoimre ar Thionscnaimh Eile | Aschur 2017 |
|---|---|
| An Líon Fiontraithe ar tugadh cúnamh dóibh maidir le hiarratas chuig MFI | 8 |
| An Líon Fiontraithe ar tugadh cúnamh dóibh maidir le hiarratas chuig *Smart Option* | 14 |
| An Líon iarratas faoi IBYE 2017 | 31 |
| An Líon Dearbhán Trádála Ar Líne (TOV) a Ceadaíodh | 28 |

**AN FIONTRAÍ ÓG IS FEARR IN ÉIRINN (IBYE)**

Fógraíodh na fiontraíthe óga is fearr de chuid Chill Chainnigh le linn Chraobhchomórtas an Chontae i gcomhair chomórtas 'An Fiontraí Óg is Fearr in Éirinn (IBYE)' Is iad na hOifigí Fiontair Áitiúla a reáchtálann an comórtas sin agus faigheann IBYE tacaíocht ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus ó Fhiontraíocht Éireann. Seo an ceathrú bliain ina bhfuil an comórtas á eagrú agus bhí beagnach 1,500 iarratas ina leith ó áiteanna ar fud na tíre.

# TURASÓIREACHT, LENA nÁIRÍTEAR TACAÍOCHT D'FHÉILTE

Sa bhliain 2017, lean Turasóireacht Chill Chainnigh d'infheistíocht a dhéanamh i bpróifíl Chill Chainnigh mar cheann scríbe Cultúir, Dearthóireachta agus Oidhreachta agus rinneadh athnuachan leanúnach ar nithe a bhí á dtairiscint, mar aon le forbairt a dhéanamh ar eispéiris do chuairteoirí. I measc na bpríomhghníomhaíochta a bhí ann sa bhliain 2017, áiríodh an méid seo a leanas:



Lainseáil #tastekilkenny i mBealtaine 2017

- Straitéis Turasóireaschta 5 bliana (2017-2022) a ghlacadh chun forbairt a dhéanamh ae chur chuige "**Cill Chainnigh Amháin**" a fhorbairt i leith forbairt turasóireachta.
- Sainmheitheal a chruthú i gComhairle Contae Chill Chainnigh chun freastal ar riachtanais na hearnála agus an clár oibre a chur chun cinn
- An t-imeacht líonrúcháin is iomráití ar domhan le haghaidh scríbhneoirí agus eagarthóirí i réimse an taistil a óstáil - '*Travel Classics International Writers Conference 2017*' - ar lena linn a tugadh eagarthóirí le chéile ó fhoilseacháin ardphróifíle, lena n-áirítear Condé Nast Traveller, National Geographic Traveller agus Harper's Bazaar, ar foilseácháin iad sin a bhfuil 87 milliún léitheoirí acu san iomlán
- Measúnacht a dhéanamh i leith Féilte agus Deontais Imeachtaí lena ngabhann luach €105,000.
- Seoladh oscailt oifigiúil Mhúsaem na Míle Meánaoisí i mí Aibreáin agus bhí an tAire Patrick O'Donovan, Aire Stáit Turasóireachta, i láthair chun an oscailt a dhéanamh
- Lainseáil láithreán gréasáin #tastekilkenny - An Oifig Fiontair Áitiúil a bhunaigh an tionscnamh seo ar dtús agus is é atá in #tastekilkenny ná tionscnamh margaíochta comhpháirteach do tháirgeoirí bia atá lonnaithe i gCill Chainnigh. D'oibrigh Turasóireacht Chill Chainnigh le #tastekilkenny chun láithreán gréasáin nua a lainseáil, ar láithreán é ina bhfuil físeáin agus íomhánna ar fáil agus trína ndéantar aird a tharraingt ar cheardaíocht i gCill Chainnigh.
- Rinneadh taispeántais nua ina dtugtar spléachadh ar an turas bia 'ó shíol go súimín' (*pip to sip*) agus 'ón ngort go dtí an forc' (*field to fork*) a choimisiúnú do #tastekilkenny inar áiríodh fís-tacaíocht ó chaiféanna agus ó chócairí réalta Michelin agus, chomh maith leis sin, tá sraith bhríomhar úrnua íomhánna ann.
- Fostaíonn Turasóireacht Chill Chainnigh saineolaithe gairmiúla chun cabhair a thabhairt i ndáil le margaíocht agus le pleananna caidreamh poiblí ar fud na bliana. Bhí feidhmíocht an-mhaith ann arís i dtaca leis an bhféilire imeachtaí de; bhí tinreamh níos airde ann ag na himeachtaí agus mheall Féile Bhia 2017 - Savour Kilkenny - 25,000 cuairteoir go Cill Chainnigh.
- Bhí féile Nollag Chill Chainnigh, Yulefest, i rith mhí na Nollag, níos mó ná mar a bhí anuraidh agus tá an fhéile seo i measc na bhféilte is fearr le daoine, agus, ina theannta sin, tá Bainisteoir Féile nua ann, mar aon le líonra tacaíochta.
- Leanann féilte amhail Féile Ealaíon Chill Chainnigh, *Kilkenomics* agus *Subtitle Film Festival* de bheith ag mealladh líon cuairteoirí níos mó ná riamh.
- Chuir Turasóireacht Chill Chainnigh taispeántais ar siúl ag WTM London, ag seó trádála Bheirlín, ag *Bloom in the Park*, ag *Holiday world Dublin and Belfast*, agus, chomh maith leis sin, ag an *Iverk Show* agus ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Baineadh úsáid as ábhar nua taispeántais chun Cill Chainnigh a chur chun cinn ag roinnt Comhdhálacha, lena n-áirítear an Siompóisiam Seandálaíochta Eorpach, *Ruralia*.
- I gcomhar le FBD Insurance, d'ainmnigh RAI Cill Chainnigh mar cheann de na trí Cheann Scríbe is fearr do Bheadaithe in Éirinn.
- Le linn Yulefest 2017, rinneadh tuilleadh leathnaithe ar phróifíl Fhéile Nollag Chill Chainnigh. Mar chuid d'imeachtaí na bliana 2017, díríodh ar chomhtháthú pobail trí thionscadal uile-chontae "RÉALTA" agus trí Rith na Míle Meánaoisí a reáchtáil den chéad uair. Seoladh imeachtaí i gCallainn agus i gCaisleán an Chomair mar chuid den cheiliúradh agus bhí imeachtaí ar siúl i gCathair Chill Chainnigh freisin. Mar



thoradh ar chlár iomlán imeachtaí ilghnéitheacha bhí na sráideanna an ghnóthach le linn na dtréimhsí deireadh seachtaine i mí na Nollag. Ceann de bhuaicphointí Yulefest 2017 ab ea an Lucht Croite Bratach, as Flórans san Iodáil,

a chuir siamsaíocht ar fáil ar fud Chill Chainnigh le linn an chéad deireadh seachtaine den fhéile. Baineann an fhéile le Cill Chainnigh a chur chun cinn mar cheann scríbe séasúrach agus le forbairt a dhéanamh ar imeachtaí comhtháthaithe pobail. Cuireadh tús le láithreán gréasáin Yulefest sa bhliain 2017 agus d'ardaigh sé sin próifíl na féile ar bhonn réigiúnach agus ar bhonn náisiúnta agus tharraing imeachtaí uilechuimsitheacha aird gach duine den phobal áitiúil. Sa bhliain 2017, d'éirigh le cuspóirí chur chun cinn Chill Chainnigh agus le himeachtaí uilechuimsitheacha do theaghlaigh agus do phobail agus leanfar de sin sa bhliain 2018.

# SEIRBHÍSÍ TRÉIDLIACHTA

Bainistíonn an tSeirbhís Tréidliachta an conradh seirbhíse um shábháilteacht bhia idir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (an FSAI) agus Comhairle Contae Chill Chainnigh, ina n-áirítear freagracht i ndáil le Rannóg Sábháilteachta Bia na Seirbhíse Tréidliachta Údaráis Áitiúil i gceantar Cheatharlach. I measc na bhfeidhmeanna sláinte poiblí tréidliachta agus leasa ainmhithe, áirítear rialú/rialáil oifigiúil a dhéanamh ar sheamlais bheaga agus mheánmhéide agus i ngléasraí beaga próiseála feola, agus rialáil a dhéanamh ar ghléasraí beaga mharaithe éanlaithe clóis a sholáthar (lena n-áirítear marú éanlaithe clóis ar an bhfeirm i.e. marú séasúrach etc).

Ní mór scrúdú Roimh Bhás agus scrúdú Iarbháis a dhéanamh ar gach ainmhí a mharaítear, le haghaidh bia do dhaoine, in áitreabh atá ceadaithe faoin reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí bia. Ní mór Córas Bainistíochta Sábháilteachta Bia a bheith ann i ngach áitreabh a ndéantar maoirseacht air faoin reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí bia i.e. córas atá bunaithe go ginearálta ar phrionsabail na hAnailíse Guaise agus Phointí Rialúcháin Criticiúla (HACCP), agus, mar réamhriachtanas, ní mór clár a bheith ann ina n-áirítear inrianaitheacht agus aistarraingt, glanadh agus sláintíocht, rialú lotnaidí etc. Déantar cigireachtaí agus iniúchtaí, ar bhonn riosca, ar áitribh mhaoirsithe chun comhlíonadh na reachtaíochta a fhíorú. Glactar samplaí mar chuid de Phleananna Náisiúnta Samplála Rialaithí agus, uaireanta, mar chuid d'imscrúduithe. Tá Oifigeach Tréidliachta an Chontae rannnpháirteach i bpleanáil idirghníomhaireachta ar leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal náisiúnta.

- Sa bhliain 2017, mharaigh Seamlais Cheadaithe atá faoi mhaoirseacht na seirbhíse 5,712 Bhó, 16,404 Chaora agus 138,623 Éan clóis agus 5,000 Turcaí.
- Bhí 20 Gnó Bia á maoirsiú ag an tseirbhís sa bhliain 2017.
- Glacadh 27 Sampla Iarmhair mar chuid den Phlean Náisiúnta Rialaithe Iarmhair.
- Glacadh 61 sampla, idir Mhailíneachtaí Feola agus Shamplaí Uisce, mar Rialuithe Oifigiúla.
- Rinneadh 227 gCigireacht Sláinteachais (seachas Cigireachtaí AM/PM) in áitribh bhia atá faoi mhaoirseacht na seirbhíse.

Is ceart a lua go mbíonn comhairliúcháin leanúnacha ar siúl le gnóthaí nua bia agus, uaireanta, le gnóthaí bia atá á maoirsiú cheana féin agus a bhfuil pleananna acu maidir le leathnú an ghnó. Sna cásanna sin, déantar na riachtanais rialála faoin reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí bia a phlé leis na gnóthaí agus atreoraítear iad go minic chuig gníomhaireachtaí ábhartha eile stáit má bhíonn tacaíochtaí eile de dhíth orthu e.g. meantóireacht gnó ón Oifig Fiontair Áitiúil etc. Sa bhliain 2017, bhí comhairliúcháin ag an Seirbhís Tréidliachta le 3 ghnó bheaga bia ar theastaigh uathu gnóthaí nua a oscailt nó leathnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí reatha.

**Rialú Madraí**
I gcomhar le Seirbhís na Maor Madraí, tá an tSeirbhís Tréidliachta rannpháirteach i gcur i bhfeidhm an Achta um Rialú Madraí 1986, arna leasú, agus an Achta um Bunachais Pórúcháin Madraí 2010.

- Sa bhliain 2017, cheadúnaigh Seirbhís na Maor Madraí 5,416 mhadra aonair, agus rinneadh obair i ndáil le 4 cheadúnas madra de chineál ginearálta agus de chineál saoil.
- Ar an 31 Nollaig, 2017, bhí 17 n-áitreabh cláraithe ar Chlár na mBunachas Pórúcháin Madraí (DBE). Cuireadh 20 cigireacht DBE i gcrích sa bhliain 2017.

Tá Coiste Comhairliúcháin ann maidir le Madraí a Athlonnú agus Leas Madraí, ar coiste ildisciplíneach é ar a bhfuil Ionadaithe Tofa, Oifigigh Chomhairle de chuid Cheatharlach agus Chill Chainnigh, lena n-áirítear Oifigeach Tréidliachta an Chontae, ionadaithe ó eagraíochtaí Leasa

Ainmhithe agus ón IFA.  Díríonn an coiste ar an líon is mó madraí agus is féidir a athlonnú agus ar chúnamh a thabhairt i ndáil le caighdeáin leasa madraí a chothú sa Dídean do Mhadraí. Sa bhliain 2017, 90% a bhí sa ráta athlonnaithe madraí ón Dídean do Mhadraí.

**Oibreacha Uasghrádaithe ar an Dídean do Mhadraí i mBaile Póil**



Rinneadh na hoibreacha méadaithe ar Dhídean Madraí Cheatharlach/Chill Chainnigh sa Gharraí Dubh, Baile Phóil, a chur i gcrích i mBealtaine 2017. D'áirigh an t-uasghrádú tógáil saoráide nua ina bhfuil cúig chonchró breise, agus iad inslithe agus aeraithe go hiomlán, áit inar féidir leis na madraí gluaiseacht gan bhac idir limistéar laistigh den chonchró agus limistéar lasmuigh de. Tá cistin agus limistéar ullmhaithe bia ann sa tsaoráid, mar aon le córas téite infridhearg den scoth. Tá cóiríocht ann i ngach aonad do 1 mhadra mór nó do 2 nó 3 mhadra bheaga. Tá limistéar aclaíochta ann freisin san aonad leithlisithe, mar aon le limistéar aclaíochta nua ina bhfuil ardán traenála le go mbeidh deis aclaíochta agus áineasa ag madraí atá á gcoinneáil san aonad.

Táthar buíoch den tacaíocht a fhaightear ón gCoiste Comhairliúcháin Madraí i leith deimhin a dhéanamh de gurb ábhar an-tábhachtach é leas na n-ainmhithe sa dídean agus go bhfaigheann siad an deis is fearr agus is féidir ó thaobh athlonnú de.





**Oifig Uiscí & Phobail an Údaráis Áitiúil (LAWCO)**
Sa bhliain 2017, bhí rath ar Chomhairlí Contae Chill Chainnigh agus Thiobraid Árann, agus iad ag feidhmiú go comhpháirteach mar LAWCO, maidir lena dtairiscint chun bheith ina gcomh-Údaráis Áitiúla cheannais le haghaidh na n-acmhainní breise foirne Údaráis Áitiúil chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean maidir le Bainistíocht Abhantraí. Tá tús curtha le hearcú meithle lárnaí ina mbeidh 35 ball foirne eolaíochta a bheidh lonnaithe i 10 n-oifig údaráis áitiúil ar fud an chontae, lena n-áirítear na hoifigí i gComhairle Contae Chill Chainnigh. Oibreoidh siad faoi na Coistí Réigiúnacha Bainistíochta Uisce agus Comhshaoil a cuireadh ar bun sa bhliain 2016. Tá cláir oibre do na baill nua foirne eolaíochta á n-ullmhú ag na 5 Choiste. Áirítear roinnt dobharlach sna cláir, ar dobharlaigh iad atá suite i Limistéir nach mór Gníomhaíochtaí a chur i gcrích maidir leo agus déanfaidh na meithleacha nua measúnú orthu sin agus déanfar bearta a mholadh ina leith chun cabhrú leo a gcuid oibleagáidí comhshaoil a chomhlíonadh faoin gCreat-Treoir maidir le hUisce. Tabharfaidh an fhoireann tacaíocht agus comhairle ansin dóibh siúd a mbeidh sé de chúram orthu na bearta sin a chur i bhfeidhm.

Ina theannta sin, lean an dá údarás áitiúla dá ról mar chomh-Údaráis Áitiúla cheannais i leith Oifig Uiscí & Phobail an Údaráis Áitiúil (LAWCO). Tá 3 comhordaitheoirí réigiúnacha ag an oifig, mar aon le 3 ball foirne tacaíochta agus 12 oifigeach uisce pobail, lena n-áirítear duine amháin atá lonnaithe i gComhairle Contae Chill Chainnigh chun fónamh do réigiún an Oirdheiscirt.

**Oifigeach Uisce Pobail LAWCO**



Sa bhliain 2017, d'oibrigh an tOifigeach Uisce Pobail, atá lonnaithe i gCill Chainnigh, le pobail áitiúla chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Bainistíochta Abhantraí (RBMP). I measc na dtionscadal ar leith atá ann, áirítear oibriú le LEADER ar thionscadal Fhís na Feoire trína bhfuil breithniú á dhéanamh i dtaobh cur chuige iomlánaíoch i leith bainistíocht abhantraí feadh na Feoire, freastal ar Sheó Iverk i mBaile an Phoill agus ar na geallta báid ar an mBearú i nGráig na Manach, agus oibriú le Grúpa Pobail Iontaobhas Bhaile Mhic Andáin le haghaidh Lá Domhanda na nAibhneacha ar an bhFeoir. Mar thoradh ar maoiniúchán deontais, bhí Glantachán Abhann an-rathúil ann ar an mBearú i mí Mheán Fómhair. Tarraingíodh buidéil fholmha alcóil, cannaí, buidéil phlaisteacha, cóin tráchta, rothar agus tríróthach amach as an abhainn agus ó bhruach na habhann.



Gníomhaíocht ar leith de chuid na bliana 2017 ab ea Ionchur an Phobail a fháil le haghaidh an dréacht-RPMP. Bhí sraith cruinnithe comhairliúcháin phoiblí ann ar fud an Chontae, is é sin, i gCathair Chill Chainnigh, i mBéal Átha Ragad, i Móin Choinn, i mBaile Mhic Andáin agus i nGráig na Manach. Imeachtaí de chineál Chruinnithe Halla an Bhaile a bhí i gceist leo sin agus, lena linn, fiafraíodh den lucht freastail "Cad a chiallaíonn an Abhainn Áitiúil daoibh?" Seoladh na cruinnithe idir Aibreán agus Iúil agus glacadh le haighneachtaí maidir leis an RBMP ó dhaoine a bhí i láthair. Reáchtáladh dara babhta de

rannpháirteachas agus aiseolas idir Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2017 chun tuairisc a thabhairt do Chomhaltaí Tofa agus do dhaoine den phobal maidir leis na 16 Réimse Gníomhaíochta i gCill Chainnigh atá molta i leith aghaidh a thabhairt orthu i dTimthriall 2.

I gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Oidhreachta, lainseáil LAWCO an Lá Oidhreachta Uisce Dé Domhnaigh an 27 Lúnasa mar chuid den tSeachtain Oidhreachta. Ba é a bhí sa phríomhimeacht i gCill Chainnigh an lá sin ná Imeacht Bithéagsúlachta Abhann 'Siúl agus Scríobh' feadh chláir thumadóireachta na Bearú ar na Céanna i nGráig na Manach. Ba é Shane Casey, oifigeach bithéagsúlachta agus údar leabhar leanaí, a bhí i gceannas ar an imeacht.



An Stiúrthóireacht Airgeadais, Faisnéise Teicneolaíochta & Saoráidí

# Airgeadas

# Seirbhísí agus Earraí

# Teicneolaíochta Faisnéise a Fháil

# Tionscadail Speisialta



# AIRGEADAS

Tá freagracht ar an Roinn Airgeadais i ndáil le rialú foriomlán agus bainistíocht a dhéanamh ar airgeadas na Comhairle. Is iad na príomhsheirbhísí a sholáthraítear faoin stiúrthóireacht seo Pleanáil agus Rialú Airgeadais, Bailiú Ioncaim, Bainistíocht Chisteáin, Bainistíocht Mhaoine agus Mótarchánachas.

**Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais**
Sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, tugtar achoimre ar an gcaiteachas ar na seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle ó lá go lá agus tugtar mionsonraí faoi conas a mhaoinítear an caiteachas sin [*Aguisín 2*]. Bhí barrachas €5.431 ann don bhliain, rud a d’fhág go raibh barrachas carnach €10,661 ann ar an 31 Nollaig 2017. Rinneadh dianrialuithe buiséadacha a choimeád ar bun i ndáil leis an mbuiséad caiteachais iomlán ina raibh suim €75.2 milliún.

**Socruithe maidir le Maoiniúchán do Thionscadail Chaipitiúla**
Ba é a bhí i gcostas iomlán na dtionscadal caipitiúil a cuireadh i gcrích faoin gClár Caipitiúil sa bhliain 2017 ná €38.9m agus Tionscadail Tithíochta & Bóithre a bhí i gceist le 85% den chaiteachas sin. Amhail ar an 31 Nollaig 2017, ba é a bhí sna gealltanais nach bhfuil íocaíocht déanta ina leith fós i leith tionscadail chaipitiúla a cuireadh i gcrích ná €12m. Déantar socrú sa bhuiséad bliantúil maidir le haisíoc an ghealltanais sin thar thréimhse 8 mbliana.

I mí an Mheithimh 2017, ghlac an Chomhairle buiséad caipitiúil don tréimhse trí bliana ó 2017 go 2019. Sa bhuiséad sin, leagtar amach costas measta na dtionscadal caipitiúil atá á mbreithniú, mar aon leis na foinsí gaolmhara maoiniúcháin.

Ní féidir leis an gComhairle aon tionscadail chaipitiúla a thionscnamh mura bhfuil foinse mhaoiniúcháin ann ina leith.

**An Clár Comhardaithe ar an 31 Nollaig 2017**
Bhí clár comhardaithe measartha láidir ag an gComhairle amhail ar an 31 Nollaig 2017. Ní raibh gá le haon mhaoiniúchán iasachta breise neamh-mhorgáiste ach tá laghdú €4.4m déanta ar an nglanmhéid airgid thirim ar láimh go dtí €10.4m amhail ar an 31 Nollaig 2017.

Níor baineadh úsáid as an tsaoráid rótharraingthe i rith na bliana.

Rinneadh tuilleadh dul chun cinn sa bhliain 2017 maidir le laghdú a dhéanamh ar riaráistí ioncaim. Tá na rátaí bailithe le roinnt blianta anuas le haghaidh na bpríomhchatagóirí ioncaim leagtha amach i dTábla 1.

| **TÁBLA 1** | **Bailiúchán %** | **Bailiúchán %** | **Bailiúchán %** | **Bailiúchán %** |
|---|---|---|---|---|
| | **2014** | **2015** | **2016** | **2017** |
| Rátaí Tráchtála | 89 | 92 | 94 | 95 |
| Cíosanna & Taitneamhachtaí | 92 | 92 | 93 | 92 |
| Iasachtaí Tithíochta | 77 | 82 | 80 | 85 |

Tá na rátaí bailithe sin i measc na rátaí is airde dá bhfuil ann sa tír Tá laghdú beagnach €2.2m déantar ar na riaráistí iomlána thar an tréimhse seo.

Is é a bhí sna hiasachtaí bainc iomlána (gan iasachtaí a bhaineann le tithíocht a áireamh) nach raibh íoctha amhail ar an 31 Nollaig 2017, ná
€12.9m.

# TÁBLA AIRGEADAIS

| Caiteachas de réir Rannáin | Nóta | Ollchaiteachas 2017 € | Ioncam 2017 € | Glanchaiteachas 2017 € | Glanchaiteachas 2016 € |
|---|---|---|---|---|---|
| Tithíocht & Foirgníocht | | 17,851,361 | 18,474,030 | 622,669 | 534,122 |
| Bóithre, Iompar & Sábháilteacht | | 19,912,758 | 14,435,413 | 5,477,345 | 5,348,547 |
| Seirbhísí Uisce | | 6,600,372 | 6,626,229 | 25,857 | 93,573 |
| Bainistíocht Forbartha | | 8,067,815 | 3,308,889 | 4,758,926 | 4,278,716 |
| Seirbhísí Comhshaoil | | 9,453,985 | 1,994,972 | 7,459,012 | 7,404,745 |
| Áineas & Taitneamhacht | | 5,549,089 | 390,480 | 5,158,609 | 4,941,377 |
| Talmhaíocht. Oideachas, Sláinte & Leas | | 645,358 | 475,804 | 169,554 | 207,314 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | | 7,160,640 | 3,509,083 | 3,651,557 | 4,119,468 |
| **Caiteachas/Ioncam Iomlán** | 15 | **75,241,377** | **49,214,900** | | |
| Glanchostas an Rannáin le maoiniú as Rátaí agus Cáin Mhaoine Áitiúil | | | | 26,026,477 | 26,927,861 |
| Rátaí | | | | 19,408,708 | 18,980,383 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | | | 10,673,913 | 9,621,663 |
| Asbhaint a bhaineann le Pinsin | | | | - | 942,095 |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistriú** | | | | **4,056,143** | **2,616,280** |
| **Aistrithe ó Chúlchistí/go Cúlchistí** | **14** | | | **4,050,712** | **2,592,816** |
| **Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain** | **16** | | | **5,431** | **23,464** |
| **Cúlchiste Ginearálta ar an 1 Eanáir** | | | | 5,231 | 18,233 |
| **Cúlchiste Ginearálta ar an 31 Nollaig** | | | | **10,661** | **5,231** |

# TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

Tá Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh tiomanta i leith córais faisnéise a úsáid chun leathnú agus méadú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar cháilíocht na seirbhísí a sholáthraítear don phobal. Féachann an Roinn Seirbhísí Faisnéise i ndiaidh riachtanais na gCóras Faisnéise sa Chomhairle Contae agus i Leabharlann an Chontae.

I measc an méid a baineadh amach sa bhliain 2017, áirítear an méid seo a leanas:

- Rinneadh próiseas fála córais nua teileafóin a chur i gcrích.
- Leathnaíodh úsáid feistí soghluaiste.
- Leathnaíodh an líonra chun an oifig PPN a chur san áireamh.
- Críochnaíodh uasghrádú Chóras Áirithinte PC-anna Poiblí na Leabharlainne.
- Rinneadh ábhar breise a chur le láithreáin ghréasáin éagsúla de chuid an údaráis áitiúil agus rinneadh uasghráduithe orthu.
- Rinneadh forbairt ar Chartlann Dhigiteach Chill Chainnigh thar ceann na Seirbhíse Leabharlainne.
- Uasdátaithe leanúnacha ar fhreastalaithe agus ar PC-anna chun slándáil an líonra a choimeád ar bun.
- Rinneadh comhoibriú maidir le forbairt Feidhmchlár Bainistíochta Tionscadail Sláinte agus Sábháilteachta agus Bainistíochta Doiciméad.
- Rinneadh CRM a chur i bhfeidhm agus a chumrú trí úsáid a bhaint as MS Dynamics 365.
- Bainistíocht leanúnach ar Mheáin Shóisialta, lena n-áirítear freagairt ar na meáin shóisialta i leith teagmhas stoirme.
- Cuireadh tús le tionscadal aistrithe chuig fearann nua.
- Cuireadh córais nua WebPay (Íocaíochtaí Ar-Líne) agus IVR (Íocaíochtaí Uathoibrithe Teileafóin) i bhfeidhm.
- Rinneadh uasghrádú chuig leagan nua de Chóras HR/Párolla.
- Críochnaíodh an Athluacháil Rátaí inár gCóras Bainistíochta Airgeadais.
- Críochnaíodh obair feistithe IT i Músaem na Míle Meánaoisí.

# SEIRBHÍSÍ AGUS EARRAÍ A FHÁIL

I rith na bliana 2017, rinne an tAonad Fála Seirbhísí agus Earraí formhaoirseacht ar na nithe seo a leanas:

- Fógairt 26 Thairiscint ar thairseach fála eTenders.
- 51 fhógra faoi Mhiontairiscintí agus Luachana ar thairseach SupplyGov.
- Athbhreithniú ar Nósanna Imeachta maidir le Seirbhísí agus Earraí a Fháil
- Tabhairt isteach doiciméad simplithe maidir le tairiscintí faoi bhun na tairsí

## BUAICPHOINTÍ I LEITH FÁIL SEIRBHÍSÍ AGUS EARRAÍ

***Ceathrú Chruthaitheach na Mainistreach - láithreán Diageo***

- Fuarthas sainchomhairleoir chun Seirbhísí Maoine a sholáthar.
- Fuarthas Sainchomhairleoireacht le haghaidh Seirbhísí Seandálaíochta agus seirbhísí tástála.
- Fuarthas Meitheal Dearthóireachta faoi cheannas Ailtire chun Athfheistiú a dhéanamh ar Fhoirgneamh Mayfair.

***Seirbhísí Corparáideacha***

- Fuarthas Meitheal Dearthóireachta, lena n-áirítear Ailtire Caomhantais, chun Athchóiriú a dhéanamh ar Tholsel/Halla na Cathrach.

***Pobal agus Fiontraíocht***

- Fuarthas Soláthróir Seirbhíse le haghaidh an Chláir Gníomhachaithe Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Pobail (SICAP).
- Fuarthas Soláthróir Seirbhíse le haghaidh Chláir Athlonnaithe Dídeanaithe Chill Chainnigh.
- An Oifig Fiontair Áitiúil - fuarthas Painéal Seirbhísí Meantóireachta go ceann tréimhse 3 bliana.

***Seirbhísí Dóiteáin***

- Fuarthas conraitheoir i leith thógáil an Stáisiúin Dóiteáin nua i nGráig na Manach.

***Tithíocht - Teicniúil***

- Fuarthas Meithleacha faoi cheannas Ailtirí i gcomhair Dhearadh na bhForbairtí Tithíochta Sóisialta nua i mBéal Átha Ragad, i mBaile an Phoill agus i gCnoc an Chrócaraigh trí úsáid a bhaint as Creat Seirbhísí Gairmiúla OGP.

***Ceantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh***

- Fuarthas conraitheoir i leith bacainní páirceála gluaisteáin a athsholáthar i 3 charrchlós i gCathair Chill Chainnigh.

***Bóithre***

- Fuarthas conraitheoirí i leith scéimeanna éagsúla forleagain agus iarfheistithe Soilsiúcháin Phoiblí ar Shráideanna agus i leith Scéim Feabhsaithe Bhóthar Challainn N76.

# TIONSCADAIL SPEISIALTA

**SCÉIMEANNA FAOIN gCISTE GNÍOMHACHTAITHE BONNEAGAIR ÁITIÚIL TITHÍOCHTA (LIHAF)**

I mí Dheireadh Fómhair 2016, chuir an Chomhairle iarratas faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar mhaoiniúchán chun dhá thionscadal a chur i gcrích, mar atá, Bonneagar Cheantar Thiar Chill Chainnigh agus Páirc Áineasa Phort an Chalaidh, faoin gCiste Gníomhachtaithe Bonneagair Áitiúil Tithíochta. D'éirigh leis an iarratas sin agus, i mí an Mhárta 2017, bronnadh maoiniúchán deontais €5,070,000 le haghaidh an Cheantair Thiar agus €350,000 le haghaidh Phort an Chalaigh, faoi seach, chun bonneagar a sholáthar.

**Céim 1 de Scéim Bhonneagair Cheantar Thiar Chill Chainnigh**
*(Costas measta iomlán €10.94 milliún)*
Cuimsíonn an bonneagar atá ag teastáil chun fáil réidh leis an gconstaic bhonneagair chun forbairt Cheantar Thiar Chathair Chill Chainnigh a chumasú na gnéithe seo a leanas:

- Timpeallán a thógáil ar Bhóthar Challainn N76 san áit a dtrasnaíonn sé bóthar dáileacháin an Cheantair Thiar mar atá beartaithe.
- Fad 1.3km de bhóthar dáileacháin an Cheantair Thiar, a nascfaidh N76 leis an gCuarbhóthar atá ann cheana ag acomhal Chnoc Riobaird agus uasghrádú an Chuarbhóthair atá ann cheana féin ó Chnoc Riobaird go dtí Bóthar Chill Mhanach R695.
- Timpeallán a thógáil ar an R695, Bóthar Chill Manach, ag an áit atá beartaithe mar áit a dtrasnaíonn an bóthar sin bóthar dáileacháin an Cheantair Thiar.
- Fad 1.3km d'uasghrádú R695, Bóthar Chill Manach, ón áit atá beartaithe mar áit a dtrasnaíonn an bóthar sin bóthar dáileacháin an Cheantair Thiar an bóthar sin ó thuaidh ó theorainn thiar lorg an Cheantair Thiar.
- Páirc Líneach a Sholáthar.

Rinneadh dul chun cinn maidir leis an dearadh mionsonraithe agus maidir le ullmhú conartha i rith na bliana 2017 agus cuireadh tús le caibidlíochtaí leis na húinéirí talún lena mbaineann. Ceaptar fo ndéanfar an conradh chun an bonneagar bóthair a thógáil a bhronnadh i R2 2018 agus go gcuirfear tús leis na hoibreacha go gairid ina dhiaidh sin.

**Páirc Áineasa Phort an Chalaidh (Costas Measta Iomlán 0.624 milliún)**
Is é atá sa togra seo ná Páirc Chomharsanachta in Aylesbury, i bPort an Chalaidh, Contae Chill Chainnigh. Tá iarmhéid an mhaoiniúcháin don scéim seo á chur ar fáil go comhpháirteach ag Comhairle Contae Chill Chainnigh agus ag Comhairle Contae Phort Láirge. Beidh an méid seo a leanas ann mar chuid den Pháirc:

- Tírdhreachú agus Plandú;
- Cosáin, suíocháin agus soilsiúchán nua;
- Carrchlós;
- Áit Súgartha do Leanaí;
- Faiche Imeartha.

Cheannaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh láithreán 2.1 heicteár don tionscadal seo sa bhliain 2014. Fuarthas cead pleanála don scéim seo faoi Chuid 8 i Meán Fómhair 2017. Ceaptar go rachaidh an tionscadal seo ar aghaidh chuig céim na tógála sa bhliain 2018.

**CEATHRÚ NA MAINISTREACH**
Tar éis do Chomhairle Contae Chill Chainnigh seilbh a fháil ar shean-Ghrúdlann Smithwick's i mí na Samhna 2016, leanadh den obair a bhaineann le cur i bhfeidhm Mháistirphlean Cheathrú Chruthaitheach na Mainistreach sa bhliain 2017.

Abbey Quarter

Tá Comhpháirtíocht déanta ag Comhairle Contae Chill Chainnigh le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, trí Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann, chun forbairt a dhéanamh ar 6 phlásán forbartha ar Láithreán Cheathrú na Mainistreach. Tugtar *Kilkenny Abbey Quarter Development Ltd* ar an gcomhpháirtíocht sin agus cheap sí Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i mBealtaine 2017. Ina theannta sin, ceapadh Gníomhairí Maoine, Lisney, sa bhliain 2017 agus tá tús curtha acu le margú na forbartha beartaithe i measc tionóntaí ionchasacha. Chun margú na forbartha beartaithe a éascú, táthar tar éis brandáil a ullmhú lena n-áirítear an lógó seo a leanas a bheidh le

feiceáil ar an ábhar margaíochta go léir, lena n-áirítear cláir fógraíochta atá curtha in airde ar an láithreán.

Sa bhliain 2017, rinneadh dul chun maidir le roinnt tionscadal sonrach laistigh de Cheathrú na Mainistreach. Tá obair shuntasach déanta ar dhearadh mionsonraithe **Fhoirgneamh na Grúdlainne**. Chuathas i mbun oibreacha imscrúdaithe



lena n-áirítear Imscrúdú Láithreáin, Oscailt Struchtúrach agus oibreacha tástála ábhair, tochailtí tástála seandálaíochta agus suirbhéireacht mhionsonraithe ar an bhfoirgneamh sa bhliain 2017. Tar éis athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar mhionsonraí an déanmhais atá ann faoi láthair, agus tar éis ionchr a fháil ó na gníomhairí maoine, rinneadh roinnt modhnuithe ar an dearadh bunaidh a bhí beartaithe d’fhoirgneamh nuachóirithe na Grúdlainne. Cé nár measadh go raibh aon cheann ar leith de na hathruithe suntasach ann féin, tar éis cineál carnach na n-athruithe a bhí beartaithe a bhreithniú, agus ar chomhairle ón údarás pleanála, cinneadh dul i mbun comhairliúchán poiblí eile i leith na forbartha beartaithe agus sin a dhéanamh ar mhodh comhairliúchán pleanála Chuid VIII. Tar éis an chomhairliúcháin phoiblí sin, cheadaigh na comhaltaí tofa mionsonraí phleanáil athbhreithnithe Chuid VIII ag cruinniú Chomhairle Contae Chill Chainnigh i mí na Nollag. Ceaptar go ndéanfar tógáil na forbartha beartaithe a thosú sa bhliain 2018.



Rinneadh dul chun cinn sa bhliain 2017 freisin maidir le dearadh mionsonraithe **Fhoirgneamh Mayfair**. Rinneadh na méaduithe *ad hoc* ar an bhfoirgneamh a scartáil sa bhliain 2017, rud a d’éascaigh imscrúdú láithreáin agus tochailtí tástála seandálaíochta. Ina theannta sin, rinneadh tástáil struchtúrach agus oibreacha oscailte sa bhliain 2017. Ceaptar go ndéanfar tógáil na forbartha beartaithe a thosú sa bhliain 2018 freisin.

Cé go mbeidh freagracht ar an gComhpháirtíocht idir Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i ndáil le forbairt na bhfoirgneamh seo, beidh freagracht ar Chomhairle Contae Chill Chainnigh i ndáil le forbairt na limistéar fairsing poiblí atá ann thart ar an láithreán. Áireoidh sé sin na limistéir phoiblí a bhaineann le foirgneamh na Grúdlainne (lena n-áirítear Lána Bheairic an Mharcshlua) agus le Foirgneamh Mayfair. Rinneadh dul chun cinn maidir le dearadh na limistéar sin sa bhliain 2017 chomh maith le dul chun cinn a dhéanamh maidir le dearadh na bhfoirgneamh.


Rinneadh Tochailtí Tástála Seandálaíochta ar **Thionscadal beartaithe an Ghairdín Cois Abhann** a chríochnú sa bhliain 2017 agus tá dearadh mionsonraithe an tionscadail seo curtha i gcrích. Ceaptar go gcuirfear tús leis na hoibreacha ar an tionscadal seo nuair a bheidh na mionsonraí faoi chúrsaí maoiniúcháin daingnithe. Mar chuid den tionscadal seo freisin beidh limistéar gníomhaíochta allamuigh do dhéagóirí ann ina gcuimseofar páirc scátála. I gcomhar le Comhpháirtíocht Áineasa & Spóirt Chill Chainnigh (KRSP), rinneadh comhairliúchán leis an bpobal déagóirí maidir lena n-ionchais i leith na nithe ba cheart a bheith ann sa spás seo, dar leo. Tar éis an chomhairliúcháin sin, tá sé beartaithe anois leanúint ar aghaidh chuig dearadh mionsonraithe an spáis seo sa bhliain 2018.

De bhreis ar na tionscadail shonracha forbartha a ndearnadh dul chun cinn maidir leo sa bhliain 2017, rinneadh obair shuntasach freisin ar na straitéisí éagsúla a ghabhann le cur i bhfeidhm Mháistirphlean Cheathrú Chruthaitheach na Mainistreach. Áiríonn siad sin ullmhú straitéise le haghaidh Measúnacht Seandálaíochta (atá comhaontaithe leis an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta), Réamhdhearadh i leith na Seirbhísí Fóntais le haghaidh fhorbairt an láithreáin agus ullmhú Critéar Dearthóireachta Uirbí agus Cóid Forbartha le haghaidh na forbartha beartaithe.



Seoladh lá oscailte an-rathúil i mBealtaine 2017 chun ligean do dhaoine den phobal rochtain a fháil ar an láithreán den chéad uair. Bhí earraí cuimhneacháin a bhaineann leis an sean-Ghrúdlann agus le Bálseomra Mayfair ar taispeáint agus sheinn cuid de na seó-bhanna ar

stáitse allamuigh. Mar chuid den ócáid freisin, rinne KCLR craoladh allamuigh inar áiríodh agallaimh le iaroibrithe de chuid na Grúdlainne, le baill na seó-bhannaí agus le daoine a chuaigh chuig damhsaí i mBálseomra Mayfair. Ina theannta sin, d'óstáil an láithreáin taibhiúcháin le linn na Féile Ealaíon trí thaibhiúcháin a eagrú gach oíche de chuid na féile i bhFoirgneamh na Grúdlainne.



Droichead in Inis Tíog, Cill Chainnigh.